% de Shealbhóirí agus/nó Chéilí le post lasmuigh den fheirm	47.2%	36.7%	57.5%	54.0%	52.5%	59.1%	54.3%

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

4 Déantar meán ioncam feirme teaghlaigh a ríomhadh trí chostais na feirme a bhaint (díreacha agus indíreacha) ó luach aschur comhlán na feirme. Is ionann é seo agus an dámhachtain airgeadais do gach bhall den teaghlach atá ag obair ar an bhfeirm, as a gcuid saothair, a mbainistíocht agus a n-infheistíocht. Níl ioncam ó fhoinsí neamhfheirme san áireamh agus ní féidir ionannú a dhéanamh idir é agus ioncam teaghlaigh.

5 Sainmhíniú an SNF feirm lánaimseartha mar fheirm a theastaíonn ar a laghad 0.75 aonad saothair caighdeánach chun feidhmiú, mar a ríomhadh ar bhonn lae an fhir chaidheánaigh. Sainmhíntear feirm pháirtaimseartha mar fheirm a theastaíonn níos lú ná 0.75 aonad saothair caighdeánach uaidh chun feidhmiú. Roinntear feirmeacha idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha ar bhonn an saothair measta mar riachtanach chun a ngó a fheidhmiú ar leith ó obair atá ar fáil atá de bharríocht go minic ar an meid atá ag teastáil. Ní thógtar obair lasmuigh den fheirm san áireamh sa sainmhíniú seo.

58482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061341
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354867	74862382320158	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	871765436357	
320586853687568253	20958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	503843016	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	37964249283	
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	5763754601	

Tábla 2.3 Torthaí de réir na Catagóire Ioncaim Feirme, 2004

	<€6,500	€6,500- €13,000	€13,000- €20,000	€20,000- €25,000	€25,000- €40,000	>€40,000	Iomlán
% d'fheirmeacha léirithe	39.7%	22.3%	10.7%	5.6%	11.0%	10.2%	99.5%
ATÚ	20.4	29.0	39.8	54.5	59.4	75.7	36.3
<b>Ioncam Feirme Teaghlaigh €</b>	<b>1,334</b>	<b>9,557</b>	<b>16,212</b>	<b>22,422</b>	<b>31,613</b>	<b>62,119</b>	<b>15,557</b>
Íocaíochtaí Díreacha €	6,828	11,334	17,017	19,663	23,414	26,855	13,546
<b>Íocaíochtaí Díreacha mar % de IFT</b>	<b>511.8%</b>	<b>118.6%</b>	<b>105.0%</b>	<b>87.7%</b>	<b>74.1%</b>	<b>43.2%</b>	<b>87.1%</b>
Post Lasmuigh den Fheirm, Sealbhóir/Céile	55.2%	47.8%	54.9%	48.4%	55.4%	39.2%	51.5%

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

### Ioncam Feirme Teaghlaigh de réir na Catagóire Ioncaim

I 2004 mheas an SNF go raibh IFT de bhreis is €25,000 ag 21% de na feirmeacha. Bhí ioncam níos lú ná €6,500 ag 40% de na feirmeacha a raibh táirgíú stoc tirim ar siúl acu. Ar 92% de na feirmeacha seo, bhí foinse ioncaim eile ag an bhfeirmeoir agus/nó ag a chéile, bíodh gur ó fhostaíocht lasmuigh den fheirm nó ó phinsean nó ó chúnamh sóisialach a bhí sé.


### Ioncam Feirme Teaghlaigh in aghaidh an Heicteáir

Léiríonn Figiúr 2.6 an IFT in aghaidh an heicteáir de réir córais feirme i 2003 agus 2004. Bhí an t-ioncam is airde ó na córais déiríochta, rud a léirigh méadú ó 2003 chomh maith. Tugadh isteach an phréimh dhéiríochta i 2004 chun cúiteamh a dhéanamh ar son na laghdúithe aontaithe chun tacú le praghsanna bainne.

### Fostaíocht Lasmuigh den Fheirm agus Ioncam Feirme Teaghlaigh

I gcás feirmeoirí le poist lasmuigh den fheirm<sup>6</sup> bhí meán ioncam lasmuigh den fheirm de €21,200 acu, chomh maith le hioncam feirme de €7,700. Ach déanann na figiúirí seo meastachán

Figiúr 2.6 Ioncam Feirme Teaghlaigh in aghaidh an Heicteáir, 2003-2004



Caibidil 2 – Ioncaim Fheirme Agus Bochtaineacht Tuaithe

Tábla 2.4 Meastachán de Fhostaíocht Lasmuigh den Fheirm ag an bhFeirmeoir Amháin, 2004<sup>7</sup>

	Uimhir Samplach	% den Daonra	Meán Ioncam Lasmuigh den Fheirm	Ioncam Feirme	Ioncam (Lasmuigh de agus ar an bhFeirm)
Tá post agus ioncam lasmuigh den fheirm sainithe ag an bhfeirmeoir					
Gach feirm	271	31	€ 21,200	€7,700	€28,900
Feirmeacha lánaimseartha	71	5	€18,100	€20,600	€38,700
Feirmeacha páirtaimseartha	200	26	€21,700	€5,400	€27,100

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

<sup>6</sup> 271 feirmeoir as iomlán de 331 a bhfuil post acu lasmuigh den fheirm.

<sup>7</sup> Deir an SNF gur cheart na figiúirí seo a léamh go cúramach toisc nach bhfuil na sonraí atá mar bhunús leo ró dhaingean. Tá sé seo mar thoradh ar fhadhb na neamhfheagrair agus an chaoi go bhfuarthas an t-eolas ó na comhfheagraithe gan deimhniú cáipéise.

3756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 87486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

ró íseal ar an ioncam teaghlaigh iomlán, mar níl an t-ioncam a thuilleann an céile nó baill eile den teaghlaigh san áireamh, ná aon ioncam a thagann ó leas sóisialach, ó phinsin ná infheistíochtaí.

### Dáileadh Íocaíochtaí Díreacha

Léiríonn Tábla 2.5 meastachán de na meán íocaíochtaí díreacha chuig na feirmeoirí de réir na catagóire ioncaim feirme. Tá na catagóirí ioncaim feirme briste síos de réir deichithe, ón 10% leis an ioncam is ísle chuig an 10% leis an ioncam is airde. Léiríonn na torthaí go ndeachaigh 38% de na híocaíochtaí díreacha chuig an 20% de na feirmeoirí leis an IFT is airde (.i. deichithe 9 agus 10) fad is a bhfuair leath de na feirmeoirí (.i. iad siúd i ndeichithe 1 – 5) 28% d’iomlán na n-íocaíochtaí díreacha.

**Tábla 2.5 Scair d’Íocaíochtaí Díreacha (ÍD) de réir Deichithe d’Ioncam Feirme Teaghlaigh, 2004**

Deichithe do IFT	Meán ÍD in aghaidh na Feirme (€)	% de ÍD Iomlán	Meán ITF (€)
Deichiú 1	7,456	5%	-4,331
Deichiú 2	5,495	4%	853
Deichiú 3	6,165	5%	3,012
Deichiú 4	7,957	6%	5,492
Deichiú 5	10,093	8%	7,668
Deichiú 6	12,270	9%	10,591
Deichiú 7	15,253	11%	14,393
Deichiú 8	19,592	15%	21,564
Deichiú 9	23,823	18%	32,597
Deichiú 10	26,925	20%	62,599
Iomlán	13,485	100%	15,505

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

## 2.5 Ioncam Feirme Teaghlaigh Iomlán

Bhí easnamh sna sonraí faoi ioncam feirme teaghlaigh iomlán le blianta anuas, ach rinne an Suirbhé AE ar Ioncam agus Chúinsí Maireachtála (EU-SILC) 2004 a rinne an CSO, plé mór ar an mbearna shuntasach sna sonraí. Is é bunfhócas an EU-SILC ná eolas a bhailiú ar bhochtaineacht, dhíothacht agus eisiámh sóisialta. I rith 2004, bhain an CSO samplaí ó 5,477 teaghlach, ar líon 520 díobh isteach ceistneoirí feirme.

Agus anailísí á dhéanamh ar na sonraí, ceann de na hábhair bhuairimh is mó a bhí ann ná cibé ar cheart gach teaghlach a líon isteach ceistneoir feirme a rangú mar theaghlaigh feirme.

Is cúis imní í seo, toisc nach bhfaigheann mórán teaghlach feirme ach méid beag dá n-ioncam ón bhfeirmeoireacht. Mar thoradh ar an imní seo, tá dhá chineál anailíse curtha ar fáil ag an CSO, ceann amháin bunaithe ar shainmhíniú leathan ar céard is teaghlach feirme ann agus ceann eile bunaithe ar shainmhíniú cúng. Tá meastachán ar bhochtaineacht choibhneasta agus leanúnach curtha ar fáil ag an CSO freisin, bunaithe ar an dá shainmhíniú.

Ag úsáid sainmhíniú leathan ar theaghlaigh feirme (féach ar Thábla 2.6), déantar sainmhíniú ar theaghlach feirme mar gach teaghlach (iad siúd i gceantair uirbeacha san áireamh) a mbíonn ioncam ón bhfeirmeoireacht acu. Is é an t-ioncam iomlán ó na teaghlaigh seo ná €43,704 nó thart ar 90% de mheán an stáit ag €49,319. Téann siad seo i gcomparáid le hioncam de €55,042 ag teaghlaigh uirbeacha agus €39,644 i dteaghlaigh eile faoin tuath, figiúirí atá mar 112% agus 80% de mheán an stáit faoi seach.

Íocann teaghlaigh feirme leibhéal níos ísle de cháin ioncaim ach bhí níos lú ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh acu, rud a thugann ioncam indiúscartha i measc na dteaghlach feirme go 93% de mheán an stáit. Toisc líon tí níos mó, bhí an t-ioncam iomlán agus indiúscartha in aghaidh an bhaill teaghlaigh níos ísle do theaghlaigh feirme ná mar a bhí sé do na grúpaí teaghlaigh eile.

Tá an chuid den ioncam teaghlaigh atá ag teacht ón bhfeirmeoireacht ag dul i laghad go leanúnach agus gan ach aon trian d’ioncam teaghlaigh ag teacht ó ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, leath de ó fhostaíocht eile agus 16% ó aistrithe stáit.

D’úsáid Suirbhé Buiséid Teaghlaigh an CSO cur chuige níos cúinge chun sainmhíniú a dhéanamh ar theaghlaigh feirme. Déanann sé cur síos ar theaghlach feirme mar theaghlach ina bhfuil ceann an teaghlaigh ina fheirmeoir nó mar fheirmeoir atá scortha ón obair agus go bhfuil ar a laghad feirmeoir amháin eile sa teaghlach. D’fhágfadh an sainmhíniú seo feirmeoirí páirtaimseartha, a bhfuil post mór eile acu agus nach bhfuil ina gcónaí le feirmeoir scortha ón obair, as an áireamh.

Má chuirtear an sainmhíniú níos cúinge seo i bhfeidhm ar shonraí an EU-SILC (féach ar Thábla 2.7), tagann laghdú ar an ioncam feirme teaghlaigh go €39,847 nó 80% de mheán an stáit. Tagann laghdú ar an ioncam indiúscartha chomh maith ach tá sé mar 87% de mheán an stáit.

Leis an gcur chuige seo, is ionann an t-ioncam ón bhfeirmeoireacht agus 45% d’ioncam feirme teaghlaigh iomlán, le 36% de ag teacht ó fhostaíocht eile agus 16% ó aistrithe stáit.

435720438482375624 65276457023185783 75673583459086358 769353567837698379 6424928357354861 74862382320582  
 475603124673665710 270418318263071634 472102376376205641 36063465230943257 537546013467185376 87176543635623  
 320586853687568253 320958482475 12236236458248778127459 43598718957235879 73975119754837583 6036430162  
 535681365172427853 65435720438482375 62465276457023185 78375673583459086 58769353567837698 379642492835  
 657645763120575606 13475603124673665 71027041831826307 63472102376376205 54136063465230943 5763754601347

Tábla 2.6 Ioncam Teaghlaigh agus a Chomhdhéanamh do Theaghlaigh Feirme, Neamhfheirme agus Uirbeacha, bunaithe ar shainmhíniú leathan ar Theaghlaigh Feirme, 2004

	Teaghlaigh Feirme	Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	Stát
% den daonra léirithe	8%	29%	63%	100%
Daoine in aghaidh an teaghlaigh	3.1	2.74	2.97	2.91
	€	€	€	€
Ioncam Feirme	14,382	0	0	1,138
Fostaíocht neamhfheirme	21,692	29,747	44,084	37,819
Ioncam díreach eile	806	745	1,407	1,152
Aistrithe Stáit	6,825	9,151	9,551	9,210
<b>Ioncam Comhlán</b>	<b>43,704</b>	<b>39,644</b>	<b>55,042</b>	<b>49,319</b>
Lúide cáin agus ranníocaíochtaí sóisialacha	7,806	7,597	12,659	10,689
<b>Ioncam Indiúscartha</b>	<b>35,898</b>	<b>32,047</b>	<b>42,383</b>	<b>38,630</b>
Ioncam Comhlán in aghaidh an bhaill teaghlaigh	14,076	14,486	18,556	16,976
Ioncam indiúscartha in aghaidh an bhaill teaghlaigh	11,562	11,710	14,288	13,297
Ioncam Comhlán mar % de mheán an stáit	89%	80%	112%	100%
Ioncam Indiúscartha mar % de mheán an stáit	93%	83%	110%	100%

Foinse: EU SILC 2004

Tábla 2.7 Ioncam Teaghlaigh agus a Chomhdhéanamh do Theaghlaigh Feirme<sup>1</sup>, Teaghlaigh Neamhfheirme Faoin Tuath agus Teaghlaigh Uirbeacha, bunaithe ar shainmhíniú cúng ar Theaghlaigh Feirme, 2004

	Teaghlaigh Feirme <sup>1</sup>	Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	Stát
% den daonra léirithe	5%	35%	61%	100%
Daoine in aghaidh an teaghlaigh	3.05	2.78	2.97	2.91
	€	€	€	€
Ioncam Feirme	18,320	809	33	1,138
Fostaíocht neamhfheirme	14,369	29,616	44,231	37,819
Ioncam díreach eile	930	722	1,412	1,152
Aistrithe Stáit	6,228	9,033	9,534	9,210
<b>Ioncam Comhlán</b>	<b>39,847</b>	<b>40,180</b>	<b>55,210</b>	<b>49,318</b>
Lúide cáin agus ranníocaíochtaí sóisialacha	6,055	7,662	12,752	10,689
<b>Ioncam Indiúscartha</b>	<b>33,792</b>	<b>32,518</b>	<b>42,458</b>	<b>38,629</b>
Ioncam Comhlán in aghaidh an bhaill teaghlaigh	13,057	14,468	18,609	16,975
Ioncam indiúscartha in aghaidh an bhaill teaghlaigh	11,073	11,709	14,310	13,296
Ioncam Comhlán mar % de mheán an stáit	81%	81%	112%	100%
Ioncam Indiúscartha mar % de mheán an stáit	87%	84%	110%	100%

<sup>1</sup> Nuair a déantar caolú ar an sainmhíniú atá ann ar theaghlaigh feirme, bíonn tionchar aige ar na torthaí do theaghlaigh uirbeacha agus tuaithe araon. Is é an chúis leis seo ná go raibh teaghlaigh áirithe rangaithe mar theaghlaigh feirme faoin sainmhíniú leathan, ach ansin roinntear iad ina dteaghlaigh uirbeacha nó tuaithe.

Foinse: CSO, EU SILC 2004

## Bochtaineacht Choibhneasta

Bhí sonraí ar bhochtaineacht choibhneasta agus leanúnach, curtha ar fáil ag an CSO ag úsáid an tsainmhíneithe leathan agus cúng, ar céard is teaghlaigh feirme ann. Nuair a úsáidtear an sainmhíniú leathan, léiríonn na tairsí de 40% agus 50% do bhochtaineacht choibhneasta, go bhfuil baol bochtaineachta i bhfad níos mó ann do theaghlaigh feirme, ná mar atá ann do theaghlaigh eile. Ach ag tairsí níos airde de 60% agus 70%, tá an baol bochtaineachta i measc theaghlaigh feirme níos ísle ná an baol atá ann i measc teaghlaigh tuaithe eile. Léireodh sé seo éagothroime ioncain suntasach i measc teaghlaigh feirme. Léiríonn an sainmhíniú cúng ar bhochtaineacht choibhneasta go bhfuil baol bochtaineachta ann do theaghlaigh feirme ag gach ceann den ceithre thairseach.

Tábla 2.8 Catagóirí Teaghlaigh de réir Stádais Bhochtaineachta Choibhneasta<sup>1</sup>, 2004

	Sainmhíniú leathan in úsáid do theaghlaigh feirme	Sainmhíniú cúng in úsáid do theaghlaigh feirme <sup>2</sup>
<b>Líne 40 faoin gcéad (Stát)</b>	<b>4.4</b>	<b>4.4</b>
Teaghlaigh Feirme	8.7	8.6
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	5.9	5.8
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	3.3	3.3
<b>Líne 50 faoin gcéad (Stát)</b>	<b>11.1</b>	<b>11.1</b>
Teaghlaigh Feirme	15.2	18.5
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	13.8	13.6
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	9.2	9.2
<b>Líne 60 faoin gcéad (Stát)</b>	<b>19.4</b>	<b>19.4</b>
Teaghlaigh Feirme	22.0	28.8
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	24.5	23.4
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	16.6	16.6
<b>Líne 70 faoin gcéad (Stát)</b>	<b>28.7</b>	<b>28.7</b>
Teaghlaigh Feirme	30.6	38.1
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	36.5	34.9
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	24.7	24.6

1 Bunaithe ar scála ioncain coibhéiseach

2 Nuair a déantar caolú ar an sainmhíniú atá ann ar theaghlaigh feirme, bíonn tionchar aige ar na torthaí do theaghlaigh uirbeacha agus tuaithe araon. Is é an chúis leis seo ná go raibh teaghlaigh áirithe rangaithe mar theaghlaigh feirme faoin sainmhíniú leathan, ach ansin roinntear iad ina dteaghlaigh uirbeacha nó tuaithe.

Foinse: CSO, EU SILC (2004)

## Bochtaineacht Leanúnach

Tá spriocanna ar leith ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNF) athbhreithnithe, a foilsíodh i 2002, le dul i ngleic le bochtaineacht i gceantair uirbeacha agus tuaithe agus é mar chuspóir bunúsach “bochtaineacht leanúnach” a laghdú faoi 2% agus deireadh a chur leis más féidir, i measc cónaitheoirí tuaithe feirme agus neamhfheirme araon sa tréimhse go 2007. Déantar sainmhíniú ar spriocann an SNF i dtéarmaí 50-60% de bhochtaineacht leanúnach, sé sin, go mbeadh níos lú ná 50/60% den mheán ioncam indiúscartha ag duine agus go mbeadh díothacht bhunúsach bhrúite á fhulaingt acu.

I gcodarsnacht leis na táscairí do bhochtaineacht choibhneasta, léirigh na sonraí ar bhochtaineacht leanúnach ón EU-SILC go raibh leibhéal i bhfad níos ísle i measc teaghlaigh feirme ná mar a bhí i measc grúpaí teaghlaigh eile, rud a léiríonn ráta i bhfad níos ísle de dhíothacht bhrúite i measc teaghlaigh feirme.

Tábla 2.9 Catagóirí Teaghlaigh de réir Stádais Bhochtaineachta Leanúnaigh<sup>1,2</sup>, 2004

	Sainmhíniú leathan in úsáid do theaghlaigh feirme	Sainmhíniú cúng in úsáid do theaghlaigh feirme <sup>3</sup>
	%	%
<b>Líne 50 faoin gcéad</b>	<b>3.9</b>	<b>3.9</b>
Teaghlaigh Feirme	*	*
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	3.8	3.5
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	4.3	4.3
<b>Líne 60 faoin gcéad</b>	<b>6.8</b>	<b>6.8</b>
Teaghlaigh Feirme	2.8	*
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	6.2	5.6
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	7.6	7.6
<b>Líne 70 faoin gcéad</b>	<b>9.6</b>	<b>9.6</b>
Teaghlaigh Feirme	4.5	6.9
Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	9.3	8.5
Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	10.4	10.4

1 Bunaithe ar ioncam coibhéiseach

2 Bhí na méideanna samplacha do bhochtaineacht leanúnach i measc theaghlaigh feirme beag agus ba mhó an baol de bhotún ar ardchaighdeán leo.

3 Nuair a déantar caolú ar an sainmhíniú atá ann ar theaghlaigh feirme, bíonn tionchar aige ar na torthaí do theaghlaigh uirbeacha agus tuaithe araon. Is é an chúis leis seo ná go raibh teaghlaigh áirithe rangaithe mar theaghlaigh feirme faoin sainmhíniú leathan, ach ansin roinntear iad ina dteaghlaigh uirbeacha nó tuaithe.

\*Tarlúint shamplach ró bheag le bheith measta.

Foinse: CSO, EU SILC (2004)

958482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	564501657	6457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698379	642492835	7354861	748623821
475603124	673665710	270418318	263071634	721023763	76205641	360634652	30943257	537546013	46718537	871765436
320586853	687568253	320958482	475 12236	236458248	77812745	943598718	957235879	739751197	54837583	603843016
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	783756735	83459086	587693535	67837698	379642492
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460

## 2.6 Cúnamh Feirme

Tugadh isteach Cúnamh Feirme, a cruthaíodh chun tacú le teaghlaigh feirme ar ioncam íseal, in Aibreán 1999. Chuaigh sé in áit na Scéime Cúnaimh Dífhostaíochta do Shealbhóirí Beaga. Tá sé á riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ba é an caiteachas iomlán i 2005 ná €67.3 milliún. Is í an líon a bhí ag fáil Cúnaimh Fheirme ag deireadh 2005 ná 7,824, laghdú 6% ar 2004. Fuair iarrthóirí a bhí ag glacadh leis an Scéim Chúnaimh Dífhostaíochta do Shealbhóirí Beaga roimhe sin, meán íocaíocht de €190.38 in aghaidh na seachtaine. Fuair iarrthóirí eile meán íocaíocht de €166.74 in aghaidh na seachtaine. Mhéadaigh Buiséad 2006 rátaí íocaíochta pearsanta faoi €17 in aghaidh na seachtaine ó €148.80 go €165.80, i gcomhar leis an ardú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile. Tá an scéim ar oscailt do fheirmeoirí idir aois 18 agus 66, agus tá “tástáil acmhainne” ag baint leis.

## 2.7 Scéim Shóisialta Tuaithe

Leagadh amach an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST), a fograíodh i mBuiséad 2004, i dtrí chuid, i mBealtaine, Iúil agus Meán Fómhair 2004 agus tá sí á cur i bhfeidhm i gceantair tuaithe ar fud na tíre faoi láthair. Ar an iomlán tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta freagrach as feidhmiú na scéime, ach bíonn sí á bainistiú ar a son go háitiúil ag grúpaí LEADER agus ag Údarás na Gaeltachta. Tá sé ar intinn ag an scéim na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- tacaíocht ioncain do fheirmeoirí agus iascairí ar ioncam íseal atá ag fáil íocaíochtaí sainithe, go príomha, íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmacha; agus
- seirbhísí áirithe a dhéanfaidh leas do phobail tuaithe trí áis a bhaint as na scileanna agus na tréithe atá ar fáil i measc feirmeoirí agus iascairí ar ioncam íseal.

Chun a bheith i dteideal a bheith páirteach, caithfidh Cúnamh Feirme a bheith á fháil ag an duine nó uimhir thréada a bheith acu agus Cúnamh Dífhostaíochta, Sochar Dífhostaíochta (má bhí sé/sí ar FP<sup>8</sup> roimhe sin), nó Liúntas Míchumais á fháil acu. Beidh an céile cleithiúnach i dteideal páirt a ghlacadh sa scéim mar mhalartach, is é sin, in ionad an chéile a bhfuil an uimhir thréada tugtha dó/di. Tá 2,500 áit curtha ar fáil ar an SST riarta ar bhonn chontae. Ba é líon iomlán na rannpháirtithe ar an SST ar 31 Nollaig 2005 ná 1,994. Léirítear scagadh ar na rannpháirtithe de réir scéim leasa shóisialaigh i dTábla 2.10.

Tábla 2.10 Scagadh ar Rannpháirtithe sa Scéim Shóisialta Tuaithe, 2005

Scéim Chúnaimh Shóisialta	Céatadán	Uimhreacha
Cúnamh Feirme	40%	789
Cúnamh Dífhostaíochta	10%	196
Sochar Dífhostaíochta (FP)	31%	618
Aistrithe um Fhostaíocht Phobail	18%	355
Liúntas Míchumais	2%	36
Uimhreacha lomlána	100%	1,994

Foinse: Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

San áireamh leis sin, fostaítear 105 maoirseoir faoin SST chun maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar thionscadail SST.

Is é an caiteachas iomlán a bhí ann faoin SST ná €25.5 milliún i 2005. Ba ghá do rannpháirtithe na scéime 19.5 uair sa tseachtain a dhéanamh agus déantar é a riaradh ar bhealach atá cabhrach don fheirmeoir, mar go ligeann sé dóibh uaireanta solúbtha a dhéanamh. Ní féidir leis na rannpháirtithe glacadh le haon fhostaíocht shuntasach, a thuilleann ioncam atá níos airde ná €88.88 in aghaidh na seachtaine, seachas feirmeoireacht agus iascaireacht. Bíonn éagsúlacht sna rataí íocaíochta mar a thaispeántar sa tábla thíos.

Tábla 2.11 Rátaí Seachtainiúla na Scéime Sóisialta Tuaithe, 2006.

Rannpháirtí gan Cleithiúnaí Fásta	€190.20
Rannpháirtí le Cleithiúnaí Fásta	€300.20
Gach Leanbh Cleithiúnach (Ráta Iomlán)	€16.80
Gach Leanbh Cleithiúnach (Leath-Ráta)	€8.40

Foinse: Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

## Carbidil 3

# Trachtannair Agus Ionchuir Talmhaíochta

### 3.1 Forbheathnú

Bliain a bhí réasúnta seasmhach d'earnáil talmhaíochta na hÉireann ab ea 2005, bhí margáí fós ag feidhmiú go maith don chuid ba mhó den bhliain agus chuir margáí déiríochta AE agus idirnáisiúnta le leibhéal ard cobhsaíochta maidir le praghsanna bainne. Ach, chuaigh éileamh laghdaithe ar mhargáí onnmhairithe i bhfeidhm ar phraghsanna caorach agus uan agus tháinig laghdú orthu. I gcás gránbharr agus barr eile, bhí roinnt arduithe i bpraghsanna, mar thoradh ar bharr laghdaithe, i gcomparáid leis an bhfómhar mór i 2004, ach bhain neartú leanúnach ar sholáthair idirnáisiúnta cuid den luach uathu.

Tháinig laghdú de 1.8% ar olltáirgeacht ag praghsanna táirgeoirí in Éirinn mar thoradh go príomha ar laghduithe i dtáirgeadh bainne agus torthaí barra. Bhí tomhaltas idirmheánach seasta agus bhí laghduithe suntasacha ar chostas bia d'ainmhithe agus chúitigh praghsanna níos airde d'fhuinneamh úsáid leasacháin.

Tábla 3.1 Aschur agus Ionchur sa Talmhaíocht, 2005<sup>1</sup> – Luach, Toirt agus Praghas

	Luach €m	% Athrú 05/04			Scair de AC/ Ionchuir
		Luach	Toirt	Praghas	
<b>Aschur comhlán ag praghsanna táirgeoira</b>	<b>4,931.8</b>	<b>-1.8</b>	<b>-3.5</b>	<b>1.7</b>	<b>100%</b>
Bainne	1,332.4	-6.0	-4.4	-1.6	27.0%
Eallach agus Laonna	1,402.5	4.3	0.1	4.2	28.4%
Muca	291.6	-1.8	-0.1	-1.8	5.9%
Caoirigh agus Uain	192.1	-5.4	2.6	-7.8	3.9%
Éanlaith Chlóis	147.7	-0.9	0.5	-1.4	3.0%
Gránbharr	125.1	-31.1	-35.3	6.5	2.5%
Barra Fréimhe	165.5	-0.8	-13.0	14.0	3.4%
Glasraí agus Torthaí Úra	219.3	n/a	n/a	n/a	4.4%
Plandaí Foráiste	681.9	-0.6	0.0	-0.6	13.8%
Eile	373.6	n/a	n/a	n/a	7.6%
<b>Tomhaltas idirmheánach (Ionchuir)</b>	<b>3,443.1</b>	<b>-0.2</b>	<b>-1.9</b>	<b>1.8</b>	<b>100.0%</b>
Beathú d'Ainmhithe	864.4	-4.4	-0.7	-3.7	25.1%
Leasacháin	364.1	1.7	-4.5	6.5	10.6%
Fuinneamh agus Bealaidh	267.4	9.2	-7.2	17.7	7.8%
Cothabháil agus Deisiúcháin	345.5	4.4	-0.4	4.8	10.0%
Seirbhísí Talmhaíochta	261.1	-0.8	-11.1	11.6	7.6%
Plandaí Foráiste	671.7	-0.7	0.0	-0.7	19.5%
Eile	668.9	n/a	n/a	n/a	19.4%

1 Réamh-mheastachán  
Foinse: CSO

538482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	56450165	76457631	575606134	71010101
435720438	482375624	652764570	23185783	75673583	459086358	76935356	783769837	6424928	35735486	74862382	12010101
47560312	467366571	02704183	1826307	16347210	23763762	05641360	63465230	943257	53754601	34671853	71010101
32058685	368756825	32095848	2475	122362	3645824	8778127	45943598	7189572	35879	73975119	7548375
53568136	51724278	53654357	204384	82375	624652	7645702	31857	837567	358345	90863	587693
6576457	6312057	5606134	75603	12467	36657	102704	183182	6307	634721	023763	76205
5943598	7189572	358797	397511	97548	37563	760564	50165	76457	631205	756061	34756
5783756	7358345	90863	58769	35356	78376	98379	6424	92835	73548	67874	86238
7163472	102376	37620	56413	60634	65230	94325	76375	46013	46718	53768	71765
2236236	458248	77812	74594	3598	7189	5723	58797	3975	1197	548	3756
2375624	652764	57023	18578	3756	7358	3459	08635	8769	3535	6783	7698

## Athruithe Stoic

Léiríonn Tábla 3.2 meastacháin luatha ar athruithe stoic ar fheirmeacha na hÉireann. Tharla an t-athrú ba shuntasaf ar earnáil na gcaorach, tháinig laghdú de beagnach 300,000 ar líon na gcaorach. Bhí méadú ar luach eallaigh a bhí ar fheirmeacha ó 2004 ach bhí laghdú ar líon na n-eallaí.

	2004		2005 <sup>2</sup>	
	Luach €m	Toirt 000's	Luach €m	Toirt 000's
Eallach	-9.80	-17	18.51	-15
Caoirigh	-16.22	-293	-17.02	-298
Muca	-0.56	26	-2.92	-80
Éanlaith Chlóis	-2.94	40	-2.46	72
Barra	8.16	93	-8.67	-88
<b>Iomlán</b>	<b>-21.36</b>	<b>n/a</b>	<b>-12.55</b>	<b>n/a</b>

1 Tá toirt an Bheostoic i gcinn (000), tá toirt na mbarra i dtonnaí (000)  
2 Meastachán Luath  
Foinse CSO

## Téarmaí Trádála

Tháinig méadú de 0.4% ar phraghsanna aischiur thalmhaíochta i 2005 i leith méaduithe i bhfad níos láidre ar phraghsanna ionchuir. Bhí téarmaí diúltacha trádála de -3.8% d'fheirmeoirí mar thoradh ar ghluaiseachtaí praghsanna neamhfhábhra.

Bun 2000=100	2004	2005	% athrú 2005/2004
Aschur	101.8	102.2	0.4%
Ionchur	113.1	118.0	4.4%
<b>Téarmaí Trádála</b>	<b>90.0</b>	<b>86.6</b>	<b>-3.8%</b>

Foinse: CSO Innéacsáil Praghais Talmhaíochta

## 3.2 Bainne

### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

In ainneoin imní go mbeadh tionchar diúltach ag na laghduithe eile aontaithe ar phraghsanna tacaíochta institiúide a tháinig chun cinn as an leasú CBT, ar mhargáil AE agus

idirnáisiúnta, bhain an earnáil déiríochta sult as leibhéal ard cobhsaíochta i 2005. Bhí praghsanna agus éileamh ar tháirgí déiríochta Éireannacha ar na margáil ar fad láidir don chuid is mó den bhliain. Lean onnmhaireoirí Éireannacha orthu ag feidhmiú go maith agus onnmhairíodh thart ar €2 billiún i dtáirgí déiríochta i rith na bliana. Bhí coinníollacha margaidh do tháirgí déiríochta fós ag dul i bhfeabhas i 2005, cé go raibh méadú de 2.4% ar tháirgeadh bainne bó an domhain mar a mheas an FAO. Bhí an úsáid d'idirghabháil san AE agus in Éirinn fós ag leibhéal a bhí íseal go stairiúil, cé go raibh sé níos airde ná mar a bhí sé i 2004.

### Aschur in Éirinn

I 2005 bhí laghdú 6% ar luach na hearnála bainne go €1,332.4 milliún. Meastar go bhfuil laghdú de thart ar 4% ar sheachadtaí ó 2004.

milliún lítear	2004	2005	% athrú
<b>Slí Díúscairthe</b>			
Bainne díolta ó fheirmeacha	5,116	4,913	-4.0%
Bainne úsáidte i dteaghlach fheirme <sup>2</sup>	34	34	0.0%
<b>Ionghabháil Bhainne Allmhairithe</b>	377	550	45.9%
<b>Aschur Bainne Iomlán</b>	5,528	5,528	0.0%
a bhfuil:			
Úsáidte do thomhaltas leachtach	479	476	-0.6%
Úsáidte i dtáirgeadh:			
Ime	3,050	3,137	2.9%
Cáise	1,151	1,248	8.4%
Uachtair <sup>3</sup>	215	215	0.0%
Púdair Bhainne Lán Saille	242	269	11.3%
Táirgí Ilghnéitheacha	612	569	-7.0%


1 Ní réiteoidh aschur agus díúscairt bhainne toisc go bhfuil próisis táirgthe difriúla ann sa táirgeadh de tháirgí bunaithe ar bhainne  
2 Ag tógáil san áireamh bainne úsáidte chun im, uachtar agus cáis feirme a tháirgeadh, chomh maith le bainne tugtha mar íocaíocht in ábhar d'fhostaíthe talmhaíochta.  
3 Tógann sé san áireamh bainne úsáidte ag uachtarlanna agus paistearacháin chun uachtar a dhéanamh.  
Foinse: CSO 2004; Meastachán 2005 RTB

2375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964249283573548678748623823205868536875682582054  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

## Praghsanna


In ainneoin an laghdaithe ar praghsanna tacaíochta in Iúil 2004, bhí an praghas a focadh le táirgeoirí bainne i 2005, fós cosúil, don chuid is mó, le praghsanna 2004, bhí praghsanna thart ar 28c/lítear sa dá bhliain. Ar 31 Márta 2005 díchúpláladh an phréimh dhéiríochta ó tháirgeadh agus cuireadh isteach sa scéim íocaíochta singil í. I 2006 ardófar an phréimh dhéiríochta díchúpláilte go 3.6 cent/lítear. Coinníodh brabúsacht choibhneasach na hearnála de bharr torthaí margaidh agus an phréimh aron.

Figiúr 3.1 Praghsanna Bainne, 2004-2005



## Táirgeadh Táirgí Déiríochta

Figiúr 3.2 Táirgeadh Táirgí Déiríochta, 2004-2005



Measann an Roinn Talmhaíochta agus Bia gur tháinig méadú 2.9% agus 8.5% ar tháirgeadh ime agus cáise i 2005 fad i a tháinig laghdú 16.5% ar tháirgeadh púdair bhainne bearrtha.

## Onnmhairí

Bhí onnmhairí de tháirgí déiríochta Éireannacha fós ag feidhmiú go maith, onnmhairíodh thart ar €2 billiún i dtáirgí déiríochta le linn na bliana, fad is a lean onnmhairí Éireannacha ag freagairt go maith ar an éileamh feabhsaithe.

## Idirghabháil/Bainistíocht Mhargaidh

Bhí coinníollacha margaidh do tháirgí déiríochta fós ag dul i bhfeabhas i 2005. Mar thoradh ar sin, bhí an úsáid d'idirghabháil san AE agus in Éirinn fós ag leibhéal a bhí íseal go stairiúil cé go raibh sé níos airde ná mar a bhí sé i 2004. Bhí an úsáid d'idirghabháil íseal ach go háirithe d'im agus phúdar bainne bearrtha (PBB) aron, bhí na meánphraghsanna domhanda do na táirgí seo thart ar 8% thar leibhéal 2004.

## Bainistíú Cuóta

Bhí 22,386 táirgeoir bainne gníomhach ann i 2005, laghdú de thart ar 6% ar líon 2004. (Féach ar Thábla Staidrimh Iarscríbhíne 11.7)

Do 2005 agus 2006, is í Scéim Athstruchtúraithe an Chuóta Bainne an príomhmheán trína bhfaigheann táirgeoirí a gcuóta bainne agus i 2005 dhíol líon iomlán de 1750 sealbhóir cuóta isteach sa scéim. Cheannaigh 11,180 táirgeoir, thart ar leath díobh siúd atá i mbun táirgthe faoi láthair, na diúscairtí dá éis sin, líon iomlán de beagnach 178 milliún lítear (39 milliún galún).

Rinneadh athruithe móra ar an scéim um dháileadh cuótaí nach n-úsáideadh sa bhliain chuóta 2005/2006. Tugann na hathruithe seo aitheantas níos mó d'fheirmeoirí déiríochta gníomhacha agus tiomanta a mbainistíonn a gcuid táirgthe go héifeachtach agus iad ag smaoineamh ar an gcuóta atá ar fáil dóibh. D'fhógair an tAire Talmhaíochta agus Bia le déanaí go n-úsáidfean cur chuige bunaithe níos mó ar an margadh maidir le cuótaí a aistriú, sa léaslíne tar éis 2006.

Sa bhliain chuóta bainne 2004/2005 chuaigh seachadtaí bainne na hÉireann thar an gcuóta náisiúnta faoi 44 milliún lítear agus bhí forthobhach de €15.13 milliún iníoctha do Choimisiún an AE.

## Forbhreathnú 2006

In ainneoin brú ó mhéaduithe atá ceaptha do tháirgeadh bainne domhanda, táthar ag súil go mbeidh praghsanna domhanda fós réasúnta seasta cé go mbeidh siad beagán níos ísle ná 2005. Ar mhargaí inmheánacha an AE, táthar ag súil go laghdóidh praghsanna táirgeora de réir mar a théann na praghsanna idirghabhála nua i bhfeidhm, le chéile leis na hathruithe leanúnacha ar fhóirdheontas agus chúnamh atá á gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach agus bainistíú ginearálta á dhéanamh aige ar na margáí bainne. Éascóidh athruithe leanúnacha maidir le cuótaí bainne a aistriú coigeartú de réir an bhrú iomaíoch seo trí cur le tháirgeadh bainne níos iomaíche in Éirinn.

58482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	7511975483	7583760	564501657	6457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698379	642492835	7354861	748623823
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	467185371	871765436
320586853	687568253	320958482	42475	1223623	64582487	78127459	435987189	57235879	739751197	54837583
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	783756735	83459086	587693535	67837698	879642492
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460

Beidh tionchar ag cumas an tionscail déiríochta chun deiseanna margaíochta a aithint laistigh agus lasmuigh den AE agus tairbhe a bhaint astu go hiomaíoch ar thodhchaí an tionscail go fadtéarmach. D’ainneoin seo, beidh praghsanna ola agus luach rátaí malairte an dollar SA/Euro ina bhfachtóirí tábhachtacha agus iomaíochas thrádálaithe na hÉireann agus an AE ar an margadh domhanda á shocrú.

### 3.3 Eallach

#### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

Bhí seasmhacht agus praghsanna láidre mar thréith ag margáí na hÉireann agus an AE araon i 2005. Tháinig laghdú imeallach go 524,000 tonna ar tháirgeadh mairteola na hÉireann, ach tháinig méadú go beagnach €1.4 billiún ar luach onnmhairí, ag léiriú thart ar 18% d’onnmhairí bia talmhaíochta na hÉireann. Cosúil le hÉireann, bhí laghdú 2% i dtáirgeadh mairteola san AE-15 go 7.28 milliún tonna. Tá tomhaltas mairteola in Éirinn agus san Eoraip ar fónamh arís, le tomhaltas ag dul thar leibhéal 2000. Tá na cúinsí margaidh dearfacha seo do mhairteoil chun leanúint ar ghaidh do 2006.

#### Aschur in Éirinn

I 2005, mhéadaigh luach aschuir na hearnála mairteola faoi 4.3% go díreach thar €1.4 billiún mar thoradh ar neartú leanúnach phraghsanna san earnáil.

Tábla 3.5 Luach Aschuir<sup>1</sup> agus Líon na nEallaí agus Laonna, 2004-2005

	2004		2005 <sup>2</sup>	
	Luach €m	Líon 000's	Luach €m	Líon 000's
Onnmhairí Beo	57.47	114	77.42	176
Maruithe Onnmhairithe	1,247.67	1,723	1,263.96	1,606
Maruithe Eile	50.36	90	43.77	79
<b>Diúscairtí Iomlán</b>	<b>1,355.49</b>	<b>1,926</b>	<b>1,385.16</b>	<b>1,861</b>
Allmhairí	1.07	1	1.17	1
Athruithe i Stoic	-9.80	-17	18.51	-15
<b>Iomlán</b>	<b>1,344.62</b>	<b>1,908</b>	<b>1,402.50</b>	<b>1,846</b>


1 Tá na luachanna taispeánta tar éis asbhaintí do chostais iompair  
2 Meastachán Luath  
Foinse: CSO

#### Maruithe agus Praghsanna

Bhí tús maith ag 2005 do tháirgeoirí mairteola na hÉireann agus éileamh láidir mar thoradh ar easpa soláthairtí ar fud an AE. Ach d’éirigh coinníollacha níos iomaíche i rith mhíonna an tsamhraidh mar thoradh ar sholáthairtí láidre de mhairteoil Bhrasáileach ar mhargáí an RA agus na Mór-ranna Chobhsaigh margáí mairteola níos déanaí sa


bhliain mar thoradh ar éileamh feabhsaithe agus easpa mairteola Brasáiligh tar éis cosc páirteach AE ó cheantair ina ndeachaigh an galar crúb agus béal (GCB) i bhfeidhm. Tháinig laghdú 6% go 1.6 milliún ceann ar mharuithe eallaigh ag áitribh onnmhairithe feola na hÉireann. Mar thoradh ar mheáchain níos airde conablach ní raibh ach laghdú 3% ar tháirgeadh mairteola go 524,000 tonna.

Figiúr 3.3 Maruithe Eallaigh ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2004-2005



D’fhreagair praghsanna eallaigh an t-éileamh méadaithe agus léirigh an trí phríomhchatagóir méaduithe le bulláin agus bearáigh suas 5% agus ba suas 10%, ar an meán bhí méadú iomlán de 6% ar praghsanna do 2005. Tagann sé seo i ndiaidh bliain bhuaice do praghsanna mairteola i 2004, nuair a sroicheadh buaicphointe nach bhfacthas le 6 bliain anuas.

Figiúr 3.4 Praghsanna Bulláin ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2004-2005



2375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964292835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

## Onnmhairí

Bhí onnmhairí mairteola fós láidir ag 487,000 tonna agus i 2005 bhí comhdhlúthú staid mairteola na hÉireann i margaí an AE de luach níos airde, cuireadh 192,000 tonna nó 40% dár n-onnmhairí mairteola chuig an gceann scríbe príomhúil seo. Laistigh den bhloc seo, is iad An Fhrainc, An Iodáil agus An Ísiltír na custaiméirí is mó atá againn. Is é an RA an ceann scríbe amháin is mó atá againn, faigheann sí onnmhairí de 260,000 tonna nó beagnach 50% de tháirgeadh mairteola na hÉireann.

## Onnmhairí Eallaigh Bheo

Tháinig méadú de thart ar 40% ar onnmhairí eallaigh bheo. Chuaigh ochtó faoin gcéad de na honnmhairí seo go margaí Mór-ranna an AE, chuaigh thart ar 15% go dtí an RA agus 5% go tríú tíortha, An Liobáin ach go háirithe.

Tábla 3.6 Iarratas ar Cheadúnas Onnmhairithe de réir na Catagóire, 2003/2004-2004/2005

Tonnaí meáchan conblaigh coibhéiseach	2003/2004		2004/2005	
	EU	Ireland	EU	Ireland
Ainmhithe Beo	63,906	5,409	61,360	3,518
Úr Fuaraithe	161,712	55,218	163,771	47,010
Reoite	123,160	12,609	40,278	2,181
Eile	35,931	74	26,094	52
<b>Iomlán</b>	<b>384,709</b>	<b>73,310</b>	<b>291,503</b>	<b>52,761</b>

Foinse: Coimisiún an AE

## GCB sa Bhraisíl

Ó lár Meán Fómhair 2005, chuir an AE allmhairí mairteola díchnámhaithe agus aibithe ó na stáit de Mato Grosso, do Sul, Parana agus San Paulo sa Bhraisíl ar fionraí mar thoradh ar ráigeanna deimhnithe de ghalar crúb agus béal (GCB). Tagann thart ar 70% d'onnmhairí mairteola na Braisíle ón réigiún seo, fuair an AE foinse do 168,000 tonna dá riachtanas allmhairithe de 338,000 tonna i 2004 sa Bhraisíl. Bhí an moilliú i soláthar ón margadh seo ar cheann de na fachtóirí a mba chúis le praghsanna arda mairteola ar mhargaí an AE i rith na bliana.


## Rangú Mairteola

Tá an tionscal mairteola freagrach as rangú conblaigh mairteola ó Lúnasa 2004, feidhmíonn an Roinn dianchóras monatóireachta chun comhlíonadh leanúnach riachtanais an AE a chinntiú. Faoi láthair tá 25 fearas onnmhairithe ceadaithe ag úsáid rangaithe mheicniúil, a thugann beagnach 90% den mharú i bhfeairis dá leithéid san áireamh. Déanann oibríthe monarchan, a bhfuil ceadúnas acu ón Roinn, an 10% eile den rangú. I 2005, rinne foireann na Roinne níos mó ná 750 cuairt cigireachta ar fheairis onnmhairithe ceadaithe agus scrúdaíodh rangú níos mó ná 55,000 conblach i rith na gcuariteanna sin.

## Líon na nEallaí

Bhí laghdú an-bheag ar líon na n-eallaí nuair a déantar comparáid idir figiúirí Nollaig 2004 agus figiúirí 2005, mar atá léirithe i dTábla 3.7 thíos.

Figiúr 3.5 Onnmhairí Eallaigh Bheo, 2004-2005



## Iarratais ar Cheadúnais Mhairteola

Mar thoradh ar an aistriú sa thrádáil iomlán de mhairteoil go margadh an AE bhí laghdú eile ar líon na n-iarratas ar cheadúnais onnmhairithe AE. Bhí An Rúis fós ina príomhscóip dhíolta tríú tíre ag déanamh suas 98% de na cheadúnais ar fad a eisíodh.

435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354861	74862382120158
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	8717654363552
320586853687568253	20958482475 122362	36458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	8038430165
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	379642492837
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	57637546013

Tábla 3.7 Líon na nEallaí, 2004-2005

	2004	2005	% athrú 2005/2004
Iomlán na nEallaí	6,211.5	6,191.7	-0.3%
Eallach Tógála	2,712.9	2,693.3	-0.7%
Eallach Eile	3,498.6	3,498.4	0.0%

Foinse: CSO, Suirbhé Beostoic (Nollaig 2005)

## Forbhreathnú 2006

### Éire

Tá an forbheathnú d'onnhairí mairteola na hÉireann dearfach den chuid is mó, tabharfaidh táirgeadh laghdaithe ar fud Mhór-roinn na hEorpa deis do tháirgeoirí mairteola na hÉireann a staid ar an margadh ardluacha seo a chomhdhlúthú.

Léiríonn críoch an 'Over Thirty Months Scheme' san RA ar 22 Eanáir 2006 comhartha dearfach ar an iomlán agus tógann sé margadh mairteola an AE ar ais do ghnáthstaid nach bhfacthas ó 1996. Seans go mbeidh ar onnmhairteoirí na hÉireann roinnt athruithe a dhéanamh má tharlaíonn díláithriú an táirgthe Éireannaigh mar thoradh ar na soláthair breise de mhairteoil bó a bheidh ag teacht ar mhargadh an RA i 2006. Má tharlaíonn sé seo, beidh sé riachtanach soláthar do mhargaí eile a mhéadú dá réir.

Táthar ag súil go stopfaidh onnmhairí ainmhithe beo do thríú tíortha i 2006 mar thoradh aisíocaíochtaí onnmhairithe ar ainmhithe beo a chur ar ceal seachas ainmhithe a úsáidtear do thógáil. Rachaidh sé seo i bhfeidhm go príomha ar an Liobáin, ar onnmhairíodh 10,000 ceann chuici i rith 2005, toisc go n-éireoidh an margadh neamhfhoirsteanach. Lárófar an trádáil bheo i margáí an AE atá níos gaire agus a bhfuil éileamh acu ar ainmhithe dá leithéid mar gheall ar an laghdú atá ag teacht ar a dtáirgeadh beostoic.

Baineadh an cosc ar onnmhairí mairteola na Breataine, i bprionsabal, go luath i Márta 2006, 10 bliain ón mí tar éis a socraíodh don chéad uair an nasc tosaigh idir GBB agus vCJD. Baineann moladh an Choimisiúin Eorpach an trádbhac ar onnmhairí an RA d'eallach beo, mhairteoil agus tháirgí mairteola ó ainmhithe a rugadh tar éis 1 Lúnasa 1996 agus feoil a táirgeadh tar éis 15 Meitheamh 2005. Nuair a bheidh vótáil déanta ar an moladh, táthar ag súil go nglacfar leis go foirmiúil tar éis scrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa. Léiríonn an cinneadh an fhírict go bhfuil laghdú tagtha ar leibhéal na gcásanna GBB san RA go níos lú ná 200 in aghaidh milliún ceann agus go bhfuil srianta GBB á chur i bhfeidhm i gceart agus go hiomlán.

## AE agus Neamh-AE

Táthar ag súil nach mbeidh mórán athruithe ar thomhaltas mairteola san AE i 2006 agus go mbeidh níos mó éilimh ná soláthar arís. Táthar ag súil go méadóidh an méadú ar mhairteoil déantúsaíochta atá ar fáil ón RA roinnt éilimh d'allmhairí tríú tíortha, ach is cosúil fós go mbeidh easnamh de 350,000 tonna ar riachtanais AE-25 agus réamh-mheasúnú á dhéanamh go mbeidh táirgeacht de 7.326 milliún tonna agus tomhaltas de 7.672 milliún tonna.

Beidh margáí Mór-ranna an AE agus an RA fós ag tairiscint scóip dhíolta atá i bhfad níos tarraingtí agus daingne do mhairteoil na hÉireann agus nuair a cheanglaítear é seo leis an laghdú de 30% ar aisíocaíochtaí onnmhairithe mairteola i rith 2005 is cosúil nach mbeidh mórán borradh ar dhíol mairteola do mhargaí tríú tíortha i 2006.

## 3.4 Caoirigh Agus Uain

### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

Bhí an margadh intíre do chaoirigh agus uain réasúnta seasta i 2005. Mar thoradh ar na meáchain chonablach níos airde do chaoirigh agus uain agus marú méadaithe caorach, bhí onnmhairithe méadaithe, chuig an RA, ach go háirithe. Ach, bhí An Fhrainc fós ina príomhcheann scríbe, agus í ag tógáil 32,300 tonna, ach chuir éileamh íseal d'uaineoil earraigh um Cháisc brú síos ar phraghsanna.

### Aschur in Éirinn

I 2005, tháinig laghdú 5.4% go €192 milliún ar luach aschuir na hearnála caorach agus uain. Fachtoir a chuir leis ná praghsanna lagaithe mar thoradh ar éileamh laghdaithe i margáí na Fraince sa chéad leath den bhliain.

Tábla 3.8 Luach Aschuir<sup>1</sup> agus Líon na gCaorach agus na nUain, 2004-2005

	2004		2005 <sup>2</sup>	
	€m	'000 ceann	€m	'000 ceann
Onnmhairí Beo	4.62	71	6.43	105
Maruithe Onnmhairithe	209.07	3,229	197.29	3,280
Maruithe Eile	28.40	336	23.91	335
<b>Díúscairtí Iomlán</b>	<b>242.09</b>	<b>3,637</b>	<b>227.63</b>	<b>3,720</b>
Allmhairí	22.69	321	18.46	281
Athruithe i Stoic	-16.22	-293	-17.02	-298
<b>Iomlán</b>	<b>203.18</b>	<b>3,022</b>	<b>192.15</b>	<b>3,141</b>

1 Tá na luachanna taispeánta tar éis asbhaintí do chostais iompair


2 Meastachán Luath

Foinse: CSO


23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

### Praghsanna agus Maruithe

Bhí meánphraghsanna seachtainiúla d'uain níos ísle ó phraghsanna 2004, ag 7%. Arís toradh ar éileamh níos ísle ar mhargaí na Fraince a bhí ann. Ábhar díomá ab ea an praghas a íocadh d'uaineoil um Cháisc, ach bhí praghsanna ar fónamh ina dhiaidh sin agus bhí siad níos láidre ag deireadh na bliana.



Tháinig méadú imeallach ar mharuithe ag fearais onnmhairithe go 3.3 milliún ceann i 2005. Tháinig an méadú mar thoradh ar marú méadaithe caorach agus reithí ag fearais onnmhairithe cé go raibh laghdú ar mharú uan.



### Onnmhairí

Tháinig méadú de 24% ar onnmhairí don RA, a bhain 149,000 tonna amach, caoireoil a bhí sa chuid is mó acu. I margáí eile, tháinig méadú de 4% ar onnmhairí go dtí An Ghearmáin go 2,500 tonna agus tháinig méadú de 33% ar onnmhairí go dtí An tSualainn go 20,000 tonna. Bhí an Fhrainc fós ina príomhcheann scríbe agus í ag tógáil 32,300 tonna. Bhí laghdú mór de 23% ar onnmhairí do mhargaí tríú tíortha ach ní raibh iontu ach 1,000 tonna de na honnmhairí ar fad.

### Líon na gCaorach

Léiríonn sonraí an CSO do Nollaig 2005, laghdú de thart ar 7% ar líon na gcaorach.

**Tábla 3.9 Líon na gCaorach, 2004-2005**

	2004	2005	% athrú 2005/2004
Iomlán na gCaorach	4,556.7	4,257.0	-6.6%
Caoirigh Tógála	3,569.4	3,304.8	-7.4%
Caoirigh Eile	987.3	952.3	-3.5%

Foinse: CSO, Suirbhé Beostoic (Nollaig 2005)

### Forbhreathnú 2006

Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú de 150,000 ceann ar sholáthair i 2006 mar gheall ar mhéid níos ísle stoic tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe. Táthar ag ceapadh go bhfanfaidh tomhaltas intíre seasmhach. Ceaptar go mbeidh éileamh onnmhairithe daingean agus go bhfanfaidh praghsanna láidir toisc go meastar go dtiocfaidh laghdú 2-3% ar tháirgeadh iomlán san AE-25 i 2006. Ceaptar go gcuideoidh soláthair laghdaithe le praghsanna a thacú ar na príomhmhargáí onnmhairithe, an Fhrainc agus an RA ach go háirithe.

## 3.5 Muca

### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

Ar an iomlán bhí 2005 sásúil d'earnáil mhucéola na hÉireann. Bhí laghdú beag ar tháirgeadh don bhliain ón mbliain roimhe mar bhí laghdú ar mharú onnmhairithe toisc go raibh níos mó onnmhairí beo go Tuaisceart Éireann. Bhí an staid mhargaidh fós seasta agus bhí éileamh maith ar mhargaí onnmhairithe. Bhí méadú 4% go 148,000 tonna ar mhucéoil in Éirinn (cmc<sup>1</sup>).

### Aschur in Éirinn

I 2005, tháinig laghdú 1.8% go €292 milliún ar luach aschuir na hearnála mucéola mar thoradh ar lagú measartha praghsanna i gcomparáid le 2004 (féach ar Thábla 3.10).

58482475 12236236 45824877812745943 598718957235879739 75119754837583760 5645016576457631 5756061347 35720438482375624 65276457023185783 75673583459086358 769353567837698379 6424928357354861 7486238232058 475603124673665710 270418318263071634 472102376376205641 36063465230943257 537546013467185376 8717654363562 32058685368756825 320958482475 1223623645824877812745 943598718957235879 73975119754837583 5038430165 535681365172427853 65435720438482375 62465276457023185 78375673583459086 58769353567837698 379642492835 657645763120575606 13475603124673665 71027041831826307 63472102376376205 54136063465230943 5763754601347

Tábla 3.10 Luach Aschuir<sup>1</sup> agus Líon na Muc, 2004-2005


	2004		2005 <sup>2</sup>	
	€m	'000 ceann	€m	'000 ceann
Onnmhairí Beo	41.53	463	45.19	495
Maruithe Onnmhairithe	255.70	2,683	251.78	2,616
Maruithe Eile	2.40	28	2.53	29
<b>Diúscairtí iomlán</b>	<b>299.64</b>	<b>3,174</b>	<b>299.50</b>	<b>3,139</b>
Allmhairí	2.00	20	4.99	50
Athruithe i stoic	-0.56	26	-2.92	-80
<b>Iomlán</b>	<b>297.08</b>	<b>3,179</b>	<b>291.59</b>	<b>3,010</b>

1 Tá na luachanna taispeánta tar éis asbhaintí do chostais iompair  
2 Meastachán Luath  
Foinse: CSO

### Praghsanna agus Maruithe

Bhí an meánphraghas muice grád E ag fearais onnmhairithe ceadaithe laghdaithe faoi 1.5% go €130.89/100cg


Figiúr 3.8 Praghsanna Muice ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2004-2005



Foinse: RTB

Bhí laghdú beag go 2.6 milliún ar mharuithe ag fearais onnmhairithe ceadaithe mar thoradh ar mhéadú ar onnmhairithe beo. Tá an laghdú mór i maruithe bagúin toisc, don chuid is mó, go ndearna Galtee Meats, a chuir stop lena mharuithe muice ag deireadh 2004, an chuid is mó de na maruithe bagúin sna blianta roimhe.

Figiúr 3.9 Maruithe Muice ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2004-2005



Foinse: RTB

### Onnmhairí

Tháinig méadú 10% go €324 milliún ar luach na n-onnmhairí muiceola. Chuaigh 67% d'onnmhairí muiceola go margaí an RA, chuaigh 18% díobh go margaí mór-ranna agus chuaigh an chuid eile go margaí idirnáisiúnta, An tSeapáin go príomha.

### Líon na Muc

Tháinig laghdú 4.5% ar líon na muc i rith 2005.

Tábla 3.11 Líon na Muc, 2004-2005

	2004	2005	% athrú 2005/2004
Iomlán na Muc	1,757.6	1,678.0	-4.5%
Muca Tógála	181.4	176.8	-2.5%
Muca Eile	1,576.2	1,501.2	-4.8%

Foinse: CSO, Suirbhé Beostoic (Nollaig 2005)

### Forbhreathnú 2006

I 2006 táthar ag súil go dtabharfaidh laghduithe imeallacha gearrthéarmacha mar thoradh ar déstocáil i míonna luatha na bliana uathu go soláthar níos seasmhaí sa mhéantéarma. Táthar ag súil go mbeidh praghsanna muice fós seasmhach. San AE, ceaptar go mbeidh laghdú 1.2% ar tháirgeadh don chéad leath de 2006. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar mheánphraghsanna muice an AE i rith an chéad leath den bhliain ach go mbeidh siad ar fónamh sa dara leath den bhliain.

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853655  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 7486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

### 3.6 Éanlaith Chlóis Agus Uibheacha

#### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

I 2005, d'fhan táirgeadh feola éanlaithe ag leibhéal a bhí cosúil le leibhéal 2004. Bhí laghdú ar éileamh i rith Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair mar thoradh ar an scanradh Fliú Éanúil ach bhí an t-éileamh mar an ngnáth don chuid eile den bhliain.

#### Aschur in Éirinn

I 2005 bhí luach aschuir na hearnála éanlaithe clóis fós réasúnta seasta ag €148 milliún.

Tábla 3.12 Luach Aschuir agus Toirt na hÉanlaithe 2004-2005


	2004		2005 <sup>1</sup>	
	€m	'000 ceann	€m	'000 ceann
Éanlaith Chlóis	149.1	64,725	147.7	64,678

1 Meastachán Luath  
 Foins: CSO

#### Maruithe Éanlaithe

Maraíodh thart ar 65 milliún éanlaith chlóis i 2005. Sicíní gríoscacháin a bhí ina bhformhór, 85% de na maruithe a bhí iontu.

Figiúr 3.10 Maruithe Éanlaithe 2005



#### Forbhreathnú 2006

Beidh tionchar ag forbairt maidir leis an Fliú Éanúil san AE agus i dtírú tiortha a bhfuil trádáil éanlaithe clóis ar bun acu ar a bhfuil i ndán do 2006. Beidh brú trom fós os comhair earnáil éanlaithe clóis na hÉireann mar thoradh ar laghdú a d'fhéadfadh a bheith

trom agus marthanach ar éileamh ar mhargaí intíre agus an AE mar a stiúirann freagra tomhaltóirí do na forbairtí seo. Tá seans ann go ngéarófar brú iomaíochta mar thoradh ar leibhéal onnmhairithe ó thíortha an AE agus thríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith níos airde. Is é an dealramh atá ar uibheacha i 2006 ná go bhfanfaidh táirgeadh agus praghsanna seasmhach.

### 3.7 Gránbharr

#### Staid Mhargaidh Ghinearálta 2005

San Aontas Eorpach, meastar gurb é an fómhar ná 252 milliún tonna i gcomparáid leis an 284 milliún tonna buaice sa bhliain roimhe. Ceaptar go mbeidh táirgeadh iomlán cruithneachta níos ísle ná 2004 ag 10% agus meastar go bhfuil laghdú de 11% agus 14% faoi seach ar tháirgeadh gráin bhuí agus eorna.

Ar an margadh domhanda, measann an Internation Grains Council go mbeidh an fómhar do 2005 thart ar 1,581 milliún tonna i gcomparáid leis an táirgeadh buaice de 1,632 milliún tonna a baineadh amach i 2004.

#### Aschur in Éirinn

Ba é an luach aschuir do ghránbharr i 2005 ná €125.1 milliún, laghdú de 31% ar fhómhar mór 2004.

Tábla 3.13 Luach Aschuir agus Toirt na nGránbharr, 2004-2005

	2004		2005 <sup>1</sup>	
	€m	'000	€m	'000
Eorna	98.6	991	67.2	646
Cruithneacht	72.4	688	51.3	455
Coirce	10.5	105	6.6	62
<b>Iomlán</b>	<b>181.5</b>	<b>1,784</b>	<b>125.1</b>	<b>1,163<sup>2</sup></b>

1 Meastachán Luath  
 2 Tagraíonn sé do tháirgeadh óna mbaintear ioncam go díreach  
 Foins: CSO

#### Praghsanna

Bhí praghsanna na hÉireann thar an leibhéal idirghabhála i 2005 ag leibhéal compordach ach i mBealtaine laghdaigh praghsanna sa réigiún Thoir Theas agus mar thoradh tugadh méid de 4,000 tonna eorna suas d'idirghabháil. Seachas an méid seo a bhí an-bheag ní raibh aon stoic gránbharr idirghabhála eile in Éirinn i 2005.

#### Achar, Barr agus Táirgeadh

Bhí roinnt laghduithe ar tháirgeadh gránbharr i 2005 (féach ar Thábla 3.14), meastar go raibh táirgeadh iomlán thar 1.9 milliún tonna, laghdú de 23% ar fhómhar buaice 2004 agus

58482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	56450165	76457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	459086358	76935356	783769837	64249283	57354861	74862382
475603124	673665710	27041831	826307163	47210237	6376205641	36063465	230943257	53754601	346718537	871765436
32058685	368756825	32095848	2475	122362	36458248	77812745	94359871	89572358	7973975	1197548
53568136	51724278	53654357	2043848	2375	6246527	64570231	85783756	7358345	90861	5876935
65764576	31205756	61347560	3124673	665	7102704	1831826	307	6347210	2376376	205

léirigh coirce geimhridh an laghdú ba mhó (43%). Tháinig laghdú de 10% agus 14% faoi seach ar eorna geimhridh agus earraigh. Tháinig laghdú de 22% ar tháirgeadh cruithneachta mar gheall ar laghduithe ar an achar inar cuireadh agus barra do chruithneacht geimhridh agus chruithneacht earraigh araon.

**Tábla 3.14 Achar, Barr agus Táirgeadh de Ghránbharr, 2005**

	Achar (000 heicteár)	Barr (tonnaí in aghaidh an heicteáir)	Táirgeadh <sup>1</sup> (000 tonna)
<b>Iomlán na nGránbharr</b>	<b>275.7</b>	<b>7</b>	<b>1,934</b>
<b>Cruithneacht</b>	<b>94.7</b>	<b>8.4</b>	<b>798</b>
Geimhreadh	65.3	8.8	575
Earrach	29.4	7.6	223
<b>Eorna</b>	<b>164.5</b>	<b>6.2</b>	<b>1,025</b>
Geimhreadh	16.5	7.4	122
Earrach	148	6.1	903
<b>Coirce</b>	<b>16.5</b>	<b>6.7</b>	<b>111</b>
Geimhreadh	8.4	7.3	62
Earrach	8.1	6.1	49

1 Tagraíonn sé don táirgeadh ar fad, a dhíoltar ina dhiaidh nó mar rogha eile, a úsáidtear do bheathú  
Foinse: CSO

Bhí caighdeán an ghráin a baineadh i 2005 sásúil ach fuarthas gur ábhar díomá a bhí i mbarra, cé go bhfuil éagsúlacht mór idir barra agus réigiúin.

Léiríonn figiúirí meastacháin an fhómhair laghdú géar ar chur, bhí an t-achar iomlán inar cuireadh ag thart ar 276,000 heicteár, 10% níos lú ná 2004. Is é atá freagrach as an staid seo ná laghduithe ar chur do na trí príomhghránbharr agus feirmeoirí ag smaoineamh ar a roghanna arís mar thoradh ar an gcóras tacaíochta díchúpláilte nua.

### Forbhreathnú 2006


De réir meastacháin tosaigh beidh táirgeadh an AE ag 268 milliún tonna don fhómhar, méadú de 5% ó 2005. Má fhaightear go bhfuil na meastacháin seo ceart, beifear ag súil go mbeidh praghsanna gránbharr fós íseal. Beidh an deis laghdú a dhéanamh ar stoic idirghabhála ag brath don chuid is mó ar cé chomh rathúil agus atá an AE i margaí onnmhairithe. Beidh neart reatha an euro i gcoinne dollar na SA ina fhachtóir fós maidir leis seo.

In Éirinn, léiríonn comharthaí luatha laghdú ar ghránbharr geimhridh a chur. Beidh cur cruithneachta geimhridh, arb é an príomhbharr geimhridh é, gar don bhliain seo caite, ach táthar ag ceapadh go mbeidh laghdú ar eorna geimhridh agus coirce geimhridh araon.

## 3.8 Barra Fréimhe

### An Earnáil Phrátaí

Bhí laghdú ar tháirgeadh prátaí leis an earnáil fós ag éirí níos dlúithe i gCúige Laighean. Chuir an laghdú seo le roinnt gluaiseachta suas i bpraghsanna.



### Achar, Barr agus Táirgeadh

Bhí laghdú 16% ar bharrá ón mbaic de 41.4 tonna in aghaidh an heicteáir a baineadh amach i 2004. Mar thoradh ar seo, chomh maith le laghdú 8% ar an achar a baineadh an fómhar as, bhí laghdú 24% ar tháirgeadh prátaí do 2005.

**Tábla 3.15 Achar, Barr agus Táirgeadh de Phrátaí, 2004-2005**

	Achar (000 heicteár)	Barr (tonnaí in aghaidh an heicteáir)	Táirgeadh (000 tonna)
2004	13.3	41.4	552
2005	12.2	34.7	422

Foinse: CSO

### Biatas Siúcra

#### Praghsanna

Tá dlúthbhaint idir an praghas conartha do bhiatas siúcra agus praghas idirghabhála siúcra an AE, a d'fhan gan athrú le roinnt blianta anuas. Laghdaíodh cuótaí siúcra go sealadach do 2005/06 i gcomhthéacs theorannacha an EDT ar aisíocaíochtaí onnmhairithe. I gcás na hÉireann bhí an laghdú díreach thar 14,000 tonna. Is é an cuóta leasaithe ná 185,072 tonna.

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 7486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

### Achar, Barr agus Táirgeadh

Tháinig laghdú ar an mbarr do bhiatas siúcra i 2005<sup>2</sup> D'fhéadfadh gnáthaimh chonartha nua do shaothraithe atá ceaptha le bheith inchurtha níos mó le táirgeadh leis an gcuóta siúcra náisiúnta a bheith ar cheann de na cúiseanna leis seo. Ba é an t-achar conraithe do bhiatas siúcra i 2005/2006 ná 30,816 heicteár. Ba é an méanchion siúcra ná 16.7% Bhí an biatas siúcra conraithe seachadta sásúil go leor chun ligean don táirgeadh de níos mó ná an cuóta siúcra.

Tábla 3.16 Achar, Barr agus Táirgeadh Bhiatas Siúcra, 2004/2005 - 2005/2006

	Achar (000 heicteár)	Barr (tonnaí in aghaidh an heicteáir)	Táirgeadh (000 tonna)
2004/2005	31.1	60	1,359
2005/2006	30.8	n/a	1,201

Foinse: Irish Sugar Ltd agus Meastachán RTB

Is é Irish Sugar Ltd, fochomhlacht Greencore plc, an t-aon déantúsóir siúcra in Éirinn. I Márta 2005, dhún an comhlacht a mhonarcha siúcra i gCeatharlach agus chuir sé tús le socruithe chun a déanamh siúcra a chomhdhlúthú ag an t-aon fhearas atá fágtha aige i Mala. In am tráth próiseáladh cuóta siúcra iomlán na hÉireann don bhliain margaióchta 2005 i Mala.

I Samhain 2005, i ndiaidh idirbheartaíochtaí tochta agus fadaithe, tháinig Comhairle AE na nAirí Talmhaíochta ar shocrú polaitíochta ar mholtaí um chóras siúcra AE athraithe a rachaidh i bhfeidhm ó 1 Iúil 2006 nuair a éagann an córas reatha. D'aithin staidéir tionchair a rinne An Coimisiún Eorpach Éire mar stát amháin i ngrúpa beag de Bhallstáit inar cosúil go laghdófaí go dian táirgeadh siúcra nó go gcuirfí críoch de réir a chéile air mar thoradh ar an leasú. Ach thug an t-aontas deireanach an deis go leanfadh táirgeadh siúcra in Éirinn ar aghaidh do dhá fheachtas eile. D'fhoráil an t-aontas do phacáiste cúitimh arbh fhiú é agus €310 milliún do gheallchoimeádaithe na hÉireann sa chás go stopfadh táirgeadh siúcra, ina mbeadh dúnadh monarchan agus tréigean cuótaí i gceist.

### Forbhreathnú 2006

I Márta 2006, d'fhógair Greencore go raibh sé chun fearas Mhala a dhúnadh agus go stopfadh sé ag táirgeadh siúcra in Éirinn. Cinneadh tráchtála ag an gcomhlacht a bhí ann agus é ag breathnú ar staid an mhargaidh siúcra a bhí ag dul in olcas agus tionchar comhaontas leasaithe siúcra an AE. Rachaidh na socruithe cúitimh a foráladh dóibh sa chomhaontas leasaithe i bhfeidhm anois agus cuirfear críoch leo nuair a ghlacfar le rialacha feidhmithe Choimisiún an AE sna míonna atá romhainn.

## 3.9 Gairneoireacht

### Aschur in Éirinn

I 2005 measadh go raibh luach aschuir na hearnála gairneoireachta ag €294.6 milliún agus méadú de 15% tagtha ar luach torthaí úra.

Tábla 3.17 Luach Aschuir na Gairneoireachta 2004-2005

	2004 €m	2005* €m	% athrú 2005/2004
Beacáin	114.5	110.0	-4.0%
Glasraí Úra Eile	74.3	80.2	+8.0%
Torthaí Úra	28.1	33.2	+18.0%
Eile	74.1	74.0	-
<b>Iomlán</b>	<b>291.0</b>	<b>297.8</b>	<b>+2.0%</b>

Foinse: CSO (2004); Meastachán luath RTB (2005)

**Beacáin:** Mhéadaigh na saothraithe níos mó éifeachtacht táirgthe agus bhí táirgeadh beacán fós seasmhach. Bhí comhdhlúthú laistigh den earnáil fós i 2005, cé go raibh an ráta níos ísle ná mar a bhí sé sna blianta roimhe.

**Torthaí agus Glasraí:** Bhí trádáil glasraí fós seasmhach, agus bhí laghdú beag ar an achar barr a fásadh i 2005. Bhí praghsanna cosúil le praghsanna 2004. Bhí bliain mhaith ag earnáil na dtorthaí boga, le barra agus caighdeán ar fheabhas. Bhí laghdú ar bharr uill ó 2004 mar gheall ar choinníollacha neamhfhabhracha i rith príomhamanna an tséasúir saothraithe. Ina dhiaidh sin, bhí caighdeán an toraidh go maith go ginearálta agus bhí praghsanna níos daingne ná mar a bhí siad i 2004 mar gheall ar réiteach níos fearr idir soláthar agus éileamh. Tá táirgeadh úlla ceirtlise fós ag méadú.

**Stoc Plandlainne:** Bíonn an margadh do stoc plandlainne ag fás i gcónaí. Meastar gurb é an t-aschur d'ábhar fásta sa bhaile ná €47 milliún. Ghlac an margadh díola agus fás leanúnach gnóthaí tírdhreacha ról tábhachtach i bhforbairt na hearnála seo. Táthar ag súil le méaduithe ar thrádáil idirnáisiúnta don earnáil seo.

## 3.10 Tomhaltas Idirmheánach I dTalmhaíocht (Ionchuir)


### Caiteachas ar Thomhaltas Idirmheánach

Bhí caiteachas ar thomhaltas idirmheánach i dtalmhaíocht fós seasmhach go leor agus é ag €3,443 milliún i 2005 (féach ar Thábla 3.12). Fad is a bhí laghdú in úsáid thar an raon d'ionchuir idirmheánacha (seirbhísí talmhaíochta agus fuinnimh ach go háirithe), cúitíodh iad seo le méaduithe

58482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061347
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354861	74862382320158	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	8717654363562	
320586853687568253	320958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	6036430165	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	37964249283	
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	5763754601	

praghais i limistéir eile ar nós fuinneamh agus leasacháin. Tháinig laghdú ar phraghsanna do bheathú ainmhithe, ar ceathrú amháin de thomhaltas iad, i rith 2005.

**Figiúr 3.12 Tomhaltas Idirmheánach, – % Scair de Mhíreanna Roghnaithe, 2005**



### Innéacsanna Praghais d'Ionchuir Talmhaíochta

I 2005, mhéadaigh leibhéal praghais na n-ionchur talmhaíochta faoi 4.4%. Tháinig an méadú ba mhó ar chostas breosla mótair le méadú de beagnach 20% tagtha ar phraghsanna. Tháinig méadú ar phraghsanna leictreachais agus leasacháin freisin, ach bhí laghdú ar chostas ábhair bheathaithe.

**Tábla 3.18 Innéacs Praghais na nIonchuir Talmhaíochta, 2004-2005**


	Meánathrú 2004	Meánathrú 2005
<b>Praghsanna Ionchuir</b>	<b>3.9%</b>	<b>4.4%</b>
<b>Ábhair bheathaithe</b>	<b>4.0%</b>	<b>-1.6%</b>
<i>dá bhfuil</i>		
Díreach	7.3%	-0.2%
Tógáil	3.7%	-2.6%
Muc	4.1%	-0.3%
Éanlaith Chlóis	3.2%	1.1%
<b>Leasacháin</b>	<b>1.9%</b>	<b>8.1%</b>
<i>dá bhfuil</i>		
Díreach	4.0%	9.1%
NPK	0.7%	8.0%
PK	1.2%	3.5%
<b>Síolta</b>	<b>0.9%</b>	<b>-0.4%</b>
<b>Costais Tréidliachta (I.S. san áireamh)</b>	<b>1.0%</b>	<b>1.6%</b>
<b>Breoslaí Mótair</b>	<b>11.2%</b>	<b>19.6%</b>
<b>Leictreachas</b>	<b>5.1%</b>	<b>8.0%</b>

Foinse: CSO, Innéacsai Praghais Talmhaíochta


### Ábhair Bheathaithe d'Ainmhithe

I 2005, bhí costas iomlán ábhair bheathaithe d'ainmhithe cothrom le costas 2004 ag €864 milliún. I gcomparáid le 2004, tháinig méadú imeallach ar thoirt ábhair bheathaithe d'ainmhithe go 3.6 milliún tonna. Aisiompú é seo ar an treocht anuas go bliantúil ón mbuaic tháirgthe de 3.7 milliún a taifeadadh i 2002. Mar thoradh ar aimsir fliuch sa dara leath den bhliain, cuireadh eallach isteach níos luaithe agus mar sin bhí méadú ar ionghabháil ábhair bheathaithe chomhdhúile.

**Figiúr 3.13 Innéacs Praghais do na hÁbhair Bheathaithe Uile, 2004-2005**



**Figiúr 3.14 Táirgeadh Ábhair Bheathaithe Chomhdhúile, 2004-2005**




23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

### Leasachán


I 2005 tháinig méadú 1.7% go €364.4 milliún ar luach na leasachán a úsáideadh (aolchloch meilte san áireamh) lena n-áirítear méadú praghais de 6.5%.

**Figiúr 3.15 Innéacs Praghais do na Leasacháin Uile, 2004-2005**



Tháinig laghdú 3.8% ar dhíolacháin iomlán leasacháin NPK don bhliain díola ó Dheireadh Fómhair 2004 go Meán Fómhair 2005. Bhí laghduithe ar úsáid na bpríomhchothaitheach, tháinig laghduithe de 2.9%, 9.4% agus 9% ar dhíolacháin nítrigine (N) fosfair (P) agus potaisiam (K) faoi seach.


**Figiúr 3.16 Díolacháin de Leasacháin de réir Chomhábhair Choithaithigh, 2003/2004-2004/2005**



### Costais Fhuinnimh

I 2005, tháinig méadú 17% ar phraghas na dtáirgí fuinnimh ar fad. San áireamh sa mhéadú seo bhí meánathruithe sa bhliain de beagnach 20% ar bhreoslaí mótaí agus 8% ar leictreachas.

**Figiúr 3.17 Innéacs Praghais don Fhuinneamh Ar Fad, 2004-2005**



Athbhreithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

# Caibidil 4 Struchtúr Thalmhaíochta


## 4.1 Achoimre

Leagann an chaibidil seo amach an t-athrú atá ag teacht ar struchtúr feirmeoireachta na hÉireann ag úsáid staitisticí CSO a tháinig amach le déanaí i gcónasc le Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc 2004 agus le foinsí eile. Déantar comparáid le tíortha eile AE san áit go bhfuil sonraí ar fáil.

## 4.2 Líon agus Méid na bhFeirmeacha

Tháinig laghdú 1.5% sa bhliain ar líon na bhfeirmeacha in Éirinn idir 2000 agus 2003 go dtí 135,300<sup>1</sup>. Thar an tréimhse seo lean an treocht de mhéadú i méid na bhfeirmeacha, le líon na bhfeirmeacha os cionn 100 heicteár ag méadú faoi 9% agus líon na bhfeirmeacha de 30 heicteár agus níos lú ag laghdú faoi thart ar 6% ó 87,700 go dtí 82,200. Mar thoradh ar na treochtaí seo tá méadú tagtha ar an meán-mhéid d'fheirm ó 31.4 heicteár i 2000 go dtí 32.3 heicteár i 2003. Thar an tréimhse 1993 go 2003 tháinig méadú de 5.5 heicteár ar mheán-mhéid na bhfeirmeacha.

Figiúr 4.1 Struchtúr Méide Feirme in Éirinn, 2003



Foinse: CSO

Tá comparáid fabhrach ag méid na bhfeirmeacha in Éirinn le méid na bhfeirmeacha san AE-25<sup>2</sup> meán de 15.8 heicteár i 2003 agus meán de 20.2 don AE-15. Tá an líon na sealbhóirí feirme san AE-25 measta mar 9.87 milliún, le 3.63 milliún díobh seo sna Ballstáit nua lena n-áirítear 2 milliún sa Pholainn.

Tábla 4.1 Líon na nGabháltas (000) san AE-25, 2003

Tíortha	Líon na nGabháltas <sup>1</sup> (000)	Tíortha	Líon na nGabháltas <sup>1</sup> (000)
AE-25	9,870.6	An Laitvia	126.6
AE-15	6,238.6	Lucsamburg	2.5
An Bheilg	54.9	An Ungáir	773.4
Poblacht na Seice	45.8	Málta	11.0
An Danmhairg	48.6	An Ísiltír	85.5
An Ghearmáin	412.3	An Ostair	173.8
An Eastóin	36.9	An Pholainn	2,172.2
An Ghréig	824.5	An Phortaingéil	359.3
An Spáinn	1,140.7	An tSlóvaic	77.1
An Fhrainc	614.0	An tSlóivéin	71.7
Éire	135.3	An Fhionlainn	75.0
An Iodáil	1,963.8	An tSualainn	67.9
An Chipir	45.2	An Ríocht Aontaithe	280.6
An Liotuáin	272.1		

<sup>1</sup> Feirmeacha os cionn 1 heicteár.

Foinse: Ardstiúrthóireacht an Aontais Eorpaigh um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, *Agriculture in the European Union – Statistical and Economic Information* (2005), Feabhra 2006.

Bíonn éagsúlacht shuntasach i méid na bhfeirmeacha ar fud an AE-25 ó 79.4 heicteár i bPoblacht na Seice go dtí 1 hectare i Málta (Féach ar Fhigiúr 4.2). Tá an céatadán d'fheirmeacha os cionn 50 heicteár i ngach ceann de thíortha an AE-25 éagsúil ó 46% i Lucsamburg go dtí 0% i Málta. In Éirinn, tá timpeall 18% d'fheirmeacha nó 24,200 feirm os cionn 50 heicteár.

## 4.3 Líon na bhFeirmeacha don Todhchaí


Measann a thuilleadh anailíse ar réamh-mheastachán de líon na bhfeirmeacha don todhchaí, a ullmhaíodh don Choiste Argai-Físe 2015, go mbeidh timpeall 63% den 105,000 a réamh-mheasadh do 2015 ina fheirmeoirí páirtaimseartha le fostaíocht lasmuigh den fheirm. Beidh thart ar 40,000 feirm inmharthana pé acu ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha. (Féach ar Thábla 4.2).

<sup>1</sup> Tá líon iomlán na sealbhóirí sa stát beagán níos lú ná líon iomlán na bhfeirmeacha mar níl comhlachtaí, tráchtála, institiúidí, 7rl. san áireamh san fhiigiúr seo.

<sup>2</sup> Ardstiúrthóireacht an Aontais Eorpaigh um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, *Agriculture in the European Union – Statistical and Economic Information* (2005), Feabhra 2006.

23756246527645218578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

**Figióir 4.2 Meán-mhéid Feirme agus Céatadán d'Fheirmeacha os cionn 50 heicteár san AE-25, 2003**



Foinse: Ardstiúrthóireacht an Aontais Eorpaigh um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, *Agriculture in the European Union – Statistical and Economic Information* (2005), Feabhra 2006.

**Tábla 4.2 Líon na bhFeirmeacha i 2002 agus Réamh-mheastacháin ar Líon na bhFeirmeacha i 2015**


	2002	2015
<b>Feirmeacha Inmharthana</b>	<b>38,700</b>	<b>40,000</b>
Inmharthana Lánaimseartha (ní thuilleann an feirmeoir aon ioncam eile)	29,925	18,500
Inmharthana Páirtaimseartha (tuilleann an feirmeoir ioncam eile)	8,700	21,500
<b>Feirmeacha Neamh-Inmharthana</b>	<b>37,000</b>	<b>45,000</b>
Neamh-Inmharthana Lánaimseartha (ní thuilleann an feirmeoir aon ioncam eile)	6,481	6,481
Neamh-Inmharthana Páirtaimseartha (tuilleann an feirmeoir ioncam eile)	30,900	38,500
<b>Feirmeacha idirthréimhseacha (níl aon ioncam eile á thuilleamh ag an bhfeirmeoir ná a chéile)</b>	<b>60,400</b>	<b>20,000</b>
Mion-Fheirmeacha (feirm mar chaitheamh aimsire)	20,000	6,000
<b>Gach Feirm</b>	<b>136,100</b>	<b>105,000</b>
<b>% feirmeoirí lánaimseartha (feirmeoireacht amháin)</b>	<b>58%*</b>	<b>37%</b>
<b>% feirmeoirí páirtaimseartha (tá post ag an bhfeirmeoir lasmuigh den fheirm)</b>	<b>42%*</b>	<b>63%</b>

Foinse: Hennessy, T., (2005), neamhfhoilsithe.  
 \*Foinse: CSO, 2003

#### 4.4 Soghluaisteacht Talún

Cé go bhfuil feabhas tagtha ar struchtúir fheirme, bac leanúnach is ea an leibhéal íseal soghluaisteachta talún in Éirinn. Tá an méid talún talmhaíochta á chur ar fáil le haghaidh díolacháin gach bliain tar éis laghdú faoi 71% le deich bliain anuas agus tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna talún dá bharr, mar atá léirithe i bhFigióir 4.3. I 2004 bhí ardú 13% go €16,261 in aghaidh an heicteáir ar phraghsanna talún talmhaíochta. Athraíonn praghsanna talún go suntasach thar an AE-25 ó €406 in aghaidh an heicteáir sa Liotuáin go €29,300 in aghaidh an heicteáir san Ísiltír<sup>3</sup>.

**Figióir 4.3 Praghsanna Talún agus Achar Talmhaíochta Díolta Measta, 1995-2004**



Foinse: CSO Díolacháin Talún ríofa ó mheán-mhéid an idirbhearta agus líon na n-idirbhearta

In iarracht chun méid na feirme a mhéadú agus chun deacrachtaí de bharr praghsanna arda talún a shárú tá mórán feirmeoirí ag léasú nó ah cíosú-isteach. Thóg 47% d'fheirmeoirí

58482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	56450165	76457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	76935356	783769837	56424928	35735486	74862382
475603124	673665710	270418318	26307163	472102376	376205641	36063465	230943257	53754601	346718537	871765436
32058685	368756825	320958482	475 12236	23645824	877812745	94359871	895723587	97397511	97548375	83503843
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	78375673	583459086	58769353	567837698	379642492
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	63472102	376376205	54136063	465230943	576375460

curadóireachta nó déiríochta talamh ar léas i 2003. Thóg 45,000 feirmeoir 866,800 heicteár ar léas nó ar cíos i 2003.

Tábla 4.3 Céatadán d’Fheirmeoirí ag Tógáil Talamh Feirmeoireachta ar Cíos agus na hAchair á dtógáil ar Cíos, 2003

Cineál Feirme	% d’Fheirmeoirí ag Tógáil Talamh Feirmeoireachta ar Cíos	Achar Tógtha ar Cíos (ha)
Curáíocht speisialtóra	47%	122,600
Déiríocht speisialtóra	53%	223,300
Táirgeadh mairteola speisialtóra	27%	306,100
Caoirigh speisialtóra	25%	52,500
Beostoc féaránach ilchineálach	32%	110,800
Barra ilchineálacha agus beostoc	48%	43,900
Eile	30%	7,600
<b>Iomlán na Talún Feirme Tógtha ar Cíos</b>		<b>866,800</b>

Foinse: CSO


San áireamh sna scéimeanna agus faoisimh a spreagann soghluaiseacht talún tá:

- an Scéim Luathscoir,
- Scéim Cúnaimh Insealbhairthe d’fheirmeoirí óga oilte;
- Cáin Ghnóthachan Caipitiúil – Faoiseamh Scoir;
- Díolúine Chánach Ioncaim Chíosa d’fheirmeoirí os cionn 40 bliain d’aois;
- Cáin Ghnóthachan Caipitiúil – Faoiseamh Talmhaíochta;
- faoiseamh Dleachta Stampa d’fheirmeoirí óga oilte;
- Scéimeanna faoisimh Dleachta Stampa ina bhfuil talamh á aistriú idir dhá fheirmeoir ar son comhdhlúthú feirme.

## 4.5 Úsáid Talún

Is é achar iomlán talún na hÉireann ná 6.9 milliún heicteár ina bhfuil 4.3 milliún heicteár nó 62% in úsáid talmhaíochta. I 2004 bhí 90% de thalamh feirme faoi fhéar le 7% faoi ghrán agus 3% faoi churaíocht eile (prátaí, siúcra, biatas 7rl.). Ó 1994 go dtí 2004 tháinig laghdú de 2% ar an achar talún faoi fheirmeoireacht. Is iad na príomhathruithe in achar talmhaíochta ná laghdú 54% san achar a cuireadh ar fáil do tháirgeadh féir, méadú 11% ar an achar faoi shadhlas chomh maith le méadú 15% san achar faoi ghrán. I 2005 tháinig laghdú 10% ar an achar faoi ghrán, go suntasach coirce geimhridh agus eorna geimhridh.

Figiúr 4.4 Úsáid Talún in Éirinn, 1994 agus 2004




Tá achar talún talmhaíochta laghdaithe faoi 5% laistigh den AE-15 sa tréimhse 1992-2002<sup>4</sup>. Tá éagsúlacht mór laistigh de thíortha an AE sa chéatadán de scar talún faoi fheirmeoireacht ina iomláine, leis an RA ag 70% i gcomparáid le 7% agus 8% sna tíortha Lochlannacha den tSualainn agus an Fhionlainn faoi seach.

## 4.6 Próifíl Aoise na bhFeirmeoirí

Ar an meán tá 8%<sup>5</sup> d’fheirmeoirí an AE faoi bhun 35 bliain d’aois. Mar sin féin, in Éirinn, tá timpeall 11% d’fheirmeoirí faoi bhun 35 bliain d’aois. Tá sé mar an gcéanna d’fheirmeoirí níos aosta le 20% d’fheirmeoirí na hÉireann os cionn 65 bliain d’aois i gcomparáid leis an meán san AE de 29%<sup>5</sup>.

Figiúr 4.5 Próifíl Aoise Fheirmeoirí na hÉireann, 2003



4 OECD, *Agricultural Policies in the OECD: Monitoring and Evaluation, 2005*

5 Eurostat, *Statistics in Focus, Theme 5 16/2003*

23756246520318578375672583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

In iarracht chun feabhas leanúnach a chur ar phróifíl aoise fheirmeoirí na hÉireann tá roinnt inspreamhadh ar bun chun áis a dhéanamh chun an fheirm a aistriú go dtí feirmeoirí óga agus na feirmeoirí óga seo a spreagadh chun oiliúint talmhaíochta chuí a fháil:

- tá deontas Cúnaimh Insealbhaite de €9,520 ar fáil d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bliain d'aois, a chomhlíonann critéir áirithe;
- 100% faoiseamh Dleachta Stampa ar aistrithe talún talmhaíochta agus foirgnimh go dtí feirmeoirí óga oilte;
- 100% faoiseamh stoic suas go ceithre bliana d'fheirmeoirí óga oilte;
- 90% faoiseamh talmhaíochta ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil;
- tosaíocht chun teacht ar an Scéim Athstruchtúrtha Cuóta Baine;
- Pinsean Luathscóir AE de suas le €13,515 ar feadh tréimhse suas le 10 bliain ar aistriú feirme trí bhronntanas, dhíol nó léas.

#### 4.7 Ionchur Oibre Ar Fheirmeacha

Soláthraíonn an Suirbhé Náisiúnta Feirme mionsonraí ar ionchur oibre ag cur riachtanais lae fir caighdeánacha<sup>6</sup> d'fheirmeacha lánaimseartha agus páirtaimseartha araon san áireamh. Sainmhíníonn sé feirm lánaimseartha mar fheirm ina bhfuil ar a laghad 0.75 d'aonad oibre ag teastáil dá feidhmíú<sup>7</sup> agus feirm páirtaimseartha mar fheirm ina bhfuil níos lú ná sin riachtanach. Ag úsáid na sainmhínte seo

rangaíodh 62% d'fheirmeacha mar pháirtaimseartha agus 38% nó 42,700 mar lánaimseartha i 2004.

Ar an meán i 2004 bhí ionchur oibre sa bhreis ar riachtanas lae fir caighdeánach faoi 24%. Mar sin féin tá éagsúlacht mhór idir chórais fheirmeoireachta, le breis oibre i gcórais eallaigh agus chaorach agus ganntanas oibre i gcórais déiríochta agus churadóireachta. Taispeánann torthaí d'fheirmeacha lánaimseartha go bhfuil ganntanas oibre trasna gach córas le hoibríthe teaghlaigh ag cur ar an meán 80% d'ionchur oibre feirme ar fáil. I gcas feirmeacha curadóireachta, cuireann obair theaghlaigh 60% don ionchur oibre isteach. I gcomparáid leis sin tá an meán ionchur oibre do gach córas feirme páirtaimseartha breis agus dhá oiread lá fir caighdeánach agus atá riachtanach do gach córas feirmeoireachta, ach amháin déiríocht. Taispeánann sé seo an fhéidearthacht atá ann chun éifeacht oibre ar fheirmeacha páirtaimseartha a fheabhsú.

De réir an CSO, ba é an t-ionchur oibre iomlán ar fheirmeacha Éireannacha i 2003 ná 163,200 aonad oibre bliantúil<sup>8</sup> nó 1.2 aonad oibre in aghaidh na feirme.

#### 4.8 Fostaíocht Lasmuigh Den Fheirm

Tá sonraí sa Suirbhé Náisiúnta Feirme ag Teagasc ar fhostaíocht lasmuigh den fheirim i measc sealbhóirí feirme agus a gcéilí. Taispeánann na torthaí go raibh fostaíocht lasmuigh den fheirm ag 52% d'fheirmeoirí nó a gcéilí i 2004, méadú de 2% ar an mbliain roimhe sin le fostaíocht i measc feirmeoirí ag méadú go dtí 36%.

Tábla 4.4 Comparáid idir Ionchur Oibre agus Riachtanais Lae Fir Chaighdeánacha ar Fheirmeacha, 2004

	Déiríocht	Déiríocht agus Eile	Tógáil Eallaigh	Eallach Eile	Caoirigh	Curaíocht	Na Córais go léir
<b>Gach Feirm</b>							
Aonaid Oibre Teaghlaigh	1.35	1.35	0.92	0.95	0.96	0.92	1.05
LFC gan lucht saothair fostaith	1.60	1.47	0.44	0.51	0.76	1.15	0.85
Obair an teaghlaigh mar % LFC gan lucht saothair fostaith	85%	92%	209%	186%	126%	80%	124%
<b>Feirmeacha lánaimseartha</b>							
Aonaid Oibre Teaghlaigh	1.36	1.44	1.13	1.39	1.21	1.16	1.32
LFC gan lucht saothair fostaith	1.68	1.91	1.15	1.41	1.52	1.93	1.65
Obair an teaghlaigh mar % LFC gan lucht saothair fostaith	81%	75%	98%	99%	80%	60%	80%
<b>Feirmeacha Páirtaimseartha</b>							
Aonaid Oibre Teaghlaigh	1.19	1.14	0.90	0.85	0.85	0.67	0.88
LFC gan lucht saothair fostaith	0.73	0.47	0.36	0.30	0.41	0.33	0.36
Obair an teaghlaigh mar % LFC gan lucht saothair fostaith	163%	243%	250%	283%	207%	203%	244%

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

6 Laethanta Fir Caighdeánacha (LFC), ocht n-uair oibre soláthartha ag duine os cionn aois 18. Úsáidtear an méid LFC riachtanach de réir an heicteáir do na barraí difriúla, agus in aghaidh an chinne do chatagóirí beostoic éagsúla chun an uimhir iomlán de LFC atá riachtanach chun feirm a rith a ríomhadh.


7 Sainmhínítear aonad oibre mar 1,800 uair caite ag obair ar fheirm ag duine os cionn 18 bliain d'aois (Suirbhé Náisiúnta Feirme).

8 1 aonad oibre bliantúil = 1800 uair nó níos mó d'ionchur oibre in aghaidh an duine sa bhliain (CSO).




23756246527645720318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 87486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

**Figióir 4.8 % de Fhostaíocht Talmhaíochta glactha ag Mná san AE-25, i 2004**




Foinse: Ardstiúrthóireacht an Aontais Eorpaigh um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, *Agriculture in the European Union – Statistical and Economic Information* (2005), Feabhra 2006.

**Figióir 4.9 Iasacht agus loncam san Earnáil Talmhaíochta, 1994-2005**



Foinse: An Banc Ceannais, Ráitis Ráithúla agus CSO, Aschur, lonchur agus loncam sa Talmhaíocht, ó bhlianta éagsúla  
 \*Tá figióir 2005 d'iasachtaí mar atá ar 30 Meán Fómhair 2005

**Figióir 4.10 Ús ar Chaipiteal Tógtha ar Iasacht Íochta ag an Earnáil Feirmeoireachta, 1994-2005**



Foinse: CSO, Aschur, lonchur agus loncam sa Talmhaíocht, Blianta Éagsúla

Athbheithniú agus Forbheithniú Bliantúil 2005/2006

**Ús**

Meastar ús íochta ar chaipiteal tógtha ar iasacht mar €304.1 milliún nó timpeall 11% den fharasbarr oibríochta i 2005. Léiríonn sé seo méadú thart ar 10.3% ón €275.6 milliún in ús a d'íoc an earnáil feirmeoireachta i 2004.

**Infheistíocht**

Bheadh cuid den méadú in iasachtaí inchrurtha i leith infheistíocht talmhaíochta, a mhéadaigh faoi 7% i 2004 go dtí €566 milliún. Tharla an méadú infheistíochta is mó i bhfoirgnimh fheirme agus innealra agus gléasra feirme.

**Tábla 4.6 Foirmiú Caipitil Sheasta Chomhlán i dTalmhaíocht, 2003-2004**

€m praghsanna reatha	2003	2004
Foirgnimh Fheirme	88	128
Feabhsuithe Talún	7	10
Trealamh Iompair	108	105
Innealra agus Trealamh Talmhaíochta	223	244
Trealamh Eile	99	90
Iomlán (gan Stoic Tógála san áireamh)	525	577
Stoic Tógála	+2	-11
Iomlán (Stoic Tógála san áireamh)	527	566

Foinse: CSO, Rannóg na gCuntas Náisiúnta

# Caibidil 5 An Tionscal Bia

## 5.1 Achoimre

Tá an earnáil bhia, dí agus tobac (BDT) ar cheann de na hearnálacha is tábhachtaí i ngeilleagar na hÉireann mar thoradh ar an nádúr dúchasach a bhaineann leis. D'fhostaigh an earnáil BDT 53,500 duine go díreach sa bhliain 2005, bhí olltáirgeacht thart ar €18.7 billiún aige agus d'onnmhairigh sé táirgí de luach sa bhreis ar €7.5 billiún sa bhliain chéanna.

Tábla 5.1 An Tionscal Bia sa Gheilleagar Náisiúnta, 2004-2005

Bia, Deoch agus Tobac mar % de	2004	2005
OTI	6.3%	5.9%
Fostaíocht	2.9%	2.8%
Scair Agraibhia d'Onnmhairí Iomlána	8.5%	8.5%

Foinse: CSO, RTB, An Roinn Airgeadais

## 5.2 Méid agus Structúr na hEarnála Bia, Dí agus Tobac

### Aschur agus Láimhdeachas

Bhain thart ar 19% den olltáirgeacht do na tionscail déantúsaíochta go léir sa bhliain 2004 leis an earnáil BDT. Mhéadaigh olltáirgeacht don earnáil BDT faoi 5% i 2004 go dtí €18.7 billiún, ach nuair a fhágtar tobac agus deochanna as an áireamh, mhéadaigh an earnáil bhia faoi 7% go dtí €16.9

billiún. Is iad na fo-earnálacha is mó ná táirgeadh agus caomhnú feola agus déantúsaíocht na dtáirgí déiríochta, a dhéanann suas breis is 35% den olltáirgeacht nuair a chuirtear le chéile iad.

### Breisluach Comhlán

In ainneoin an mhéadaithe ar olltáirgeacht, laghdaigh an breisluach comhlán (BLC) ag praghasanna margaidh faoi bhreis is 9% i 2004 go dtí €8.3 billiún. Nuair a fhágtar deochanna agus tobac as an áireamh, áfach, léiríonn an earnáil bhia méadú 3% go dtí €5.6 billiún, a chlúdaigh ionann is 68% de BLC na hearnála BDT. Ba é 20% an scair a bhí ag BDT sa BLC iomlán tionsclaíoch i 2004, figiúr atá inchurtha lena scair den olltáirgeacht.

Léiríonn Tábla 5.4 miondealú an BLC do tháirgeadh agus chaomhnú na mairteola, na circeola agus táirgí eile feola don bhliain 2003. Tá níos mó ná 46% de láimhdeachas iomlán na hearnála feola i gceist le tionscal na mairteola ach níl ach 28% de BLC na hearnála sin i gceist leis.

### Fostaíocht

Tá thart ar 45,100 oibrí tionscail<sup>1</sup> fostaithe go díreach san earnáil BDT (féach ar Thábla 5.5) agus thart ar leath dóibh (47%) fostaithe sna hearnálacha feola agus déiríochta. Laghdaigh an fostaíocht iomlán i BDT faoi beagnach 2% i 2005. Baineann thart ar 20% den fostaíocht iomlán déantúsaíochta leis an earnáil BDT.

Tábla 5.2 Olltáirgeacht an Tionscail Bhia ag Praghsanna Margaidh, 2003-2004

Cód NACE	Sonraí	2003		2004	
		€m	% Iomlán	€m	% Iomlán
15-37	Tionscail Déantúsaíochta Uile	94,804	100.0%	99,128	100.0%
15-16	BDT	17,803	18.8%	18,702	18.9%
	<i>dá bhfuil</i>		% FDT		% FDT
151	Feoil	4,017	22.6%	4,104	21.9%
152	Éisc	378	2.1%	330	1.8%
153	Torthaí agus Glasraí	164	0.9%	184	1.0%
155	Déiríocht	2,984	16.8%	2,507	13.4%
156-157	Grán agus Ábhair Bheathaithe d'Ainmhithe	860	4.8%	832	4.5%
154, 158	Táirgí Bia Eile	7,465	41.9%	8,981	48.0%
159	Deochanna	1,706	9.6%	1,662	8.9%
16	Tobac	229	1.3%	100	0.5%

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeacht Tionsclaíoch, Meastacháin Luatha 2004

<sup>1</sup> Fuarthas an méid seo ón Sraith Fostaíochta Tionscail; is ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh a fuarthas na sonraí i dTábla 1.3. Níl na sonraí sin comparáideach go díreach toisc go n-áirítear sna figiúirí a fuarthas ó suirbhéanna teaghlaigh, oibríthe a dhéanann a gcuntas féin, toisc go gclúdaíonn said bunaiochtaí an-bheaga agus toisc go rangaitear de réir earnála iad bunaithe ar chur síos na bhfreagróirí ar an bpríomhghníomhaíocht a déantar ina n-áit oibre. (CSO, Fostaíocht Tionsclaíoch, Nótaí Cúlra)

23756246527645202318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

Tábla 5.3 BLC na hEarnála BDT ag Praghsanna Margaidh, 2003-2004

Cód NACE	Sonraí	2003		2004	
		€m	% Iomlán	€m	% Iomlán
<b>15-37</b>	<b>Tionscail Déantúsaíochta Uile</b>	<b>40,161</b>	<b>100.0%</b>	<b>41,296</b>	<b>100.0%</b>
<b>15-16</b>	<b>BDT</b>	<b>9,113</b>	<b>22.7%</b>	<b>8,262</b>	<b>20.0%</b>
<i>dá bhfuil</i>			<b>% FDT</b>		<b>% FDT</b>
151	Feoil	588	6.5%	596	7.2%
152	Éisc	78	0.9%	69	0.8%
153	Torthaí agus Glasraí	76	0.8%	85	1.0%
155	Déiríocht	642	7.0%	669	8.1%
156-157	Grán agus Ábhair Bheathaithe d'Ainmhithe	166	1.8%	177	2.1%
154, 158	Táirgí Bia Eile	3,884	42.6%	3,999	48.4%
159	Deochanna	2,172	23.8%	2,125	25.7%
16	Tobac	1,507	16.5%	542	6.6%

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeacht Tionsclaíoch, Meastacháin Luatha 2004  
 \*NACE 1511.1 ná Mairteoil agus Laoifeoil a Phróiseáil agus Chaomhnú  
 \*\*NACE 1512 ná Circeoil a Phróiseáil agus Chaomhnú  
 \*\*\*NACE 1513 ná Táirgí Feola agus Circeola a tháirgeadh  
 ^ NACE 1511.2 ná Feoil Eile (Seachas Circeoil) a Phróiseáil agus a Chaomhnú  
 ^^ NACE 151 ná Feoil agus Táirgí Feola a Tháirgeadh, a Phróiseáil agus a Chaomhnú

Tábla 5.4 BLC do Mhairteoil agus Fheolta Eile, 2003

€m	Mairteoil	Feoil Eile Seachas Circeoil	Feoil Éanlaithe Clóis	Táirgí Feola agus Circeola	Feoil Iomlán
<b>Cód NACE</b>	<b>1511.1*</b>	<b>1511.2^</b>	<b>1512**</b>	<b>1513***</b>	<b>151^^</b>
Láimhdeachas	1,763.7	693.6	412.7	953.0	3,823.1
Ceannacháin	1,608.0	584.1	328.6	720.9	3,241.6
BLC (ag Praghsanna Margaidh)	161.8	110.1	78.6	237.1	587.5
Fóirdheontais Oibríochta	60.9	7.2	-	-	68.1
Mál agus Cánacha Indíreacha eile	1.7	1.0	0.7	0.9	4.3
<b>BLC (ag Costas Tosca)</b>	<b>221.0</b>	<b>116.2</b>	<b>77.9</b>	<b>236.2</b>	<b>651.4</b>

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, 2003

958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501657645763175756061347300  
 435720438482375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964249283573548617486238232058  
 47560312467366571027041831826307163472102376376205641360634652309432575375460134671853768717654363502  
 32058685368756825320958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501657645763175756061347300  
 53568136517242785365435720438482375624652764570231857837567358345908615876935356783769837964249283573548617486238232058  
 6576457631205756061347560312467366571027041831826307163472102376376205641360634652309437576375460134671853768717654363502

Tábla 5.5 Fostaíocht san Earnáil BDT, 2003-2005

	Bia				Deoch agus Tobac		BDT
	Feoil	Déiríocht	Grán	Eile	Deoch	Tobac	Iomlán
	151	155	156-157	152, 153, 154, 158	159	16	15-16
2003	13,800	8,800	2,300	15,600	6,800	800	48,000
2004	14,500	7,300	2,300	15,400	5,900	600	45,900
2005	13,900	7,100	2,300	15,900	5,600	500	45,100

Foinse: CSO, Fostaíocht Tionsclaíoch, Meán de 4 Ráithe do 2003 agus 2004, 2005 meán de 3 Ráithe. Is réamhshonraí iad sonraí Q3 2005.

### Méid

Tugann Tábla 5.6 cur síos ar mhéid, struchtúr agus tháirgiúlacht an BDT agus ar earnáil na déantúsaíochta ina iomláine. I mbeagnach 83% den earnáil BDT is iad aonaid áitiúla<sup>2</sup> atá i gceist a fhostaíonn níos lú ná 100 duine, ach níl ach thart ar 31% de na daoine fostaithe i gceist, rud a léiríonn go mbaineann tromlach an lucht a oibre leis na haonaid níos mó. Tá glantáirgeacht na hearnála BDT in aghaidh an aonaid sa bhreis agus 9% níos mó ná glantáirgeacht na déantúsaíochta iomláine in aghaidh an aonaid agus tá glantáirgeacht an BDT in aghaidh gach duine san earnáil 22% níos lú ná iomlán na déantúsaíochta.

### Úinéireacht

Tá 91% d'aonaid áitiúla (féach ar Thábla 5.7) na hearnála BDT agus 78% de na daoine a bhaineann leis an earnáil sin i gceist le BDT na hÉireann ach ní bhaineann ach 25% de ghlantáirgeacht léi. Tá earnáil BDT na hÉireann ar cheann de na hearnálacha déantúsaíochta is tábhachtaí faoi úinéireacht Éireannach toisc go bhfuil ionann is 32% de na daoine lena mbaineann, 49% de ghlantáirgeacht, 55% d'olltáirgeacht a onnmhairítear agus 34% de ghlantáirgeacht faoi úinéireacht Éireannach i gceist léi.

Tábla 5.6 Méid, Struchtúr agus Táirgiúlacht na nEarnálacha BDT agus Déantúsaíochta Iomláine, 2003

Líon Fostaithe	Aonaid Áitiúla 000		Daoine Fostaithe 000		Aschur Glan in aghaidh an aonaid €000		Aschur Glan in aghaidh an Duine Fostaithe €000	
	BDT	Gach Tionscal	BDT	Gach Tionscal	BDT	Gach Tionscal	BDT	Gach Tionscal
Faoi 10	232	2,192	1,118	11,332	248	270	51.4	52.4
10-19	153	1,162	2,154	15,341	719	711	51.1	51.8
20-49	167	1,082	5,302	36,014	2,137	1,984	67.3	64
50-99	96	483	6,735	33,015	8,851	6,493	126.2	94.3
100-199	79	279	11,401	43,072	11,785	17,732	81.7	127
200-249	11	46	2,457	12,463	2,720	52,067	12.2	229.8
250+	43	227	19,863	101,512	164,159	204,058	355.4	456.3
<b>Iomlán</b>	<b>781</b>	<b>5,471</b>	<b>49,030</b>	<b>252,749</b>	<b>12,028</b>	<b>11,033</b>	<b>191.6</b>	<b>246.5</b>

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, 2003

2 Tagraíonn aonaid áitiúla dóibh siúd suite in áit aitheanta go geografach ina bhfuil triúr nó níos mó fostaithe ann. (CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, Nótaí Cúlra)

2375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964292835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

Tábla 5.7 Úinéireacht na hEarnála BDT, 2003

	Áonaid Áitiula Líon	Daoine Fostaithe Líon	Olltáirgeacht €m	Olltáirgeacht Onnmhairithe €m	Aschur Glan €m
BDT na hÉireann	711	38,131	9,368.5	3,800.4	2,371.0
BDT Iomlán	781	49,030	17,803.3	6,714.3	9,393.9
Tionscal na hÉireann	4,496	121,152	18,985.2	6,868.5	7,063.0
Tionscal Déantúsaíochta Iomlán	5,194	227,302	94,804.3	78,095.5	58,248.3
<b>BDT na hÉireann mar % de BDT Iomlán</b>	<b>91.0%</b>	<b>77.8%</b>	<b>52.6%</b>	<b>56.6%</b>	<b>25.2%</b>
<b>Tionscal na hÉireann mar % den Tionscal Déantúsaíochta Iomlán</b>	<b>86.6%</b>	<b>53.3%</b>	<b>20.0%</b>	<b>8.8%</b>	<b>12.1%</b>
<b>BDT na hÉireann mar % de Déantúsaíocht Iomlán na hÉireann</b>	<b>15.8%</b>	<b>31.5%</b>	<b>49.3%</b>	<b>55.3%</b>	<b>33.6%</b>
<b>BDT na hÉireann mar % den Tionscal Déantúsaíochta Iomlán</b>	<b>13.7%</b>	<b>16.8%</b>	<b>9.9%</b>	<b>4.9%</b>	<b>4.1%</b>

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, 2003

Soláthraíonn Forfás faisnéis faoin méid a chaitheann comhlachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn ar earraí agus seirbhísí Éireannacha. Is éard atá i gCaiteachas Eacnamaíoch Éireannach (CEÉ) ná pá, amhábhair Éireannacha agus seirbhísí Éireannacha. Mhéadaigh CEÉ don earnáil BDT faoi beagnach 3% i 2004 cé gur fhan CEÉ don déantúsaíocht iomlán mar an gcéanna a bheag nó a mhór i 2004. Tá beagnach 76% den chaiteachas a rinne an earnáil BDT i gceist le CEÉ, i gcomparáid le beagnach 48% d'iomlán na bhfiontar déantúsaíochta, rud a léiríonn nádúr dúchasach na hearnála BDT.

### Struchtúr Caipitiúil

Bíonn caipiteal suntasach ag teastáil ón tionscal bia chun feidhmiú. Cé gur gléasra agus innealra atá i gceist le roinnt den chaipiteal sin, bíonn caipiteal oibre suntasach ag teastáil uaidh chomh maith chun costas an stoic atá á choinneáil nó á phróiseáil a chlúdach. Léiríonn Tábla 5.9 méid an chreidmheasa chónaitheach neamhrialtais a leathnaíodh chuig an earnáil BDT ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2005. Mhéadaigh an earnáil BDT a creidmheas cónaitheach neamhrialtais faoi thart ar 5% go deireadh mhí Mheán Fómhair agus bhí beagnach 47% de chreidmheas cónaitheach neamhrialtais don tionscal déantúsaíochta i gceist léi.

Tábla 5.8 Caiteachas Eacnamaíoch Éireannach, 2003-2004

€m	BDT		Déantúsaíocht Iomlán	
	2003	2004	2003	2004
Costais Phárolla	1,738	1,742	7,537	7,815
Amhábhair Éireannacha	5,977	6,248	11,325	11,292
Seirbhísí Éireannacha	1,734	1,773	5,906	5,851
Caiteachas Eacnamaíoch Éireannach (CEÉ) Iomlán	9,449	9,763	24,768	24,958
Caiteachas Iomlán	12,539	12,894	51,904	51,912
<b>CEÉ mar % de Chaiteachas Iomlán</b>	<b>75.4%</b>	<b>75.7%</b>	<b>47.7%</b>	<b>48.1%</b>
Díolacháin	16,151	16,418	74,343	76,549
<b>CEÉ mar % de Dhiolacháin</b>	<b>58.5%</b>	<b>59.5%</b>	<b>33.3%</b>	<b>32.6%</b>

Foinse: Forfás, Suirbhé Ghnó Bhliantúil de Thionchar Eacnamaíoch 2004

958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576313 5756061347300  
 435720438482375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964249283573548617486238232058  
 47560312467366571027041831826307163472102376376205641360634652309432575375460134671853768717654363562  
 32058685368756825320958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576313 5756061347300  
 535681365172427853654357204384823756246527645702318578375673583459086375876935356783769837964249283573548617486238232058  
 65764576312057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094357375460134671853768717654363562

Tábla 5.9 Creidmheas Cónaitheach Neamhrialtais don Tionscal Déantúsaíochta agus Bia, 2004-2005

	2004		2005	
	€m	% de Chreidmheas Iomlán an Tionscail Déantúsaíochta	€m	% de Chreidmheas Iomlán an Tionscail Déantúsaíochta
<b>Déantúsaíocht</b>	<b>5,785</b>	<b>100.0%</b>	<b>5,647</b>	<b>100.0%</b>
BDT	2,512	43.4%	2,633	46.6%
Deoch agus Tobac	730	12.6%	772	13.7%
Bia	1,782	30.8%	1,861	33.0%
<i>dá bhfuil</i>				
Próiseáil Feola	403	7.0%	454	8.0%
Déiríocht agus Bia Eile	1,378	23.8%	1,407	24.9%

Foinse: Banc Ceannais na hÉireann, Ráiteas Uimhir 1 2006

Léiríonn Tábla 5.10 éadálacha caipitiúla na hearnála BDT don bhliain 2004, a raibh luach iomlán de €502 milliún acu nó 15.6% d'éadálacha caipitiúla iomlán an tionscail déantúsaíochta. Téann sé seo i gcomparáid le 43% (féach ar Tábla 5.9) de chreidmheas cónaitheach neamhrialtais ag taispeáint go bhfuil riachtanas níos mó ag an earnáil BDT do chaipiteal oibre ná mar a bhfuil ag tionscail eile, le comhréir níos airde d'infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE) mar fhoinsé de chaipiteal ag na tionscail eile.

### Scaipeadh Réigiúnach

Tá scaipeadh geografach réasúnta ag an tionscal BDT in iomlán agus is foinse thábhachtach d'fhostaíocht é ar fud na tíre. Tá an ionadaíocht is láidre ag an tionscal feola i réigiún na teorann, sa mheán-oirthear agus in oirdheisceart agus iardheisceart na tíre, fad is atá an tionscal déiríochta dírithe go príomha san oirdheisceart agus san iardheisceart.

Tábla 5.10 Éadálacha Caipitiúla Iomlána, 2004

€m	Bia agus Deoch	Déantúsaíocht Iomlán	BDT mar % de Dhéantúsaíocht Iomlán
<b>Éadálacha Caipitiúla</b>	<b>501.9</b>	<b>3,215.8</b>	<b>15.6%</b>
<i>dá bhfuil</i>			
Innealra agus Trealamh	344.7	2,327.4	14.8%
Talamh agus Foirgnimh	101.0	652.9	15.5%
Bogearraí agus Crua-earraí Ríomhaire	20.9	106.4	19.6%
Feithiclí agus Eile	35.4	128.7	27.5%
<i>Lúide Díolacháin Chaipitiúla</i>	52.9	300.7	17.6%
<b>Caiteachas Caipitiúil Glan</b>	<b>449.0</b>	<b>2,915.1</b>	<b>15.4%</b>

Foinse: CSO Sócmhainní Caipitiúla i dTionscal, 2004

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

Tábla 5.11 Scaipeadh Réigiúnach Aonaid Áitiúla na hEanála BDT, 2003

	Líon na nAonad Áitiúil								
	Limistéar Údaráis Réigiúnaigh								
	An Teorainn	Baile Átha Cliath	An Meán Oirthear	An Meán Iarthar	Lár na Tíre	An tOirdheisceart	An tIardheisceart	Iarthar	Iomlán
BDT	127	130	64	72	43	120	150	75	781
Déantúsaíocht Iomlán	698	1,339	521	472	336	647	717	457	5,187
<b>BDT mar % den Iomlán Réigiúnach</b>	<b>18.2%</b>	<b>9.7%</b>	<b>12.3%</b>	<b>15.3%</b>	<b>12.8%</b>	<b>18.5%</b>	<b>20.9%</b>	<b>16.4%</b>	<b>15.1%</b>
<b>% de BDT Iomlán</b>	<b>16.3%</b>	<b>16.6%</b>	<b>8.2%</b>	<b>9.2%</b>	<b>5.5%</b>	<b>15.4%</b>	<b>19.2%</b>	<b>9.6%</b>	<b>100.0%</b>
<i>Líon na nAonad Áitiúil</i>									
Feoil	23	17	25	18	14	29	17	17	160
Déiríocht	15	5	0	9	4	14	23	5	75
Bianna Eile	83	93	39*	39	17	64	102	53*	486
Deoch agus Tobac	6	15		6	8	13	8		60
*Nil miondealu ar fáil mar gheall ar rúndacht. Foins: CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, 2003									

### Taighde agus Forbairt


Mhéadaigh caiteachas ar Thaighde agus Forbairt in Éirinn go dtí €1,780 milliún i 2004, méadú 11% ar 2003 agus meastar go sroichfidh sé €1,910 milliún don bhliain 2005. Ba é €42.3 milliún iomlán an chaiteachais ar T&F don earnáil BDT in Éirinn i 2003 agus ghnóthaigh gnólachtaí “bia” €29 milliún den tsuim sin.

### 5.3 Onnmhairí de Bhia agus Deoch

Mhéadaigh luach na n-onnmhairí agraibhia (féach ar Fhigiúr 5.1), lena n-áirítear aisíocaíochtaí onnmhairithe, faoi beagnach 5% go dtí €7.7 billion sa bhliain 2005. Is iad táirgí agus comhábhair déiríochta an earnáil onnmhairithe lena mbaineann an luach is airde, le honnmhairí de beagnach €2.1 billiún i 2005, méadú beagnach 7% ar 2004. Laghdaigh táirgí eile bia faoi beagnach 1% go dtí €1.5 billiún, mhéadaigh mairteoil faoi beagnach 5% go dtí €1.4 billiún agus mhéadaigh deochanna faoi 7.7% go dtí breis is €1 billiún. Bhí méaduithe chomh maith ar luach na n-onnmhairí gránaigh agus ullmhóidí gránaigh (+15.2%), prátaí, torthaí agus glasraí (+11.6%) agus bágúin (+9.5%).


958482475	122362364	458248778	127459435	987189572	358797397	511975483	758376056	450165764	576311756	061347100
435720438	482375624	652764570	231857837	567358345	908635876	935356783	769837964	24928357	354861748	623823205
475603124	673665710	270418318	263071634	721023763	762056413	606346523	094325753	754601346	718537687	176543635
320586853	687568253	209584824	751223623	645824877	812745943	598718957	235879739	751197548	375837605	645016576
535681365	172427853	654357204	384823756	246527645	702318578	375673583	459086358	587693535	678376983	796424928
657645763	120575606	134756031	246736657	710270418	318263074	634721023	763762054	136063465	230943576	375460134

Figiúr 5.1 Onnmhairí de Tháirgí Agraibhia na hÉireann, 2004-2005



Tá an AE-25 fós mar an bpríomh ceann scríbe do na honnmhairí agraibhia Éireannacha le thart ar €5.8 billiún i gceist i 2005, méadú 4% ar 2004. Bhain 76% d'iomlán na n-onnmhairí agraibhia leis i 2005. Ba é an Ríocht Aontaithe an príomhthacaí le fás in onnmhairí AE-25, a raibh €3.6 billiún agus 47% d'iomlán na n-onnmhairí agraibhia i 2005 ag baint leis, méadú níos mo ná 21% ar 2004. Laghdaigh luach na n-onnmhairí chuig an AE-25 eile faoi 15% go dtí €2.2 billiún, agus mhéadaigh onnmhairí chuig thíortha neamh-AE faoi 7%.

Figiúr 5.2 Ceann Scríbe Onnmhairí Agraibhia Éireannacha, 2004-2005



2375624652764520318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
24278536542572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
05756061346718537687176543635681365172427853654357204384823756246527645702318578375673583459086358769122362364582487781274  
37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501  
587176543635681365172427853654357204384823756246527645702318578375673583459086358769122362364582487781274  
763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654357204384823756246527645702318  
487781274594359871895723587973975119754837583760564501657645763120575606134756031246736657102704183182630  
545702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820958482475 12  
83182630716347210237637620564136063465230943257637546013467185376871765436356813651724278536543572043848

# Caibidil 6

## An Tomhaltóir

Athbheithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

### 6.1 Achoimre

Is iad tomhaltóirí is cúis le formhór na n-athruithe sa tionscal bia. Tá tionchar ag stíleanna maireachtála agus déimeagrafacha athraitheacha mar aon le tomhaltóirí a bhfuil níos mó airde acu ar shláinte agus ar phraghas ar iompraíocht tomhaltóirí agus claontaí miondíola. Fianaise ar an athrú seo é an comhchruinniú méadaithe agus an fás atá ag teacht ar shiopaí lascaine, siopaí áise agus ollmhargaí mar aon le hathbheochan ar mhargaí feirmeoirí. Baineann an-tábhacht le praghsanna bia, caiteachas ar bhia agus tomhaltas ionas go mbeidh tuiscint againn ar an tomhaltóir. Tá freagracht don tomhaltóir ag croílár na forbartha maidir le sábháilteacht bhia. Príomhchuid de sábháilteacht bhia is ea sábháilteacht ainmhithe agus cabhróidh an Rialachán nua maidir le Leigheasanna Ainmhithe le tomhaltóirí a chosaint. Is é an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra pointe teagmhála na Roinne Talmhaíochta agus Bia leis an tomhaltóir ar na saincheisteanna fadréimseacha seo.

### 6.2 Claontaí Tomhaltóra Agus Miondíola

#### Claontaí Tomhaltóra

Tá méadú gasta ag teacht ar an gclaonadh atá bunaithe i sochaí na hÉireann anois bianna áise agus béilí ullmhaithe a ithe. Tá forbairt tagtha ar an margadh seo ón tús áfach, agus tomhaltóirí anois ag éileamh bianna áise a shásaíonn critéir níos doichte i dtéarmaí fachtóirí sláinte, caighdeáin agus blais. I stíleanna beatha an lae inniu ann tá níos mó tábhachta ná riamh ag baint le ham mar acmhainn nach mór a úsáid go cúramach. Dá bhrí sin, tá tomhaltóirí sa tóir ar bhealaí chun an méid agus is féidir leo a fháil as an méid is lú ama is féidir a chaitheamh ag ullmhú bia. Tá an claonadh seo soiléir ag gach leibhéal tomhaltais, idir chomhábhair réamhullmhaithe agus béilí ullmhaithe. Is cuma má tá daoine sa bhaile nó nach bhfuil, tá daoine ag glacadh go fonnmhar le bianna áise in a lán slite éagsúla. Gné eile fós atá mar thoradh ar stíleanna maireachtála níos gnóthaí agus ar an éileamh breise atá ar níos mó bianna áise ná sneaiceanna a ithe. Leanfar leis an bhfás atá ag teacht ar a bheith ag ithe sneaiceanna agus léiríonn taighde go bhfuil daoine in Éirinn ag imeacht ón nós a bhí ann tráth trí bheile laethúla a ithe.

Tá níos mó airde anois ag tomhaltóirí ar chúrsaí sláinte agus tuigeann siad go bhfuil baint ag bia le folláine fhisiceach. Léirigh PERIscope Bord Bia gur cheap 86% de thomhaltóirí go gcabhraíonn aiste bia mhaith le do shláinte intinne agus go bhféadfadh sé feabhas a chur ar an gcorp agus ar an intinn freisin. Murtall agus ceisteanna sláinte is cúis leis an éileamh atá ag tomhaltóirí ar bhiana feidhmiúla, táirgí le níos lú saille/salainn/siúcra agus táirgí orgánacha. Tá tomhaltóirí ar fud na cruinne a bhfuil suim acu ina sláinte féin ag ithe agus ag ól deochanna feidhmiúla. Laistigh de chatagóir na mbianna

feidhmiúla, tá méadú mór ag teacht ar dheochanna feidhmiúla, atá cothrom le thart ar 50% de dhíolacháin dhomhanda le táirgí cosúil le deochanna sláintiúla nua breisluaacha agus an ráchairt mhór atá air súnna agus creatháin mhíne. Liostaíonn ceannaitheoirí de bhia orgánach caighdeán an bhia mar an bpríomhchúis go gceannaítear é, rud a léiríonn suíomh na mbianna orgánacha ag an taobh tofa den mhargadh. Chabhraigh ioncain níos mó mar aon le fás geilleagrach comhsheasmhach le forbairt bianna feidhmiúla.

#### Claontaí Miondíola

D'fhreagair claontaí miondíola do nósanna athraitheacha tomhaltóirí. Tá asraonta miondíola ag oscailt ar feadh líon níos mó uaireanta, tá forbairt ag teacht ar stoc agus tá siopaí ag glacadh go fonnmhar le héiteas na mbianna áise. Tá fás agus forbairt ag teacht ar ilghnéitheacht na mbianna ullmhaithe agus na mbéilí láithreacha an t-am ar fad. Tá méadú ag teacht ar an ról atá ag miondíoltóirí freisin i margadh na seirbhíse bia trína réitigh féin a chur ar fáil do phatrúin tomhaltais athraitheacha.

Is gné thábhachtach de mhiondíol bia in Éirinn é an ceannach "seachtainiúil" fós mar aon le rudaí breise a cheannach ar bhonn leanúnach sa siopa áitiúil. Ach ní bhaineann an "ceannach seachtainiúil" le díreach siopa amháin níos mó. Bíonn níos mó muiníne ag daoine dá mhéid eolais a bhíonn acu, agus tá níos mó ar eolas ag tomhaltóirí an lae inniu ann ná mar a bhí riamh, agus ceannaíonn siad earraí difriúla ó raon de shiopaí bia bunaithe ar an luach a shíleann siad atá le fáil iontu. B'fhéidir gur mar gheall ar an mbéim mhéadaithe atá ar shiopadóireacht áise, nach bhfuil tomhaltóirí atá toilteanach am a chaitheamh ag siopadóireacht siopa amháin a roghnú agus gan dul isteach i siopa ar bith eile. Is cinneadh réasúnach é an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an airgead a chaitheann siad ar a gcuid siopadóireachta.

Is beag an difir atá ann anois idir ollmhargaí, siopaí lascaine agus siopaí áise. Tá miondíoltóirí traidisiúnta anois ag díriú ar earraí ar lipéid phríobháideacha mar fhreagairt ar iomaíocht ó na siopaí lascaine. Tá níos mó ná leibhéal amháin d'earraí ar lipéid phríobháideacha ag a lán siopaí, a bhraitheann ar phraghas agus breisluaich. Ar an lámh eile, tá siopaí lascaine ag cur tús le hearraí brandáilte na ndéantóirí a dhíol d'fhonn cur leis an méid atá á gcúir ar fáil acu. Tá na miondíoltóirí níos mó anois ag díol san earnáil áise agus tá na siopaí áise ag déanamh forbartha ar an méid atá á dhíol acu i dtéarmaí seirbhíse bia agus línte táirge níos mó.

#### Ord um Earraí Grósaera

Ag leanúint ar aghaidh ó phróiseas comhairliúcháin poiblí ar cuireadh tús leis in 2005, cuireadh tús le reachtaíocht nua d'fhonn deireadh a chur leis an Acht um Earraí Grósaera, 1987, agus neartaíonn sé forálacha an Achta Iomaíochta, 2002, trí chosc a

358482475	12236236	458248778	12745943	598718957	23587973	975119754	837583760	564501657	6457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698375	642492835	7354861	748623821
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	46718537	871765436
320586853	687568253	320958482	475 12236	236458248	778127459	435987189	57235879	739751197	54837583	80384316
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	570231857	837567358	34590861	587693535	67837698	379642492
657645763	120575606	513475603	124673665	710270418	318263071	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460
594359871	189572358	797397511	197548375	837605645	016576457	631205756	06134756	33124673	665710270	87375606
578375673	358345908	635876935	356783769	837964249	28357354	867874862	38232058	68536875	682582095	8482475 12236
716347210	237637620	564136063	465230943	325763754	601346718	537687176	54363568	136517242	78536543	720438482
223623645	824877812	745943598	718957235	879739751	19754837	583760564	50165764	576312057	56061347	503124673
237562465	276457023	185783756	735834590	863587693	35356783	769837964	24928357	54867874	86238232	58685168

chur ar shocrú praghsanna íosta miondíola i measc soláthraithe (cothabháil praghsanna athdhíola), idirdhealú míchothrom sa trádáil ghrósaíreachta agus íocaíocht líuntas fógraíochta agus “airgid aitheantais” go sonrach.

Déanfaidh an tÚdarás lomaíochta, i gcomhar le Stiúirthóir na nGnóthaí Tomhaltóirí, monatóireacht ar struchtúr agus oibriú na trádála grósaíreachta san am amach romhainn agus feicfidh siad conas mar a fhreagraíonn sé do thimpeallacht nua reachtach.

### Áisiúlacht agus Eispéireas

Tá tionchar mór ag áisiúlacht ar an rogha a dhéanann an tomhaltóir. Is léir gur áisiúlacht agus an t-éileamh ar roghanna tapa a fheileann do stíleanna beatha a bhfuil an-chuid brú ag baint leo is cúis leis an athrú ó gach uile rud a chócaráil go dtí úsáid a bhaint as comhábhair réamhullmhaithe agus bianna réidh le n-ithé a úsáid. Tá fianaise dhó seo le fáil anseo thíos ó thaighde a rinne Bord Bia le déanaí:

- aontaíonn 62% de thomhaltóirí Éireannacha leis an ráiteas ‘Ní maith liom an iomarca ama a chaitheamh ag cócaireacht’;
- síleann 39% de thomhaltóirí Éireannacha gur ualach é a bheith ag cócaireacht;
- cócarálann 35% daoine gach uile rud go laethúil;
- úsáideann 44% daoine comhábhair réamhullmhaithe ar bhonn seachtainiúil;
- aontaíonn 47% de thomhaltóirí Éireannacha leis an ráiteas ‘Úsáidimid go leor bia atá réidh le hithe inár dteach’.

Foinse: Bord Bia *PERIScope* 2005

### Margaí Feirmeoirí

Tá os cionn 100 Margadh Feirmeoirí i bhfeidhm anois agus tá ról tábhachtach acu maidir le cur le hioncaim feirme agus malairt slí chun margaíocht a dhéanamh do mhiontáirgeoirí bia. Cabhraíonn na margaí seo le forbairt agus leathnú sainbhíanna áitiúla agus réigiúnacha, bunaithe go háirithe ar an éileamh méadaithe atá ann do bhíanna úra atá á dtáirgeadh go háitiúil. Lena chois sin tugann siad rochtain dhíreach do thomhaltóirí ar bhíanna mar aon le deis úsáideach tuiscint a fháil ar na rudaí a thaitníonn leis an bpobal. Cabhraíonn siad le spiorad pobail a fheabhsú, fostaíocht a chruthú agus ceantair áitiúla a dhéanamh níos mealltaí ó thaobh na turasoíreachta de freisin.

### Geilleagar Bia Réigiúnach agus Áitiúil

Cé go bhfuil na hearnálacha níos mó chun tosaigh ó thaobh onnmhairiú de, tá méadú ag teacht ar na deiseanna atá ann do bhíanna speisialtóireachta. Deirtear go mbeidh margadh

na Ríochta Aontaithe cothrom le luach €7.5 billiún thar thréimhse trí bliana agus d’fhás éarnálacha bianna speisialta agus speisialtóireachta Éireannacha 10% in 2005 chun €475 a thuilleamh. In 2005 sheol an tAire fóram bia réigiúnaigh san Iarthuaisceart bunaithe ar an téama “Béim Mhargaíochta do Mhiontáirgeoirí Bia”. Mar chuid den fhóram, a raibh gníomhaireachtaí forbartha agus cuideachtaí bia páirteach iontu, rinneadh cur i láthair ar thaighde margaíochta nua agus cás-staidéar cuideachta, d’eagraigh gníomhaireachtaí stáit agus cuideachtaí taispeántais ar sheirbhísí agus táirgí réigiúnacha agus foilsíodh agus scaipeadh Eolaire Bia agus Dí don Iarthuaisceart.

### 6.3 Cothú

Tá athrú suntasach tagtha ar stíleanna beatha Éireannacha i dtéarmaí aiste bia agus laghdú i ngníomhaíocht san ionad oibre agus gníomhaíocht áineasa le fiche bliain anuas. Tá tús áite á thabhairt do cheisteanna a bhaineann le sláinte agus cothú i bpolasaí poiblí agus braitheann feabhsúcháin fhadtréimhseacha ar aiste bia an náisiúin ar straitéisí a chur i bhfeidhm i measc leanaí. Chuige seo, foilsíodh staidéar ar leith in 2005 ar aiste bia leanaí Éireannacha agus seoladh scéim nua a bhí dírithe ar nósanna itheacháin leanaí bunscoile a fheabhsú.

#### Staidéar ar Aiste Bia Leanáí

Foilsíodh an chéad staidéar eolaíoch chun ionghabhálacha cothaithe de shampla ionadaíoch náisiúnta de leanaí Éireannacha, a rinne an *Irish Universities Nutrition Alliance* (IUNA), i mí na Bealtaine 2005. Ba é an Roinn Talmhaíochta agus Bia a mhaoinigh an staidéar seo faoi “*Bheart Taighde Institiúideach Bia*” (BTIB) agus bhí comh-mhaoiniú á fháil ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ). Léirigh an tuarascáil príomhthorthaí maidir le nósanna itheacháin leanaí scoile Éireannacha faoi bhun dhá bhliain déag d’aois, nósanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Seo a leanas cuid de na príomhthorthaí:

- nach raibh mórán torthaí agus glasraí á ithe;
- go bhfuil níos mó saille á ithe ag daoine ná mar a mholtar – itheann 40% de leanaí níos mó saille ná mar a mholtar;
- go bhfuil níos mó salainn á ithe ag daoine go laethúil ná mar a mholann an ÚSBÉ;
- tá sé beartaithe tuilleadh taighde a dhéanamh in 2006 le hanailís a dhéanamh ar impleachtaí na dtorthaí ar aiste bia agus aclaíocht.

#### An Clár *Food Dudes*

Seoladh An Clár *Food Dudes* in 2005, a bhí á chomh-mhaoiniú ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh, *Fresh Produce Ireland* agus An Roinn Talmhaíochta agus Bia. Is í aidhm an Chláir go mbeidh

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 7486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

níos mó torthaí agus glasraí úra á ithe ag leanáí bunscóile ar scoil agus sa bhaile. Tá cur chuige an Chláir seo bunaithe ar eiseamláirí dearfacha, na torthaí agus glasraí a bhlaiseadh arís agus arís eile agus duaiseanna a thabhairt. Léiríonn staidéir atá déanta gur féidir leis seo tionchair fhadtréimhseacha a bheith aige i raon aoise leanáí bunscóile, beag beann ar inscne, méid scoile, fachtóirí geografacha agus socheacnamaíocha. Tugann an clár, atá le réachtáil i 120 bunscóil thar thrí bliana, aghaidh ar mholtaí an Tascfhórsa ar Mhurlall maidir le *“cur i bhfeidhm idirghabhálacha bia shláintiúil bunaithe ar fhianaise”*. Tá an clár deartha le cur ar chumas leanáí taitneamh a bhaint as aistí bia sláintiúla agus cultúr a bhaineann le bia sláintiúil a ithe a chruthú laistigh de scoileanna.

### 6.4 Tomhaltas Bia

Léirítear an meánlíon feola agus táirgí déiríochta a bhí in ithe in aghaidh an duine idir 2002 agus 2005 i dTábla 6.1. Mhéadaigh an méid táirgí déiríochta do cháis agus uachtar os cionn 4% agus tháinig laghdú beagnach 4% ar an méid ime, bainne agus bláthaí a bhí in úsáid in 2004. Measann Bord Bia gur ith tomhaltóirí Éireannacha 19.1kg de mhairteoil, 40.2kg de mhuceoil, 30.1kg de chirceoil agus 5.7kg d’uaineoil in aghaidh an duine in 2005.

Léiríonn figiúirí Eurostat go raibh an méid is mó feola in aghaidh an duine á ithe sa Spáinn, sa Danmhairg agus sa Fhrainc in 2003, agus go raibh na leibhéil is ísle san Fhionlainn agus sa Ríocht Aontaithe. Is iad Éire, An Fhionlainn agus an tSualainn na tomhaltóirí bainne is mó agus is iad an Ghréig agus an Iodáil a úsáideann an méid is lú bainne (féach ar Thábla larscríbhíne Staitistiúla 11.11 chun faisnéis a fháil faoin méid Feola agus ábhar déiríochta atá á ithe san AE).

**Tábla 6.1 Tomhaltas de Mhíreanna Bia Roghnaithe, 2002-2005**

Kg/Lítir in aghaidh an Duine	2002	2003*	2004*	2005*
Mairteoil & Laofheoil	17.5	18.9	19.1	19.1
Muceoil	38.3	38.2	38.2	40.2
Caoireoil	5.2	5.4	5.4	5.7
Feoil Éanlaithe Clóis	30.5	32.0	32.0	30.1
Bainne Óil & Bláthach^	151.5	151.5	145.2	N/A
Uachtar	2.4	2.4	2.5	N/A
Im	2.9	2.9	2.8	N/A
Cáis	5.5	6.3	6.6	N/A

^ Lítir in aghaidh an Duine  
 \* Figiúirí Bord Bia d’Fheoil  
 Foinse: Iarmhéideanna Soláthair an CSO

### 6.5 Praghsanna Bia agus Caiteachas


#### Praghsanna Bia in Éirinn

Tá laghdú tagtha ar phraghsanna bia don dara bliain as a chéile. Laghdaigh Innéacs an Phraghais Bia (IPB) 0.7% in 2005 ag leanúint laghdú 0.3% in 2004. Is féidir comparáid a dhéanamh leis seo agus le hInnéacs Praghais an Tomhaltóra (IPT), a d’ardaigh 2.5% in 2005. Tá ráta athraithe IPB faoi bhun ráta an IPT ó mhí Márta 2002 ar aghaidh. (Féach ar Thábla larscríbhíne Staitistiúla 11.12 do thuilleadh sonraí.)

In 2005, laghdaigh praghas do thomhaltóirí do phrátaí (-10.3%), uaineoil (-3.3%), mairteoil (-3.0%), mucceoil (-3.1%) agus bainne (-0.5%), cé gur tháinig méadú ar phraghsanna uibheacha (+2.4%), táirgí bainne eile (+1.8%) agus im (+1.0%). (Féach Tábla larscríbhíne Staitistiúla 11.13 le haghaidh sonraí breise.)

Athbhreithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

**Figiúr 6.1 Innéacs Praghais Tomhaltóra Míosúil agus Innéacs Praghais Bia, 2003-2005**



958482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061347
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354867	7486238232058	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	871765436356	
320586853687568253	320958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	6038430165	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	37964249283	
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	5763754601	

Tábla 6.2 Anailís Meán-Phraghais, Baile Átha Cliath agus Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Samhain 2005

Cineál	Baile Átha Cliath Vs Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Vs an Mheán Náisiúnta
	€/Kg	€/Kg
<b>Mairteoil</b>		
Stéig Chruinn	-4.3%	-2.5%
Stéig Chaoldroma	-4.8%	-2.9%
<b>Uaineoil</b>		
Cos Iomlán	-1.3%	-0.8%
<b>Muiceoil</b>		
Luanghriscíní	0.5%	0.3%
Filléad Leath-Hanla	-20.6%	-13.1%
<b>Bagún</b>		
Slisíní Droma is Fearr	14.3%	7.8%
Liamhás Cócaráilte	8.7%	4.9%
<b>Torthaí agus Glasraí</b>		
<b>Prátaí (10kg)</b>		
Cairéid	2.0%	1.2%
<b>Táirgí Déiríochta</b>		
Bainne Lán Saille (1L)	-10.1%	-6.2%
Cáis Chéadair	-0.3%	-0.2%
Im (1lb)	-5.4%	-3.2%
<b>Uibheacha</b>		
Grád Caighdeánach 3	8.8%	5.0%
<b>Arán</b>		
Slisnithe Bán	-9.6%	-5.9%

Foinse: CSO Praghsanna do Thomhaltóirí, Anailís Meán-Phraghais, Samhain 2005

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh anailís ar mheán-phraghas do Bhaile Átha Cliath agus Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (féach ar Thábla 6.2) do 73 earra agus seirbhís, atá cothrom le thart ar aon cheathrú de luach iomlán den chiseán IPT d'earraí agus seirbhísí. In 2005, bhí praghsanna mairteola, táirgí déiríochta agus aráin níos ísle i mBaile Átha Cliath ná lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, cé go raibh glasraí úra, uibheacha agus slisíní droma is fearr níos costasaí i mBaile Átha Cliath. I measc na bpraghsanna bhí filléad/leathhanla muiceola a bhí 20.6% níos ísle i mBaile Átha Cliath cé go raibh slisíní droma is fearr 14.3% níos costasaí i mBaile Átha Cliath. (Féach Tábla larscríbhinn Staitistiúla 11.14 le haghaidh sonraí breise.)


### Comparáidí Praghsanna AE

Tomhasann an tInnéacs Comhchuibhithe de Phraghsanna Tomhaltóra (ICPT) an méadú i bpraghsanna ar bhonn míosúil don EU-25. Tá ICPT de Bhia na hÉireann (-0.7%) go maith faoi bhun an EU-25 (+0.9%), agus tá ICPT (+2.2%) cothrom leis an meán don EU-25 ag Éire.

### Leibhéil Phraghsanna Chomparáideacha san AE

Déanann Fíor 6.3 comparáid leis na leibhéil phraghsanna dáiríre (CBL san áireamh) do raon grúpaí bia d'Éire agus don mheán EU-25 in 2003 agus 2004. Tá scaipeadh leathan de leibhéil phraghsanna laistigh de EU-25, cé go bhfuil praghas na hÉireann os cionn meán an EU-25 do gach uile ghrúpa seachas ó Olaí agus Geireacha. Ach níl na neamhréitigh atá le fáil sna leibhéil phraghais baileach chomh soiléir céanna nuair a dhéantar comparáid idir Éire agus tíortha Lochlannacha agus tá leibhéil phraghais na hÉireann níos lú ná an Danmhairg do tháirgí áirithe. (Féach ar larscríbhinn 11.15 chun tuilleadh sonraí a fháil.)


Figióir 6.2 ICPT agus ICPT Bia, 2005



Foinse: CSO, Eurostat

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501


**Figúir 6.3** Leibhéal Phraghais Choibhneasta i gComhréir le Meán an AE-25, 2003-2004



Foinse: Eurostat

■ 2003 Éire ■ 2004 Éire — 2004 Meán an AE-25


**Figúir 6.4** Scair de Chaiteachas Tomhaltais Phearsanta Caite ar Bhia, 2003-2004



Foinse: CSO, Cuntais Náisiúnta

■ 2003 ■ 2004

**Figúir 6.5** Scair de Chaiteachas Teaghlaigh Caite ar Bhia, AE 2004



Foinse: Eurostat

Athbhreithniú agus Forbhreathnú Bliantúil 2005/2006

58482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061341
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698375	6424928357354861	74862182120	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	87176543635	
320586853687568253	320958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	603643016	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	3796424928	
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	576375460	

## Tomhaltas Pearsanta

Bhí caiteachas tomhaltais phearsanta (CTP) in Éirinn cothrom le beagnach €69 billiún in 2004, a raibh beagnach 23% (€15.8 billiún) caite ar bhia, deoch agus tobac agus bhí bia cothrom le beagnach 11% (€7.2 billiún) den iomlán. Tá thart ar 22% den chaiteachas bia go léir anois caite ar bhia lasmuigh den bhaile (féach ar Fhigiúr 6.4). (Féach ar Thábla larscríbhíne Staitistiúla 11.16 le haghaidh torthaí iomlána).

Chaith Éire thart ar 8.4% de chaiteachas teaghlaigh ar bhia i 2004 (féach ar Fhigiúr 6.5), atá ar an dara tír is ísle san AE agus is é RA an tír is ísle. (Féach Tábla larscríbhíne Staitistiúla 11.16 le haghaidh torthaí iomlána).

## 6.6 Sábháilteacht Bhia

### Comhlachtaí Rialtais Sábháilteachta Bhia

Is gníomhaireacht Eorpach neamhspleách é an *European Food Safety Authority* (EFSA) atá tiomanta do mhúinín tomhaltóirí a fheabhsú trí chomhairle eolaíoch neamhspleách agus cumarsáid shoiléir a sholáthar ar nithe uile a bhaineann le sábháilteacht bhia. Faoi threoir a Bhord Bainistíochta, oibríonn EFSA tríd an bhFóram Comhairleach, an Coiste Eolaíoch agus ocht bPainéal Eolaíoch. Bunaíodh é go sealadach sa Bhrúiséal agus tá an cheanncheathrú i Parma san Iodáil anois.

Rinne an EFSA agus Ard-Stiúrthóireacht Cosanta um Shláinte agus Thomhaltóirí (DG-SANCO) suirbhé AE-25 ar shábháilteacht bia in 2005. Tugann na torthaí le fios go gcreideann 67% d'Éireannaigh go bhfuil feabhas tagtha ar shábháilteacht bia le deich mbliana anuas, atá ar an dara tír is airde san AE-25 sa chomhthéacs seo. Creideann seisear as gach deichniúr Éireannach go ndéileálann na húdaráis phoiblí san Eoraip le sláinte mar ábhar dáiríre, agus deir 54% daoine go bhfeidhmíonn na húdaráis go gasta má aithnítear baol ar shláinte. Tugann an suirbhé le fios go bhfuil dearcaí ar shábháilteacht bia in Éirinn níos dearfaí ná an meán Eorpach go ginearálta, rud a léiríonn an córas daingean d'fhorfheidhmiú dlí bia atá i bhfeidhm anseo, mar aon leis an tábhacht a gcuirimid ar an gcleachtas sábháilteachta bia is fearr d'fhonn ár dtomhaltóirí a chosc. Ón staidéar seo síleann 65% d'Éireannaigh go bhfuil bia Eorpach níos sábháilte ná bia atá á iompórtáil. Cé go síleann 74% d'Éireannaigh go bhfuil dlíthe sábháilteachta bia sách docht, ní shíleann ach 31% acu go bhfuil an iomarca rialacha sábháilteachta bia ann, an tríú figiúr is ísle sa 25 Ballstát.

Is gníomhaireacht reachtúil, neamhspleách, bunaithe ar eolaíocht í Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) atá tiomnaithe chun sláinte phoiblí agus leasa tomhaltóirí i sábháilteacht agus sláinteachas bia a chosaint. Tá freagracht iomlán ag an Údarás as comhordú agus feidhmiú na reachtaíochta sábháilteachta bia. Tá conradh seirbhíse ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia leis an ÚSBÉ a áiríonn sláinteachas feola, bainne agus táirgí bainne, uibheacha agus táirgí uibhe, rialú lotnaidicídí, monatóireacht iarmhair, líon na gcigireachtaí teorainneacha, zónóisí agus

lipéadú bia. Le linn 2005, ath-idirbheartaíodh agus síníodh conradh seirbhíse nua an 31 Eanáir 2006.

Bunaíodh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia, a dtugtar *Safefood*<sup>1</sup> air anois sa bhliain 1999 chun muinín a chothú agus a chothabháil sa soláthar bia ar oileán na hÉireann trí bheith ag obair i gcomhar le daoine eile chun sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.

Tá forfheidhmiú rialacháin lipéadaithe bia anois faoi chúram an ÚSBÉ. Ní hamháin go sruthlíníonn sé seo na bearta forfheidhmithe ach cuirfidh sé ionad ilfhreastail ar fáil do ghearáin ar bith a bhaineann le lipéid mhíchearta a chur ar bhia. I measc na bhforbairtí eile a dhéanfar ar lipéadú bia in 2005 beidh:

- Oideachas / Faisnéis: D'oibrigh an Roinn le Safefood (BCCCSB) i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) chun sé cheacht a fhorbairt chun iad a chur san áireamh san ábhar iarbhunoideachais: Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Tar éis tús a chur leis agus é a leasú go luath in 2005, scaipeadh na ceachtanna do gach scoil iarbhunoideachais i mí Aibreáin 2005, chun iad a úsáid sa bhliain acadúil 2005/2006;
- Lena chois sin sheol Safefood feachtas faoi shalann, agus thug cuid dhó comhairle do thomhaltóirí maidir le lipéid ar bhia a léamh agus rinneadh tagairt ar leith do shalann.

Faoi láthair tá reachtaíocht phríomhúil náisiúnta, lena n-áirítear foráil chun rialacháin a dhéanamh chun cur leis na dlíthe lipéadaithe AE reatha ar fheoil san áireamh, a chiallódh go mbeadh sé riachtanach faisnéis faoi thír dhúchais a chur ar fáil do thomhaltóirí uile ag an bpointe roghnaithe, faoi bhráid Thithe an Oireachtais i bhfoirm Bhille Bhord Leigheasra na hÉireann (Forálacha Ilghnéitheacha), 2005. Nuair a achtófar an Bille, déanfar rialacháin náisiúnta láithreach chun cur le rialacháin lipéadaithe mairteola a éilíonn orthu siúd uile a bhfuil gnó bia acu faisnéis faoi thír dhúchais na mairteola a dhíolann siad nó a sholáthraíonn siad a chur ar fáil dá gcustaiméirí. Beidh na rialacháin faoi réir cheadúnaithe ón AE. Is í an aidhm a bhaineann leis na rialacháin a chinntiú go bhfuil eolas ceart ag an tomhaltóir agus ag an am céanna ag cur téamaí cáilíochta agus rogha chun cinn. Is é an ÚSBÉ a chuirfidh na bearta nua i bhfeidhm atá i gceannas ar fhorfheidhmiú reachtaíochta forleithne AE sna hearnálacha seo cheana féin. In am agus i dtráth éascóidh an reachtaíocht leathnú ar lipéadú sna tíortha agus a dtagann an bia ina dhiaidh sin d'fheolta eile cosúil le circeoil, muiceoil agus uaineoil.

<sup>1</sup> *Safefood* (ar a tugadh An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCCCSB) tráth) Is í an aidhm atá le *Safefood* muinín a chothú agus a chothabháil sa soláthar bia ar oileán na hÉireann trí bheith ag obair i gcomhar le daoine eile chun sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

## 6.7 Sláinte Aímhíthe

### Aitheantas agus Rianú

Tá roinnt scéimeanna náisiúnta i bhfeidhm chun an aitheantas agus an rianú d'ainmhíthe/d'fheoil a chinntiú. Tugann na córais seo dearbhú breise do thomhaltóirí maidir le sábháilteacht feola Éireannaí agus baineann buntáistí leo i dtéarmaí galar a rialú agus a mhionatú. Ina measc seo tá:

- Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaí (CMGE);
- Córas Náisiúnta Aitheanta Caorach (CNAC);
- Córas Náisiúnta Aitheanta Muc agus Córas Rianaithe (CNAMCR);
- Seoladh Córas Náisiúnta Aitheanta Gabhar (CNAG) i rith 2005.

Lena chois sin, bunaíodh clár de ghabháil le circeoil agus éanlaithe i ngéibheann in 2005.

### Sláinte Aímhíthe

In Éirinn, is é an Roinn Talmhaíochta agus Bia atá i gceannas ar bhearta rialaithe agus díothaithe d'Einceifileapaite Spúinseach Bhólachta, Eitinn Bhuaibheach agus Brúsalóis agus áirítear anseo meascán de thástáil, gnáth-chigireachtaí agus gnáth-imscrúduithe, tuairisciú éigeantach agus deonach agus cóid chleachtais.

Tá an líon cásanna de Bhrúsalóis ag titim le blianta beaga anuas. Lean an claonadh seo ar aghaidh in 2005. Thit líon na gcásanna dearfacha saotharlainne 66% i gcomparáid le 2004 agus thit líon na dtréad agus na n-ainmhíthe dídhonraithe 60%; bhí 144 srian tréada nua in 2005, a léirigh titim de bheagnach 50% ar 2004. Léiríonn na figiúirí seo dul chun cinn suntasach i gcomparáid le 1998, tráth ar cuireadh tús leis an gclár reatha. Mar shampla, thit líon na samplaí fola dearfacha agus dídhonraithe 96% agus 91% faoi seach idir 1998 agus 2005.

In 2005, bhí líon na n-imoibreoirí Eitinne thart ar 25,800, a bhí thart ar 3,000 níos airde ná in 2004. In 2005 bhí an caiteachas iomlán do chlár Eitinne agus Bhrúsalóise 5.3% níos ísle ná mar a bhí in 2004, de thoradh laghdú i líon na gcásanna Brúsalóise.

Laghdaíodh rátaí Tobhach do Ghalar Bhuaibheacha an tríú cuid le héifeacht ón 1 Eanáir 2005 de thoradh feabhais fhadtréimhsigh i leibhéal Eitinne agus Brúsalóise agus costas laghdaithe na scéimeanna dá dheasca sin. Shábháil an beart seo €5.4 milliún ar tháirgeoirí in 2005. Táthar ag súil gur féidir dul chun cinn a dhéanamh in 2006 ar líon na gcásanna den ghalar a laghdú tuilleadh, a mbeadh leasanna sláinte poiblí agus geilleagracha ag baint leis.

Leanadh ar aghaidh le bearta a chur i bhfeidhm in 2005 i ndáil le galair eile cosúil le Scráibeach. Seoladh céim eile fós de phlean rialaithe agus díothaithe Aujeszky agus rinneadh dul chun cinn ar chlár a bhí faoi stiúir an tionscail maidir le rialú galair Johnne.

### Leas Aímhíthe

Baineann freagrachtaí na Roinne Talmhaíochta agus Bia den chuid is mó le leas ainmhíthe feirme. Baineann an-tábhacht le feabhas ar leasa ainmhíthe i gcomhthéacs a dóthain cosanta a chinntiú do chosaint ainmhíthe agus muinín an phobail agus tomhaltóirí a chothabháil.

Lean Comhairle Chomhairleach do Leas Aímhíthe Feirme (CCLAF) ag bualadh lena chéile in 2005 agus tá clár suntasach oibre aici do 2006. In 2004 chuir CCLAF tús leis an gCóras Luath-Rabhaidh/Idirghabhála do Chásanna a bhain le Leasanna Aímhíthe a raibh baint ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus an Cumann Éireannach um Fhóirithint ar Aímhíthe leis. Cuireadh tús leis an gcóras ar bhonn píolótach in 2004 agus in 2005 rolladh amach é do gach uile réigiún seachas réigiún amháin. Beidh sé á rolladh amach chuig an réigiún deireanach sin go luath in 2006. Is é cuspóir an chórais creatlach a sholáthar inar féidir fadhbanna a aithint sula mbíonn siad criticiúil nó rómhór le déileáil leo. In am cuideoidh sé seo le hidirghabháil thráthúil, éifeachtach agus íogair. Aithnítear áfach, in imthosca áirithe, go gcaithfidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ionchúisimh a dhéanamh. Tá aitheantas á thabhairt chomh maith do ról an Gharda Síochána faoin Acht um Chosaint Aímhíthe 1911 (mar atá leasaithe).

### Cógais Tréidliachta

Ar an 17 Samhain 2005, shínigh an tAire Talmhaíochta agus Bia Rialacháin Leigheasanna Aímhíthe, 2005, ag cur an chóid reachtaigh Eorpaigh nua ar chógais tréidliachta i bhfeidhm agus ag cur na reachtaíochta náisiúnta reatha san áireamh. Is ann don reachtaíocht seo chun córas inoibríthe do dháileadh cógas tréidliachta a éascú laistigh de pharaiméadair na reachtaíochta AE agus ag an am céanna ag cosaint sláinte phoiblí agus ainmhíthe, ag laghdú costas do tháirgeoirí agus ag éascú trádála onnmhairíochta.

Príomheilimint den Treoir AE is ea an riachtanas gur cheart go mbeadh na cógais tréidliachta uile d'ainmhíthe a tháirgeann bia á gcur ar fáil ar oideas tréidliachta amháin. Ina theannta sin forálann an Treoir do chlár díolúine trína nglacfaidh an AE le critéir díolúine d'eisiamh cógas áirithe ón riachtanas oidis. Féadfaidh Ballstáit, san eatramh, réimeas náisiúnta oideas reatha a choimeád go dtí go nglactar leis an gcritéir díolúine ag leibhéal an AE nó go dtí an 1 Eanáir 2007. Tá Éire ag baint leas as an bhforáil seo agus déanfar athbhreithniú ar Rialacháin 2005 le linn 2006 agus de thoradh chinneadh an AE ar na critéir díolúine.

### An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005

Is é príomhchuspóir an Achta, a d'achtaigh an tOireachtas an 12 Iúil 2005, rialú gairm na tréidliachta a thabhairt cothrom le dáta ag cur a lán de na forbairtí sa timpeallacht a bhfeidhmíonn an ghairm inti san áireamh ó achtaíodh an reachtaíocht bhunaidh sa bhliain 1931.

958482475	122362364	458248778	127459435	598718957	235879739	751197548	375837605	642492835	735486174	862382320	587560613	475603124	673665710	270418318	263071634	721023763	762056413	606346523	094325753	754601346	718537687	176543635	
320586853	687568253	209584824	75122362	364582487	78127459	435987189	57235879	739751197	54837583	603643016	535681365	172427853	654357204	384823756	246527645	702318578	375673583	459086358	769353567	837698379	642492835	735486174	
657645763	120575606	134756031	246736657	710270418	318263071	634721023	76376205	641360634	65230943	257537546	013467185	376871765	43635603										

Forálann an tAcht, go háirithe, don chéad uair, sainmhíniú um chleachtadh tréidliachta agus aitheantas reachtúil d'altraí tréidliachta. Ina theannta sin forálann an tAcht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, níos mó féidearthachtaí cláraithe do chleachtóirí a fuair a gcuid oiliúna lasmuigh den Stát, aitheantas speisialtóireachta, creidiúnú cleachtais agus gnáthaimh nua-shonraithe a bhaineann le feiliúnacht a bheith i mbun oibre, le smachtbhannaí comhréireacha. Lena chois sin tá foráil déanta freisin san Acht do bhallraíocht níos leithne de Chomhairle na dTréidlianna chun leasanna a léiriú, cosúil le hoideachas, tomhaltóirí, sábháilteacht bhia agus leasanna ainmhithe, mar aon le naonúr ball tofa.

Tháinig Comhairle nua Tréidlianna na hÉireann, a bhfuil 19 Ball ann in oifig an 1 Eanáir 2006.

## 6.8 Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra in Eanáir 2002 chun an chumarsáid idir thomhaltóirí agus an Roinn a neartú. Is iad téarmaí tagartha an Phainéil idirchaidreamh a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta a bhaineann le tomhaltóirí agus cliant maidir le gníomhaíochtaí na Roinne agus tuairisc a dhéanamh ar an méid faisnéise atá ag dul idir agus ón bpobal.

Ar an bPainéal tá ionadaithe ó Chumann Tomhaltóirí na hÉireann, Comhdháil na gCeardchumann, Bantracht na Tuaithe, Ardán na hEanála Deonaí agus Pobail agus ainmnithigh d'asraonta móra miondíola bia.

I measc cuid de na ceisteanna a rinneadh athbhreithniú orthu i rith 2005 bhí Praghsanna Bia, Beart Taighde Institiúidigh Bia an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Orgánaigh Géin-Athraithe.

Tar éis don Phainéal mionphlé a dhéanamh ar Phraghsanna Bia, d'iarr an Painéal tairiscintí i mí Dheireadh Fómhair 2004 chun acmhainní sonraí a mheas ar phraghas bia in Éirinn agus chun múnla a dhearadh le monatóireacht a dhéanamh ar phraghsanna bia agus cion na bpraghsanna seo ionsúite ag céimeanna difriúla den soláthar. Go deireanach in 2005, chuir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, a thuarascáil dheireanach i láthair agus tá an tuarascáil seo á mheas ag an bPainéal faoi láthair.

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536542572043848227562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 05756061375610170418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 7486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501  
 5871765436356083361121785365437203848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654357204384823756246527645702318  
 4877812745943598718957235879739751197548375837605645016576457631205756061347560312467366571027041831826307  
 545702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820958482475 12  
 83182630716347210237637620564136063465230943257637546013467185376871765436356813651724278536543572043848

## 7.1 Achoimre

Tá impleachtaí tábhachtacha ag forbairtí polasaí talmhaíochta Eorpacha agus idirnáisiúnta don earnáil agraibhia Éireannach. Baineann táirgeoirí Éireannacha leas suntasach as Chomhbheartas Talmhaíochta an AE agus cinntíonn leasú 2003 ar an CBT creatlach do fhorbairt agus thacaíocht na hearnála sa todhchaí. Déantar an buiséad glan agus an éifeacht trádála ó pháirtíocht na hÉireann a chainníochtú thíos, chomh maith le himlíne d'fhorbairt pholasaí déanaí an AE, ECGF, EDT agus EBT.

## 7.2 Leasanna an CBT d'Éirinn

Baineann Éire leas as an gComhbheartas Talmhaíochta i dtéarmaí aistrithe buiséid AE (do thacaíochtaí margadhphraghais agus d'íocaíochtaí díreacha) agus as na sochair thrádála a thagann ó phraghsanna AE níos airde.


Seasann an éifeacht bhuiséid ghlan (EBG) i dtalmhaíocht don aistriú glan d'acmhainní go talmhaíocht na hÉireann trí bhuiséad an AE. Ríomhtar an EBG trí chaiteachas Rátháíochta FEOGA a shuimiú le fáiltas Treoraithe FEOGA agus ranniocaíocht measta na hÉireann do bhuiséad FEOGA a dhealú uaidh. Taispeánann Tábla 7.1 an EBG do 2004 agus 2005. I 2005, b'fhiú os cionn €1.6 billiún an éifeacht bhuiséid ghlan.

**Tábla 7.1 Éifeacht Bhuiséid Ghlan (€m), 2004-2005**

	Caiteachas Rátháíochta FEOGA €m	Fáiltas Treoraithe FEOGA €m	Ranniocaíocht Measta na hÉireann do FEOGA €m	Éifeacht Bhuiséad Ghlan €m
2004	1,788.1	61.9	507.4	1,342.7
2005*	2,237.0	29.6	620.8	1,645.8

\* Meastachán 2005  
 Foins: RBT, An Roinn Airgeadais

Tá Caiteachas Rátháíochta FEOGA in Éirinn ó 1992-2005 taispeánta de réir catagóire i bhFigiúr 7.1. Ba iad na tacaíochtaí margaidh (idirghabháil agus aisíocaíochtaí onnmhairithe) na catagóirí ba mhó de chaiteachas FEOGA go luath sna 1990í. I ndiaidh leasú an CBT sa bhliain 1992, áfach, bhí siad seo laghdaithe go mór agus tá íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí mar an chomhpháirt is mó de chaiteachas FEOGA le €2 billiún caite orthu i 2005.



Tá praghsanna tráchtearraí talmhaíochta níos airde go ginearálta ar mhargaí AE ná mar atá siad ar mhargaí domhanda. Baineann Éire leas as tráchtearraí talmhaíochta a thrádáil ag na praghsanna níos airde seo. Ríomhtar an bhearna phraghais, atá ann idir praghsanna Éireannacha agus praghsanna domhanda do gach tráchtearra, ó shonraí ECGF do phraghsanna domhanda agus sonraí RBT do phraghsanna intíre. Déantar an bhearna phraghais ábhartha do gach tráchtearra a chur leis an gcomhardú trádála idir Éirinn agus an chuid eile den AE do na tráchtearraí sin ag soláthar meastacháin den éifeacht trádála ghlan (ÉTG).

Meastar gur fiú €830m an éifeacht trádála ghlan (féach ar Thábla 7.2) i 2004, méadú de 19% ó €737m i 2004. Tá formhór na dtráchtearraí talmhaíochta níos daoire ar mhargadh an AE, ar nós ime 44%, mairteoil 42% agus caoireoil 38%. Bhí éifeacht shuntasach ag an méadú ar phraghas mairteola sa bhaile chomh maith leis an titim sa phraghas mairteola domhanda ar an ÉTG i 2005.

Taispeánann Tábla 7.3 na héifeachtaí trádála agus buiséid do 2004 agus do 2005 le chéile agus cuireann sé meastachán don luach foriomlán d'aistrithe talmhaíochta ar fáil thar an tréimhse sin. Tháinig laghdú ar an éifeacht trádála agus ar éifeacht an bhuiséid i 2004 agus b'fhiú timpeall €2.5 billiún é nó timpeall 1.8% de BLC ar chostas tosca, méadú de 1.6% de BLC ar chostas tosca i 2004.

Athbhreithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

58482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061347
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354861	7486238212015	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	871765436356	
32058685368756825	320958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	6036430165	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	37964249283	
657645763120575606	513475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	5763754601	
59435987189572358	797397511975483758	37605645016576457	63120575606134756	331246736657102704	6036430165	
57837567358345908	635876935356783769	83796424928357354	86787486238232058	68536875682582095	8482475	12236236
716347210237637620	564136063465230943	25763754601346718	53768717654363568	13651724278536543	7204384823756	
223623645824877812	74594359871895723	587973975119754837	58376056450165764	57631205756061347	6036430165	
237562465276457023	18578375673583459	08635876935356783	76983796424928357	5486787486238232	586853687568	

Tábla 7.2 Éifeacht Trádála Ghlan do Thráchtearraí Roghnaithe, 2004-2005

	2004			2005*		
	Trádáil Ghlan €m	Comhéifeacht na Bearna Praghais %	Éifeacht Trádála Ghlan €m	Trádáil Ghlan €m	Comhéifeacht na Bearna Praghais %	Éifeacht Trádála Ghlan €m
Mairteoil	1,190.9	37.1%	441.6	1,278.0	42.0%	537.0
Eallach Beo	26.5	37.1%	9.8	30.9	42.0%	13.0
Caoireoil	171.7	45.2%	77.6	183.6	37.8%	69.4
Muiceoil	75.8	4.7%	3.6	81.6	10.3%	8.4
PBB	44.0	23.6%	10.4	39.4	16.2%	6.4
PBLS	47.0	28.7%	13.5	56.3	26.8%	15.1
Im	304.4	47.6%	144.8	273.1	44.0%	120.2
Cáis	213.9	24.7%	52.8	243.4	29.3%	71.4
Cáiséin	88.5	4.5%	4.0	102.5	-2.0%	-2.0
Cruithneacht	-43.9	31.3%	-13.7	-40.5	13.8%	-5.6
Gráin Gharbha	-22.8	31.3%	-7.1	-20.7	13.8%	-2.9
<b>Iomlán</b>	<b>2,095.9</b>		<b>737.2</b>	<b>2,227.5</b>		<b>830.5</b>

Foinse: CSO, ECGF, RTB  
\*2005 Sealadach

Tábla 7.3 Éifeacht Bhuiséid agus Thrádála le Chéile 2004-2005

	2004 €m	2005* €m
Éifeacht Bhuiséid Ghlan	1,342.7	1,645.8
Éifeacht Trádála	737.2	830.5
Éifeacht Bhuiséid agus Trádála	2,079.9	2,476.3

Foinse: RTB, CSO, ECGF  
\*Sealadach

### 7.3 Leasú an CBT

Tá an Comhbheartas Talmhaíochta faoi réir athbheithnithe agus leasaithe leanúnaigh chun cúinsí inmheánacha agus seachtracha dá bhfuil luaineach a chur san áireamh.

Lean an próiseas i 2005 nuair a baineadh comhaontas polaitiúil amach faoi leasú na réime síúcra de chuid an AE i gComhairle na nAírí. Ghlac an Chomhairle leis an gcinneadh deireanach san earnáil i mí Feabhra 2006 tar éis comhairle a ghlacadh le Parlaimint na hEorpa. Leathnaíonn an leasú an fealsúnacht agus na prionsabail atá cosanta i leasuithe roimhe seo – an t-athbheithniú meántéarmach i mí an

Mheithimh 2003 chomh maith le Comhaontú Clár Oibre 2000 agus leasú McSharry i 1992.

#### Leasú den Eagraíocht Chomónta den Mhargadh Síúcra

D'fhoilsigh an Coimisiún moltaí reachtaíochta chun réim shiúcra an AE a leasú i mí an Mheithimh 2005. Lean na moltaí ó fhoilsiú Cumarsáid an Choimisiúin i mí Iúil 2004 ag leagadh síos roghanna éagsúla a bhí mar ábhar díospóireachta dian sa Chomhairle. Sholáthair an réim atá ann faoi láthair do chuótaí shiúcra, praghas íosta urraithe ina d'fhéadfaí síúcra tairgthe faoi chuóta a chur ar an margadh san AE agus phraghas íosta atá ar tháirgeoirí síúcra a íoc le feirmeoirí biatais agus a bhí le dul in éag ag deireadh mhí an Mheithimh 2006.

Ó dhearcadh na hÉireann de, chur torthaí na hidirbheartaíochta le moltaí an Choimisiúin, a chuirfeadh deireadh leis an earnáil síúcra in Éirinn san fhoirm ina rabhadar. Bhunaigh an comhaontú deireanach coinníollacha chun leanúint le táirgeadh síúcra in Éirinn sa ghearr-théarma. Mar sin féin, mar a taispeántar i Rannóg 3.8, ghlacadh leis an gcinneadh chun táirgeadh a stopadh go luath i 2006. Rinneadh Éire idirbheartaíocht ar phacáiste airgeadais, de

2375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964292835735486787486238232058685368756825820  
3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

timpeall €310 milliún, sa chás go stopfaí ag táirgeadh siúcra agus go dtréigfí an cuóta siúcra.

Is iad príomheilimintí an chomhaontais ná:

- laghdú 36% i bpraghas tacaíochta siúcra lena chomhionann de laghdú in íosphraghas biatas siúcra le tabhairt isteach i gcéimeanna thar tréimhse cheithre bliana;
- cúiteamh i bpáirt de 64% le feirmeoirí den phraghas laghdaithe iníochta i bhfoirm íocaíochtaí díreacha;
- cistí éagsúla de luach €44 milliún le feirmeoirí atá biatas a fhás acu sa chás go stopann táirgeadh an bhiaitais siúcra ar fad;
- pacáiste cúnamh de €145 milliún chun airgead a chur ar fáil chun aon athstruchtúrú a dhéanamh ar an tionscal sa todhcháí, tionchair shóisialta agus chomhshaoil san áireamh.

Tiocfaidh an réim nua i bhfeidhm ar 1 Iúil 2006.

## 7.4 Peirspictíocht Airgeadais 2007-2013

Tá buiséad an AE, chomh maith leis na hacmhainní airgeadais dáilte don CBT agus forbairt tuaithe, tarraingthe suas ar bhonn peirspictíochta meántéarmach airgeadais a leagann síos teorainneacha caiteachais bliantúla. Tugann an maoiniú do CBT agus do pholasaí forbartha tuaithe an AE leasanna agus tacaíochtaí móra d'ioncam feirme agus don tionscal aigraibhia. Léiríonn na cionranna maoinne gné thábhachtach d'idirbheartaíochtaí buiséid an AE ag cur san áireamh an ról lárnach atá fós ag an earnáil aigraibhia in inmharthanacht eacnamaíoch agus sóisialta na bpobal tuaithe in Éirinn.

Thángthas ar chomhaontas faoi Pheirspictíocht Airgeadais an AE don tréimhse 2007-2013 i gComhairle na hEorpa sa Bhruiséal i mí na Nollag 2005. Bhí toradh sásúil ar an idirbheartaíocht i dtéarmaí iomlána maidir le forbairt talmhaíochta agus tuaithe ó dhearcadh na hÉireann. Baineadh amach an sprioc de chinntiú go mbeidh go leor maoiniú ar fáil chun leanúint le bearta an CBT agus bearta forbartha tuaithe. Is iad príomheilimintí chinneadh Chomhairle na hEorpa ná mar leanas:

- daingníodh cinneadh Chomhairle na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2002 faoi chionranna buiséid le CBT don tréimhse 2013, ag léiriú maoiniú de €293 billiún. Caithfidh an méid a cuirtear ar fáil costas CBT don Bhulgáir agus an Rómáin a chlúdach chomh maith, a bhfuil siad araon ag teacht isteach san Aontas Eorpach i 2007. Ar iarratas ó Éirinn, thug an Coimisiún

dearbhu scríofa go bhféadfadh an dá Bhallstát teacht isteach laistigh de leibhéal na gcúnamh díreacha a bhfuil foráilte dóibh i gComhaontas Chomhairle na hEorpa ó Dheireadh Fómhair 2002. Thar an tréimhse seacht bliana 2007 go dtí 2013, gheobhaidh Éire thart ar €9.1 billiún in íocaíochtaí díreacha CBT. Tabharfaidh caiteachas eile ar thacaíochtaí margaidh aistrithe iomlán ón AE go hÉireann go dtí os cionn €10.3 billiún;

- faoi fhorbairt tuaithe, gheobhaidh Éire a cionnroinn de chistí forbartha tuaithe an Aontais Eorpaigh atá curtha in áirithe don AE-15 chomh maith le cionnroinn speisialta de €500 milliún. Méadú substaintiúil é seo ar an méid maoinithe a bhí molta d'Éirinn roimh Chomhairle na hEorpa;
- ceadófar modhnú de suas le 20% de chionnroinn gach Ballstát faoi íocaíochtaí díreacha ar bhonn deonach;
- déanfar athbhreithniú ar gach gné den bhuiséad ar bhonn tuarascála Coimisiúin i 2008/2009. Níor ghlacadh aon chinneadh maidir le dáta forfheidhmithe ar aon toradh a thiofadh ón athbhreithniú. Mar sin féin, tá an Roinn Sásta, ag glacadh leis go bhfuil comhaontacht riachtanach d'aon chinneadh a dhéanann Parlaimint na hEorpa, nach gcuirfidh an t-athbhreithniú isteach ar mhaoiniú CBT ná ar mhaoiniú forbartha tuaithe na hÉireann go dtí 2013.

## Modhnú

Tugadh modhnú isteach san Athbhreithniú Meántéarmach i mí an Mheithimh 2003, is é atá i gceist ná an laghdú in íocaíochtaí díreacha chun maoiniú breise a chur ar fáil do fhorbairt tuaithe. Faoin bpróiseas seo laghdaítear an Scéim Íocaíochta Singil faoi chéatadán socraithe: 3% i 2005, 4% i 2006 agus 5% ó 2007 ar aghaidh. Tá Ballstáit i dteideal 80% dá n-asbhaint ar a laghad. Tá timpeall €18.6 milliún i gcistí modhnaithe ar fáil d'Éirinn i 2006. Tar éis próiseas comhairleach forleathan, bheartaigh an tAire gur chóir an maoiniú seo a úsáid faoin scéim liúntais cúitimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Dá réir sin, bainfidh feirmeoirí sna ceantair seo leas as íocaíocht bhreise aon-uair faoin scéim i 2006.

Do 2007 ar aghaidh, beidh na cistí modhnaithe mar chuid comhtháite den mhaoiniú iomlán atá ar fáil don straitéis forbartha tuaithe 2007-2013 agus na clá(i)r. Breathnófar ar a n-úsáid sa chomhthéacs sin agus ní bheidh gá le cinneadh ar leith fúthu.

## Forbairt Tuaithe 2007-2013

Thángthas ar chomhaontú faoi leasú pholasaí forbartha tuaithe an AE i gComhairle mhí an Mheithimh 2005.

958482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	564501657	6457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	459086358	769353567	837698379	642492835	7354861	74862182120
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	467185371	87176543635
320586853	687568253	320958482	475 12236	236458248	778127459	435987189	57235879	739751197	54837583	803843169
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	570231857	783756735	83459086	587693535	67837698	379642498
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375469

Leag Rialachán AE nua, ar glacadh go foirmiúil leis i Meán Fómhair, agus na treoirlínte straitéiseacha ábhartha, a bhí comhaontaithe ag Comhairle na nAirí i mí Feabhra 2006, síos an chreatlach pholasaí nua ina mbeidh straitéis náisiúnta agus cláir fhorbartha pobail ar leith curtha le chéile sa chéad chlár-thréimhse eile ó 2007 go 2013. Is í aidhm na dtreoirlínte ná a chinntiú go bhfuil cláir náisiúnta comhsheasmhach le cuspóirí polasaí foriomlána an AE, cláir oibre iomaíochta agus inmharthana Liospóin agus Goteborg san áireamh. Faoin bpolasaí forbartha tuaithe nua, is iad na tosaíochtaí don todhchaí ná:

- feabhas a chur ar iomaíocht talmhaíochta agus foraoiseachta;
- feabhas a chur ar an gcomhshaol agus ar an tírdhreach;
- cur le caighdeán beatha i gceantair tuaithe agus éagsúlacht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn.

De réir na creatlaí polasaí nua, caithfear straitéis forbartha tuaithe náisiúnta ar leith a chur le chéile sa chéad leath de 2006. Leagfaidh sé seo síos tosaíochtaí ar leibhéal náisiúnta trí thagairt dóibh siúd atá comhaontaithe cheanna féin ar leibhéal AE. Caithfidh an straitéis na leibhéil íosta chaiteachas de 10% den leibhéal maoinithe foriomlán a chomhlíonadh don chéad agus don tríú tosaíocht léirithe – iomaíocht agus an eacnamaíocht tuaithe níos fairsinge - agus 25% don dara tosaíocht – an comhshaoil agus tírdhreach. Glacfaidh cur chuige LEADER le 5% ar a laghad de chaiteachas. Thug an Roinn cuireadh d’aighneachtaí ag deireadh 2005. Tar éis comhaontú ar an straitéis leis an gCoimisiún, ullmhófar clár oibre ag cur síos ar na gníomhaíochtaí tacaíochta sa dara leath de 2006 le dul i bhfeidhm ó 2007.

## 7.5 Tuilleadh Simplíú ar an CBT

D’fhoilsigh an Coimisiún Cumarsáid faoi shimplíú an CBT ag leagan síos tuilleadh pleananna i mí Deireadh Fómhair 2005. Tá simplíú bainte amach cheanna féin in earnálacha eile, lena n-áirítear an réim cúnaimh Stáit, córas maoinithe an CBT agus reachtaíocht atá as dáta a bhaint amach. Shimpligh cinntrí polasaí le déanaí ar nós na leasuithe CBT i 2003 agus 2004, go mór mhór an Scéim Íocaíochta Singil agus díchúpláil a thabhairt isteach agus an réim forbartha tuaithe nua a dhéanann sruthlíniú isteach i gciste amháin an clárú, an maoiniú agus na córais airgeadais do scéimeanna forbartha tuaithe.

Tá sé léirithe ag an gCoimisiún go mbeidh a thuilleadh moltaí dírithe ar an CBT a shimplíú á thabhairt ar aghaidh i bPlean Gníomhaíochta i 2006. D’fhéadfadh tachar de rialacha a thabhairt isteach chun gach eagrú comónta de na réimeanna margaidh a rialú a bheith san áireamh sna moltaí.

## 7.6 An Eagraíocht Trádála Domhanda (ETD)

Rinneadh dul chun cinn suntasach eile chun comhaontú nua a chríochnú ag Comhdháil na nAirí i Hong Kong i mí na Nollag 2005. Chomh fada agus a bhaineann sé le talmhaíocht, ba é an phríomhfhorbairt ná deireadh a chur le fóirdheontais onnmhairithe de gach saghas de réir a chéile faoi 2013. Bhí an AE faoi bhrú mór ó pháirtithe idirbheartaíochta chun glacadh le 2010 mar an dáta deiridh ach d’éirigh leo, tar éis idirbheartaíocht chrua, toradh níos fabhraí a bhaint amach. Tá an dáta deiridh de 2013 coinníollach agus ní ghlacfar leis go dtí go mbeidh comhaontú faoin módúlacht do gach cineál de dhíothú comhthreomhar de gach saghas fóirdheontais onnmhairithe agus ar chomhaontas nua a chur i gcrích. D’aontaigh an Chomhdháil chomh maith ar leagan amach i gcóir a thuilleadh idirbheartaíochta chun comhaontú a bhaint amach ar laghdú i leibhéal tacaíochta intíre agus gearrthacha i dtáillí.

Tháinig Comhdháil na nAirí ar chomhaontú faoi sprioc-am de dheireadh Aibreáin 2006 chun idirbheartaíocht ar an gcomhaontú a chríochnú. Tosóidh an idirbheartaíocht ar na saincheisteanna tábhachtacha atá fágtha go luath i 2006 d’fhonn cloí leis an sprioc-am de Aibreán 2006.

Tá an CBT suite agus ullmhaithe chun idirbheartaíochta ag an AE trí na leasuithe CBT ar Chomhaontú Chlár Oibre 2000 agus tríd an Athbhreithniú Meántéarmach. Cé go bhfuil Éire ag fanacht tiomanta go ginearálta le babhta nua idirbheartaíochta, is é an sprioc ná a chinntiú go leanann an leibhéal cosanta agus tacaíochta is airde don earnáil aigraibhia agus, go háirithe, chun a chinntiú nach mbeidh gá lena thuilleadh leasú ar an CBT toisc na laghduithe agus tacaíochtaí nua atá riachtanach, agus a chaithfear a fheidhmiú faoin mbabhta nua. Déanann an Coimisiún idirbheartaíocht thar cheann na mBallstát ar bhonn sainordú comhaontaithe ag Comhairle na nAirí. Tacaíonn Éire leis an sainordú reatha, faoi mar atá sé formhuinthe ag Comhairlí comhleantacha, a fhorálann faoi mar atá sé ag dul ar aghaidh faoi leasuithe leanúnacha, go léiríonn an CBT teorainn idirbheartaíochta mionteagaisc an AE .

Leagann anailís déanta ag FAPRI-Ireland<sup>1</sup> amach na himpleachtaí a bhaineann le hidirbheartaíocht ETD d’Éirinn. Rinneadh an anailís ar bhonn toradh hipitéiseach íseal, measartha agus ard seachas an staid fíor inar chríochnaigh an t-idirbheartaíocht. Déanann an tuarascáil FAPRI réamhaithris go bhféadfaí mórán de na leasanna a bhí le baint as díchúpláil a chailliúint faoi mar a thiteann praghsanna ar margadh inmheánach an AE tar éis aisíocaíochtaí onnmhairithe agus rochtain mhargaigh le tíortha treasacha. Thar an tréimhse réamhaithriste, taispeánann anailís FAPRI

<sup>1</sup> FAPRI-Ireland Partnership, (2006), ‘World Agricultural Trade Reform and the WTO Doha Development Round: Analysis of the Impact on EU and Irish Agriculture’. Foilsithe ag Teagasc.

3756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

go dtitfidh ioncam comhiomlán feirme ó na leibhéil atá ann faoi láthair nó faoi €200 milliún sa bhliain ar na réamhaithrisí bonnlíne. Maolóidh díchúpláil íocaíochtaí díreacha agus a bhfeidhm mar léibheann ioncaim cuid den tionchar a bheidh ar laghdúithe i bpraghsanna tráchtearraí. Taispeánann an anailís chomh maith an tionchar mífhábhach ar thrádáil le tíortha treasacha, go mór mhór do tháirgí déiríochta, ag cur suntas ar an ngá atá le díriú ar mhargáí inmheánacha an AE.

### Forleathnú an AE

Síníodh na hAchtanna Aontachta chun an Bhulgáir agus an Rómáin a ligean isteach san AE i Lucsamburg ar 25 Aibreán 2005 agus tiocfaidh an dá Bhallstát isteach san Aontas ar 1 Eanáir 2007. Thosaigh idirbheartaíocht comhaontaithe leis an gCróit ar 3 Deireadh Fómhair 2005 agus i mí na Nollag 2005, rinne Comhairle na hEorpa cinneadh chun stádas iarrthóra a thabhairt d'Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine.

## 7.7 Comparáidí Idirnáisiúnta de Thacaíocht Talmhaíochta

Tomhaiseann an Eagraíocht do Chomhoibriú Geilleagrach agus Fhorbairt (ECGF) luach na n-aistrithe comhlána ó thomhaltóirí agus cháiníocóirí chun tacú le táirgeoirí talmhaíochta i bhfoirm meastachán tacaíochta táirgeora. Léirítear é i dtéarmaí airgeadais agus mar chéatadán d'fháltais fheirme chomhlána.

Is é an AE an tacaí is mó do thalmhaíocht i dtéarmaí caiteachais iomláin ag soláthar níos mó tacaíochta ná na SA agus An tSeapáin curtha le chéile. Mar sin féin, tá Meastachán Tacaíochta Táirgeora níos airde ag An Eilvéis,

An Chóiré agus An tSeapáin mar % d'fháltais fheirme chomhlána, san am céanna tá Meastachán Tacaíochta Táirgeora an-íseal ag An Nua Shéalainn agus ag An Astráil rud a thaispeánann a gceal tacaíochta talmhaíochta de chineál CBT.

Léiríonn an meastachán tacaíochta tomhaltóra (MTT) luach na n-aistrithe airgeadais comhlána ó thomhaltóirí do tháirgeoirí de thráchtearraí talmhaíochta, ag teacht ó bhearta polasaí a thugann tacaíocht do thalmhaíocht (féach ar Thábla 7.5). Tá sé curtha síos i dtéarmaí airgeadais agus mar chéatadán de chaiteachas tomhaltóra ar aschur táirgthe sa bhaile. Tomhaiseann sé an tslí atá an praghas sa bhaile boiscithe ag polasaí talmhaíochta.

Tá an ráta caiteachais MTT is airde ag an tSeapáin agus an AE. I dtéarmaí % MTT, tá an % MTT is airde ag An Eilvéis, An Chóiré agus An tSeapáin fad is atá an % is ísle ag An Astráil, na SA agus An Nua Shéalainn.

Ríomhann an meastachán tacaíochta iomlán (MTI) luach airgeadais na n-aistrithe comhlána uile ó cháiníocóirí agus ó thomhaltóirí ag teacht ó bhearta polasaí a thacaíonn le talmhaíocht (féach ar Thábla 7.6). Tomhaiseann an céatadán MTI na haistrithe iomlána ó pholasaí talmhaíochta mar chéatadán den OTI.

Tá an leibhéal caiteachais MTI is airde ag an AE agus ag na SA, agus tá an MTI is airde mar % de OTI ag an gCóiré agus ag an Eilvéis le 3.4% agus 1.7% faoi seach.

Tábla 7.4 Coibhéis Tacaíochta Táirgeora do 1986-1988, 2002-2004 & 2004

	1986-88		Meán 2002-2004		2004	
	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme
An Astráil	1,219	8	980	4	876	4
Ceanada	5,548	36	5,020	22	4,613	21
AE*	92,308	41	103,050	34	107,686	33
An tSeapáin	44,408	61	42,861	58	39,346	56
An Chóiré	10,840	70	16,672	63	16,025	63
Nua Shéalainn	451	11	164	2	208	3
An Eilvéis	4,925	78	4,865	71	4,688	68
SA	33,295	22	36,855	17	37,544	18
ECGF	<b>220,776</b>	<b>37</b>	<b>231,072</b>	<b>30</b>	<b>225,670</b>	<b>30</b>

\*AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004  
 Foins: ECGF, *Agricultural Policies in OECD Countries, 2004*

958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576313756061347300  
 435720438482375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964249283573548617486238232058  
 47560312467366571027041831826307163472102376376205641360634652309432575375460134671853768717654363562  
 32058685368756825320958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576313756061347300  
 53568136517242785365435720438482375624652764570231857837567358345908615876935356783769837964249283573548617486238232058  
 657645763120575606134756031246736657102704183182630716347210237637620564136063465230943756450165764576313756061347300

Tábla 7.5 Coibhéis Tacaíochta Tomhaltóra do 1986-1988, 2002-2004 & 2004

	1986-88		Meán 2002-2004		2004	
	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme
An Astráil	317	8	129	2	132	2
Ceanada	2,284	22	2,261	15	2,142	16
AE*	6,960	38	51,480	21	51,782	19
An tSeapáin	49,876	58	53,778	51	48,366	50
An Chóiré	10,582	66	19,507	60	16,796	58
Nua Shéalainn	83	9	131	8	170	10
An Eilvéis	4,533	74	3,232	58	3,180	55
SA	3,194	3	8,747	6	8,109	6
ECGF	<b>156,261</b>	<b>32</b>	<b>135,270</b>	<b>21</b>	<b>123,312</b>	<b>20</b>

\*AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004  
 Foinse: ECGF, *Agricultural Policies in OECD Countries, 2004*

Tábla 7.6 Coibhéis Tacaíochta Iomlán do 1986-1988, 2002-2004 & 2004

	1986-88		Meán 2002-2004		2004	
	€m	% de OTI	€m	% de OTI	€m	% de OTI
An Astráil	1,570	0.8	1,373	0.3	1,287	0.3
Ceanada	6,907	1.8	6,510	0.8	6,047	0.7
AE*	106,372	2.8	116,251	1.2	121,557	1.2
An tSeapáin	52,200	2.3	53,794	1.4	49,126	1.3
An Chóiré	11,860	9.3	53,794	3.5	18,187	3.4
Nua Shéalainn	545	1.7	270	0.4	322	0.4
An Eilvéis	5,908	4.0	5,316	1.8	5,047	1.7
SA	58,476	1.3	88,294	0.9	87,753	0.9
ECGF	<b>277,648</b>	<b>2.3</b>	<b>314,494</b>	<b>1.2</b>	<b>305,119</b>	<b>1.2</b>

\*AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004  
 Foinse: ECGF, *Agricultural Policies in OECD Countries, 2004*

## 7.8 Slándáil Bhia Dhomhanda


Taispeánann na staitisticí is déanaí<sup>2</sup> atá curtha ar fáil ag Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiúin Aontaithe (FAO) go raibh 852 milliúin duine ar ghanchothú sa tréimhse 2000-2002. Den iomlán seo, bhí cónaí ar 95% nó 815 milliúin duine i dtíortha i mbéal forbartha. Laistigh den domhan forbartha bhí beagnach 70% de na

daoine ganchothaithe sa tSín, san India nó san Afraic Fho-Shahárach. Taispeánann Figiúr 7.2 líon na ndaoine atá ganchothaithe agus an céatadán den daonra atá ganchothaithe de réir tíre nó réigiúin. Tá sé soiléir, cé go bhfuil na huimhreacha dearfa níos airde san India tá an céatadán ocrais níos airde san Afraic Fho-Shahárach.

2 'The State of Food Insecurity in the World 2005'. Foilsithe ag an FAO

23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 7486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

**Figióir 7.2 Líon agus % na nDaoine le Éadaingne Bia de réir Réigiúin (Meán 2000-2002)**



### Rannpháirtíocht na hÉireann in Éadaingne Bhia a Laghdú

Tá ranníocaíocht na hÉireann i gcoinne ocrais, bochtaineachta agus tearcfhorbartha déanta trína clár Cúnaimh Fhorbartha (CFO) Oifigiúil don chuid is mó, is é sin Irish Aid (Development Cooperation Ireland roimhe seo) laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Sa chlár seo tá cúnamh déthaobhach le tíortha roghnaithe san Afraic agus san Áis san áireamh, tacaíocht leathan do ghníomhaíochta Eagraíochtaí Neamhrialtais (ENR) agus cúnamh airgeadais d’eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. Tagann timpeall 80% den mhaoiniú seo ó Irish Aid, ach tá Ranna eile bainteach le CFO cur ar fáil chomh maith. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia rannpháirteach go gníomhach trí bhallraíocht, agus thacaíocht airgeadais le dhá ghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe, agus i 2005 ba é a ranníocaíocht iomlán leis an FAO agus leis an gClár Bia Domhanda (CBD) ná os cionn €8.6 milliún.

Ba é an iomlán CFO na hÉireann i 2005 ná thart ar €545 milliún agus táthar ag súil go n-ardóidh sé seo go dtí €675 milliún i 2006. Bainfear amach sprioc na Náisiún Aontaithe de 0.7% de OTN ar CFO anois i 2012, trí bliana roimh an dáta comhaontaithe ag an AE. Le linn 2005, bhí Irish Aid páirteach i sraith de chruinnithe ar fud na tíre agus bhí aighneachtaí á lorg ó gheallchoimeádaithe ábhartha, eagraíochtaí leasmhara agus ó bhaill den phobal. Chríochnaigh sé seo i nDeireadh Fómhair le fóram comhairleach a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar threo pholasaí forbartha na hÉireann sa todhcháí. Bhí páirt ghníomhach ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia sna himeachtaí seo. Críochnóidh sé seo leis an chéad pháipéar bán riamh ó Rialtas na hÉireann ar Pholasaí Forbartha i 2006, a thabharfaidh treoir slán do pholasaí don chlár cúnaimh sa todhcháí.


### Rochtain ar Mhargáí an AE agus na hÉireann do Thíortha i mbéal Forbartha<sup>3</sup>

In ainneoin an dearcadh a deirtear go minic go bhfuil margáí an AE dúnta in aghaidh allmhairí ó thíortha i mbéal forbartha, níl sé seo fíor i ndáiríre. Taispeánann figiúirí an Choimisiúin Eorpach go bhfuil an AE ar an bpáirtí trádála is mó agus ar an margadh is mó do thíortha i mbéal forbartha. I ndáiríre “is é an tAontas Eorpach an príomh allmhaireoir de tháirgí talmhaíochta ó thíortha i mbéal forbartha, ag tógáil isteach níos mó táirgí ná na SA, An tSeapáin agus Ceanada curtha le chéile.” Taispeánann Figióir 7.3 na meán figiúirí trádála talmhaíochta idir an AE agus tíortha i mbéal forbartha agus leis na príomhthíortha forbartha chomh maith, ar nós SAM, Ceanada, An tSeapáin, An Astráil agus an Nua Shéalainn. Faoi mar is féidir a fheiceáil, i dtéarmaí trádála talmhaíochta de allmhairíonn an AE níos mó agus onnmhairíonn sé níos lú ná grúpaí tíortha forbartha eile.

<sup>3</sup> Foinse: An Coimisiún Eorpach (2004) *The Common Agricultural Policy Explained* agus FAO (2005) *The State of Food and Agriculture 2005*.

958482475	122362364	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	564501657	6457631	575606134	7300
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698379	642492835	7354861	748623823	2058
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	46718537	871765436	3502
320586853	687568253	320958482	475 122362	364582487	78127459	435987189	57235879	739751197	54837583	603843016	7300
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	78375673	583459086	587693535	67837698	379642492	8300
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460	1300

**Figiúr 7.3** Trádáil idir Trádálaithe Móra Domhanda agus Tíortha i mBéal Forbartha (Meán 2000-2002)



Taispeánann Tábla 7.7 ceann scríbe onnmhairí talmhaíochta de réir réigiúin go dtí an AE-15 agus go dtí an Afraic Fho-Shahárach, go dtí tíortha forbartha agus i mbéal forbartha, curtha síos mar chéatadán d’onnmhairí talmhaíochta foriomlána. Ní théann ach 2% d’onnmhairí AE go dtí tíortha san Afraic Fho-Shahárach. Ar an dtaobh eile de tagann 56% d’onnmhairí ón Afraic Fho-Shahárach go dtí an AE-15

Glactar le trádáil mar an t-inneall forbartha. Mar sin féin aithníonn tuarascáil an FAO (The State of Food and Agriculture 2005) “ní leor léirscaoileadh trádála.” Ní mór polasaithe a chur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha a ligeann do na daoine bochta áis a bhaint as deiseanna a éiríonn ó léirscaoileadh trádála agus iad a chosaint ó turraingí sa ghearr-théarma. Cuireann an tuarascáil chéanna síos ar na gnóthachain féideartha a d’fhéadfadh éirí as leasú a dhéanamh ar pholasaithe trádála na dtíortha i mbéal forbartha agus ó bhreis trádála idir tíortha i mbéal forbartha.

**Tábla 7.7** Ceann Scríbe Onnmhairí Talmhaíochta de réir Réigiúin

	Bliain	Forbartha %	AE-15 %	I mBéal Forbartha %	Afraic Fho-Shahárach %
AE 15	1990	88	82	12	2
	1995	89	79	11	2
	2000	89	73	11	2
	2002	90	73	10	2
Afraic Fho-Shahárach	1990	75	67	25	18
	1995	71	59	29	14
	2000	61	46	39	19
	2002	66	50	34	20

# Caibidil 8 Forbairt Polasaí Náisiúnta

## 8.1 Achoimre

Léiríonn an chaibidil seo roinnt forbairtí polasaí náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar an earnáil agrairbhia. Áirítear leo seo Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015 a seoladh i mí an Mhárta 2006, íocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Singil, tiomantais faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, an Plean Forbartha Náisiúnta agus bearta cánachais fheirme a tugadh isteach i gCáinainéis na bliana 2006

## 8.2 Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015

Foilsíodh Tuarascáil an Choiste Agrai-Físe 2015 i mí na Nollag 2004. Leagadh amach sa tuarascáil sin fíis don tionscal agrairbhia sna deich mbliana amach romhainn, agus ba shaineolaithe ó na heagrais fheirmeoireachta, tionscal bia, taighde, lucht acadúil, gníomhaireachtaí stáit agus miondíol a tháirg í faoi chathaoirleacht an Uas. Alan Dukes, an tIar-Aire Talmhaíochta.

Bunaíodh grúpa laistigh den Roinn tar éis fhoilsiú na tuarascála seo lena cíoradh, agus le léarscáilí na ngníomhartha a theastaíonn chun cúnaimh le hearnáil an agrairbhia freagairt do thimpeallacht athraitheach. Seoladh Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015 i mí an Mhárta 2006. Leagtar amach sa Phlean seo ár bhfís nua do thodhchaí na hearnála i bhfianaise na n-athruithe úra a théann i bhfeidhm uirthi, cosúil leis an athrú le réimeas na n-íocaíochtaí dichúpláilte, polasaí trádála níos liobrálaithe, athruithe um stíl mhaireachtála, teacht chun cinn soiléir na teicneolaíochta agus an Taighde agus na Forbartha mar thiománaithe margaidh agus athruithe móra um struchtúr na feirmeoireachta agus an mhiondíola. Léirítear ann trí cinn de thiománaithe don rathúlacht: iomaíochas; nuálaíocht; agus margaíocht dírithe ar thomhaltóirí:

- Iomaíochas: Onnmhairíonn earnáil an agrairbhia tromlach dá dtáirgíonn sí. Ní foláir di a bheith rí-iomaíoch sna margaí idirnáisiúnta agus i margaí an AE le go mairfidh sí agus go dtiocfaidh fás uirthi. Níl an t-iomaíochas ina ghné roghnach d'earnáil atá chomh claonta sin ar onnmhairí. Is é an príomhchuspóir ar a bhfuil an plean bunaithe;
- an nuálaíocht: Is earnáil rí-shofaisticiúil eolas-bhunaithe é tionscal nua-aimseartha an bhia ina mbíonn dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíocht táirge ag dul ar aghaidh gan staonadh;

- fócas ar thomhaltóirí: Is ríthábhachtach don rathúlacht leanúnach go sásófaí éilimh na dtomhaltóirí um tháirge, cur i láthair agus praghas.

Leagtar amach 166 gníomh sa Phlean Gníomhaíochta, bunaithe ar na heochair-thiománaithe sin, a bhfuiltear ina mbun nó a mbeifear ina mbun leis an bhfís sin a chomhlíonadh. Cuirtear na gníomhartha sin ina ngrúpaí go téamach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- fócas a dhíriú ar an tomhaltóir;
- ár mbunachar feasa a thógáil;
- an t-iomaíochas a neartú;
- todhchaí inbhuanaithe a chur chun cinn;
- plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Is é an mórthasc amach anseo ná an Plean Gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Teastaíonn ionchur agus gníomhú dearfach ó raon leathan comhlachtaí chuige sin, lena n-áirítear Ranna, Gníomhaireachtaí Stáit, feirmeoirí agus an earnáil phríobháideach. Tá an Roinn ag cur na bpróiseas agus na gcóras i dtoll a chéile lena sanntar freagracht do ghníomhartha do dhaoine agus eagrais ar leith agus trína mbunaítear na fóraim ag a mbeidh an príomhthasc chun a chur i bhfeidhm a bhrú ar aghaidh.

## 8.3 Iomaíochas

Is amhlaidh atáthar tar éis roinnt staidéar a dhéanamh um ábhar an iomaíochais ag teacht i ndiaidh na moltaí sa tuarascáil Agri Food 2010. Déanann tuarascáil atá le foilsiú le Thorne<sup>1</sup> scagadh ar iomaíochas an táirgthe bhainne, thógáil mairteola, chríochnú mairteola, ghránach agus chaorach de chuid na hÉireann sa tréimhse 2000-2003. Cuireadh na costais airgid tirim do na hearnálacha sin i gcomparáid leis na meánchostais do roinnt Ballstát eile de chuid an AE<sup>2</sup>. Éascaíodh é seo trí shonraí ón nGréasán Sonraí Cuntasaíochta Feirme (GSCF) do na blianta 2000-2003.


Bhí fiontair fheirme Éireannacha timpeall 80% den mheán i dtéarmaí costais airgid tirim mar chéatadán d'aschur, leis an eisceacht de ghránaigh, a bhí ní ba ghiorra don mheán (féach ar Fhigiúr 8.1). Nuair a bhí táillí líomhanta d'acmhainn sealbhaithe curtha san áireamh thit seasamh iomaíoch na hÉireann do gach fiontar. Bhí costais eacnamaíochta iomlána mar chéatadán den aschur do tháirgeoirí bainne, eallaí

1 Thorne, F. (2006) le foilsiú, 'The Competitiveness of Irish Agriculture, 2000-2003' Working paper Series, RERC, Teagasc.

2 Saintógáil agus Sainchríochnú Mairteola: Éire, an Ríocht Aontaithe, An Fhrainc, An Ghearmáin. Saindíriocht: Éire, An Bheilg, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Iodáil, An Ísiltír, an Ríocht Aontaithe. Sainchaoirigh: Éire, an Ríocht Aontaithe, An Fhrainc. Sainghránach: Éire, An Iodáil, an Ríocht Aontaithe, An Ghearmáin, An Danmhairg, An Fhrainc.

538482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	564501657	6457631	575606134
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698379	642492835	7354861	748623821
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	467185376	487176543
320586853	687568253	320958482	475122362	364582487	78127459	435987189	57235879	739751197	54837583	603843016
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	783756735	83459086	587693535	67837698	379642492
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460
594359871	189572358	797397511	197548375	676056450	16576457	631205756	06134756	331246736	657102704	623182630
578375673	358345908	635876935	356783769	837964249	28357354	867874862	38232058	685368756	82582095	848247512
716347210	237637620	564136063	465230943	325763754	601346718	537687176	54363568	136517242	78536543	720438482
223623645	824877812	745943598	718957235	879739751	119754837	583760564	50165764	576312057	56061347	503124673
237562465	276457023	185783756	735834590	863587693	35356783	769837964	24928357	154867874	86238232	586851673

Figiúr 8.1 Iomaíocht Talmhaíochta na hÉireann i gComparáid le Tíortha Roghnaithe, 2000-2003



agus caorach ní b'airde in Éirinn ná an meán sna Ballstáit roghnaithe den AE. Ba é an saintáirgeadh gránach an t-aon earráil Éireannach a raibh costais eacnamaíocha iomlána aici faoi bhun an mheáin do na tíortha roghnaithe.

### 8.4 An Scéim Íocaíochta Singil

Shocraigh Éire, tar éis Chomhaontú Lucsamburg um athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta sa bhliain 2003, chun díchúpláil iomlán a thabhairt isteach i leith na h-íocaíochtaí cabhrach arúla agus na préimheanna le héifeacht ón mbliain 2005 ar aghaidh. D'eascair tabhairt isteach na Scéime Íocaíochta Singil (SÍA) as seo sa bhliain 2005. Tháinig an scéim úr i gcomharbacht ar na scéimeanna préimhe beostoic (Préimh na Bó Diúil, An tSainphréimh Mairteola, An Phréimh Maraithé, An Phréimh Caorach, An Phréimh Fairsingithe) agus ar an Scéim Cabhrach Arúla. Tugadh Scéim Préimhe Déiríochta úr isteach sa bhliain 2004. Díchúpláladh an scéim seo freisin sa bhliain 2005 agus áirítear leis an SÍA anois í.

Bíonn an SÍA infheidhmithe d'fheirmeoirí go ginearálta a chuaigh i mbun feirmeoireachta gníomhaí le linn na tréimhse tagartha 2000–2002, ar íocadh Préimh Beostoic agus/nó Cabhair Arúil leo i gceann amháin nó ní ba mhó de na blianta sin agus a bhí i mbun feirmeoireachta fós sa bhliain 2005. Bíonn sí infheidhmithe freisin d'fheirmeoirí déiríochta a raibh baint acu le táirgeadh bainne sa bhliain 2004/2005 agus a raibh cuóta bainne ina seilbh acu an 31 Márta 2005. Tá an íocaíocht Feirme Single chomhlán bunaithe ar mheánlíon na n-ainmhithe agus/nó ar mheánlíon na heicteár (i gcás na cabhrach arúla) ar a ndearnadh íocaíochtaí sna trí bliana tagartha.

Cuireann an scéim úr ar chumas na bhfeirmeoirí chun díriú níos mó ar riachtanais an mhargaidh, agus baineann sí na buairimh faoi thréimhsí coinneála, cuótaí, dlúis stocála, dátaí áirimh agus na ceanglais eile a bhain leis na seanscéimeanna cúpláilte.

Íocadh ní ba mhó ná €1 billiún le feirmeoirí i mí na Nollag 2005 mar chuid den Scéim Íocaíochta Singil faoi 31 Nollaig 2005.

Bhíodas tar éis ní ba mhó ná €1.2 billiún de luach iomlán na SÍA a dháileadh chuig ní ba mhó ná 125,000 feirmeoir faoi laethanta luatha mhí Aibreáin. Tháinig na glan-íocaíochtaí chuig €1.15 billiún tar éis na n-asbhaintí don chúlchiste náisiúnta, modhnú, cros-chomhlíonadh, srl.

De réir mar a léirítear i dTábla 8.1, bhí móramh na n-íocaíochtaí faoi SÍA don bhliain 2005 faoi bhun €15,000. Tháinig tuairim 83% de thréad-úinéirí a fuair íocaíocht faoin gcatagóir seo, ag freagairt do €534 milliún nó mar sin, nó 47% de na híocaíochtaí glana. Ba le feirmeoirí i seilbh talaimh faoi mhíbhuntáiste a chuaigh trí cheathrú de na híocaíochtaí.

Is bunchloch thábhachtach de dhíchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha é an ceanglas cros-chomhlíonta. Ordaítear sa cheanglas sin nach mór d'fheirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Singil meas a bheith acu do na Ceanglais Reachtúla Bainistíochta (CRBí) éagsúla a leagadh síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) i leith an chomhshaoil, shláinte na n-ainmhithe agus na bplandaí agus leas na n-ainmhithe. Is ceanglas breise san ábhar seo í cothabháil an talaimh i nDea-Ríocht Talmhaíochta agus Timpeallachta (DRTT). Imlínítear níos mó sonraí um chros-chomhlíonadh i gCaibidil 9.

2375624652764570231857837567358345908635876935356783769837964292835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

Tábla 8.1 Dáileadh na Scéime Íocaíochta Singil de réir Mhéid na hÍocaíochta, 2005

Catagóir	Gach Íocaíocht		Íocaíochtaí le Feirmeoirí i seilbh Bearta LFA		Íocaíochtaí le Feirmeoirí gan aon bhearta LFA acu	
	Líon na dTread	Íocaíocht Ghlan	Líon na dTread	Íocaíocht Ghlan	Líon na dTread	Íocaíocht Ghlan
Níos lú ná €1,000	13,052	6,695,422	11,097	5,753,543	1,955	941,879
€1,000 – €2,000	13,593	20,237,428	12,014	17,882,007	1,579	2,355,421
€2,000 – €3,000	12,037	29,945,814	10,632	26,427,098	1,405	3,518,716
€3,000 – €4,000	10,464	36,511,221	9,146	31,919,070	1,318	4,592,151
€4,000 – €5,000	9,163	41,154,933	7,850	35,242,797	1,313	5,912,135
€5,000 – €6,000	8,057	44,207,117	6,831	37,464,498	1,226	6,742,619
€6,000 – €7,000	6,825	44,270,506	5,733	37,175,484	1,092	7,095,021
€7,000 – €8,000	5,927	44,380,253	4,857	36,352,730	1,070	8,027,524
€8,000 – €9,000	5,058	42,925,342	4,129	35,033,812	929	7,891,530
€9,000 – €10,000	4,364	41,371,779	3,482	33,013,071	882	8,358,708
€10,000 – €15,000	14,931	182,715,318	11,486	140,339,398	3,445	42,375,920
€15,000 – €20,000	8,248	142,304,093	5,971	102,952,744	2,277	39,351,349
€20,000 – €50,000	11,605	336,981,895	7,806	225,805,849	3,799	111,176,046
€50,000 – €100,000	1,565	102,353,423	1,031	67,380,917	534	34,972,506
Níos mó ná €100,000	229	30,034,749	166	21,327,065	63	8,707,684
<b>Iomlán</b>	<b>125,118</b>	<b>1,146,089,294</b>	<b>102,231</b>	<b>854,070,083</b>	<b>22,887</b>	<b>292,019,211</b>

Athbhreithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

## 8.5 An Plean Forbartha Náisiúnta

Soláthraítear cistiú nach beag faoin bPlean Forbartha Náisiúnta do ghníomhartha talmhaíochta, bia agus foraoiseachta i gcaitheamh na tréimhse 2000-2006. Freagraíonn Plean Forbartha Tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta do thromlach an chaiteachais phoiblí. Baineann a cheithre bheart leis an luathscor, liúntais chúitimh, cosaint an chomhshaoil tuaithe agus an fhoraoiseacht. Comhlánaíonn na bearta a aíríodh leis na Cláir Oibriúcháin éagsúla faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le Plean Forbartha Tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta, agus soláthraíonn siad pacáiste tacaíochta cuimsitheach faoi na ceannteidil leathana seo a leanas:

- infheistíocht ar an bhfeirm cosúil le bainistíocht dramhaíola feirme agus sláinteachas déiríochta;
- seirbhísí taighde, oiliúna agus comhairleacha;
- infheistíocht choimhdeach foraoiseachta;
- fiontair mhalartacha; agus
- Cabhair Suiteála d'fheirmeoirí óga.

Leagtar amach mionsonraí an chaiteachais sa bhliain 2005 agus don tréimhse 2000-2005 faoi na bearta éagsúla i dTábla 11.18 den larscríbhinn Staitisticíúil. Bhí an dul chun cinn foriomlán faoi na bearta éagsúla ag teacht leis na spriocanna sa bhliain 2005. Ba ríshuaiteanta é an seasamh i leith na Scéime Cosanta Comhshaoil Tuaithe (SCCT). Tharla cur-íocaíochtaí de €283 milliún agus sháraigh líon na bhfeirmeoirí 48,000 den chéad uair riamh.

Leithdháileadh airgead eile do thionscnaimh i dtionscal an bhia sa bhliain 2005. Eisíodh glaonna um thograí in earnálacha an ghránaigh agus na gairneoireachta faoin mbeart infheistíochta caipitiúla, chomh maithe le glao spriocdhírthe um thionscadail taighde i limistéir na sábháilteachta bia agus na ndeochanna. Tháinig na tiomantais faoi na tionscnaimh bhia idir an bhliain 2000 agus 2005 chuig beagnach €224 milliún (féach ar Fhigiúr 8.2).

435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354861	74862382120158
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185371	8717654363582
320586853687568253	320958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	8038430167
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	379642492837
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	576375460134

Tábla 8.2 An Plean Forbartha Náisiúnta – Tiomantas do Thionscal an Bhia, 2000-2005

Beart	€m
Infheistíocht chaipitiúil	82.54
Taighde – Beart um Thaighde Tionsclaíoch an Bhia (BTTB)	63.02
Taighde laistigh de chuideachtaí	27.71
Margaíocht agus cur chun cinn	34.72
Forbairt acmhainní daonna	15.73
<b>Iomlán</b>	<b>223.72</b>

## 8.6 Comhpháirtíocht

Tháinig an séú Comhaontú Comhpháirtíochta, Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, chuig críoch a thimthrialla thrí bhliana ag deireadh na bliana 2005. Is amhlaidh a sásaíodh gach ceann de na tiomantais i gCaibidil na Talmhaíochta in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn thar shaolré an chomhaontaithe, nó gur tiomantais iad a shásaítear ar bhonn leanúnach de bharr a mbunbhrí féin. Chinntigh sé seo gur bhain an pobal feirmeoireachta tairbhí nach beag ón bpróiseas comhpháirtíochta. Rinneadh dul chun cinn sásúil le linn na bliana 2005 ar fhorfheidhmiú na bhforálacha talmhaíochta sa Chomhaontú Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn; forálacha a idirbheartaíodh le Comhpháirtithe Sóisialta na Feirmeoireachta. Léirítear roinnt eochairlimistéar dul chun cinn sa bhliain 2005 faoi seo:

- íoc na Scéime Íocaíochta Singil le 94% de na hiarratasóirí idir 1-31 Nollaig 2005. Ba ghaisce nach beag é sin, agus is maith é i gcomparáid leis an toradh sna Ballstáit eile;
- foilsíú an tríú Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ag an Roinn, agus ár gcéad Chairt Custaiméirí i bhFeabhra na bliana 2005;
- comhaontú ar Chairt Nua Cearta d'Fheirmeoirí, lenar áiríodh spriocdhátaí íochta sainiúla, réimis chigireachta agus córais chros-chomhlíonta;
- sroicheadh an chomhaontaithe um na Peirspictíochtaí Airgeadais 2007-2013, a thugann cosaint ó pheirspictíocht na talmhaíochta d'íocaíochtaí díreacha "Colún 1" an Chomhbheartais Talmhaíochta, a chuir cosc ar a thuilleadh athbheithnithe den Chomhbheartas Talmhaíochta i rith na tréimhse 2007-2013 agus a chinntigh nach mbeadh breis modhnaithe éigeantaigh ann;
- baint amach de rangú Cho. Mhuineacháin 2005 mar limistéar le míbhuntáiste níos géire aige ón mbliain 2005 ar aghaidh;

- rath um laghdú na rátaí de ghalar ainmhithe óna leibhéal sa bhliain 2004;
- shroich an rannpháirteachas sa SCCT an bhuaic ba mhó riamh, agus chuathas faoi chaiteachas de €283 milliún sa bhliain 2005.

Cuireadh tús le caibidlíochtaí faoin gcomhaontú comhpháirtíochta úr le colún na talmhaíochta go déanach sa bhliain 2005.

## 8.7 Meastacháin 2006

Ag freagairt do thiomantais in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, sa Plean Náisiúnta Forbartha agus i Ráiteas Straitéise na Roinne is amhlaidh a soláthraíodh foráil meastacháin náisiúnta de €1,498 milliún don talmhaíocht agus don bhia, sa bhliain 2006, chomh maith le €18 milliún um choigilteas caipitiúil, a iompraíodh ar aghaidh ón mbliain 2005. Tugann sé seo iomlán an chaiteachais vótáilte go €1,516 milliún, suas 12% ón mbliain 2005. Foráiltear leis an leithdháileadh do mhéaduithe i go leor limistéar mar REPS, foraoiseacht, agus ar scéimeanna infheistíochta feirme. Tá na cistí poiblí seo sa bhreis ar íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh faoi mhaoiniú an AE, a thioctaidh chuig beagnach €1.526 milliún sa bhliain 2006, ag tabhairt ollchaiteachais iomláin na Roinne Talmhaíochta agus Bia chuig tuairim €3.042 milliún.

## 8.8 Cáinainéis 2006

Foráladh i gCáinainéis na bliana 2006 do roinnt forálacha feabhsaithe d'earnáil na feirmeoireachta le luach níos mó ná €24 milliún i mbliain iomlán acu. Áiríodh leis na bearta cánach feirme sainiúla;

- Cuireadh síneadh leis an scéim faoisimh Dhleacht Stampa ar feadh thrí bliana breise go dtí 31 Nollaig 2008;
- tugadh isteach freisin coigeartuithe fabhracha don Díolúine Cháin Ioncaim do léasú an talaimh fheirmeoireachta. Méadaíodh an Díolúine ó Cháin Ioncaim do dhaoine os cionn 40 bliain d'aois a léasaigh talamh feirmeoireachta idir 5 augs 7 mbliana ó €7,500 go €12,000. Méadaíodh an díolúine do léasanna ní b'fhaide ná 7 mbliana ó €10,000 go €15,000. Áirítear leis na tairseacha méadaithe seo luach na dteidlíochtaí den Scéim Íocaíochta Singil nuair a léasaítear leis an talamh iad;
- méadaíodh an "líuntas caipitil chomhlúthach" a ceadaíodh faoin Scéim Líuntais Luathaithe Caipitil d'infheistíocht sna saoráidí riachtanacha um rialáil truailliú ón íosmhéid de €31,750 nó 50% de chaiteachas cáilíochta go dtí €50,000 nó 50% de chaiteachas;

- Aithneofar teidlíochtaí na Scéime Íocaíochta Singil mar “shócmhainn talmhaíochta” cáilithe chun críche na Cánach ar Fháiltas Chaipitiúla Faioseamh Talmhaíochta. Cáileoidh siad freisin do Cháin ar Ghnóthachain Chaipitiúla Faioseamh Scoir ar an gcoinníoll gur leis an bhfeirmeoir an talamh, agus go raibh siad i mbun feirmeoireachta air ar feadh 10 mbliain roimhe sin. Is amhlaidh a siardhátaíodh an dá cheann de na bearta sin chuig 1 Eanáir 2005. Ina theannta sin is amhlaidh nach dtiocfaidh díol ná léasú na dteidlíochtaí Scéime Íocaíochta Singil faoi réir Dhleacht Stampa;
- laghdaíodh an dleacht mháil faoina leath ar cheirisín agus ar ghás peitriiliam leachtach neamh-ghluaisteáin ó 7 Nollaig 2005 i leith, agus laghdófar go nialas i gCáinainéis na bliana 2007 é;
- fógraíodh faioseamh dhleacht mháil freisin i gCáinainéis 2006 de €205 milliún, lena gceadófar do tháirgeadh 163 milliún lítear de bhithbhreoslaí sna cúig bliana amach romhainn, agus;
- méadaíodh na híocaíochta le rannpháirtithe na Scéime Cúnaimh Fheirme agus Sóisialta Tuaithe ag cloí le méaduithe eile leasa shóisialaigh.

### Toradh ar Cháin Ioncaim ó Fheirmeoirí

Tá timpeall 109,300 feirmeoir ar taifead leis na Coimisinéirí loncaim, lena n-áirítear beagnach 14,000 a dhéantar measúnú go tréimhsiúil orthu. Taispeántar sna meastacháin sealadacha gur íocadh timpeall €111 milliún i gcáin ar bhrabúis fheirme sa bhliain 2005.

Bliain	Cáin íochta ar Bhrabúis Fheirme €m	ÍMAT ar loncam Eile Tuillte €m	ÁSPC €m	Iomlán €m
1999	105	173	34	312
2000	110	187	36	333
2001	107*	227	36	370
2002	126*	217	42	385
2003	115*	n/a	32	n/a
2004	101*	n/a	30	n/a
2005	111*	n/a	34	n/a

\*Áirítear gabháil ó fhiosrúcháin speisialta leis  
Foinse: Coimisinéirí loncaim

Tháinig an cháin ar bhrabúis fheirme chuig 0.9% den cháin ioncaim iomlán a baineadh sa bhliain 2005. Tá sé seo i gcomparáid le 81.2% ón earnáil ÍMAT agus le 17.9% ón bhféinfhostaíocht eile.

	ÍMAT <sup>1</sup> €	Feirmeoirí <sup>2</sup> €	Eile Féinfhostaithe <sup>2</sup> €
1999	4,548	1,182	7,159
2000	4,558	1,423	8,158
2001	4,602	1,048*	9,533*
2002	4,008	1,283*	11,685*
2003 <sup>†</sup>	4,199	1,094*	8,840*
2004 <sup>†</sup>	4,570	749*	10,440*
2005 <sup>†</sup>	4,762	867*	12,004*

†Sealadach  
\*Seachas gabháil ó fhiosrúcháin speisialta  
Foinse: Coimisinéirí loncaim

1 Faightear an mheán-íocaíochta don earnáil ÍMAT tríd an nglanfháltas de cháin ÍMAT a roinnt faoi líon iomlán na saothraithe ioncaim ar an taifead cánach ÍMAT, lena n-áirítear iad siúd le díolnú ó cháin acu.

2 Roinntear an glanfháltas measta de cháin ioncaim arna íoc ag feirmeoirí lánaimseartha / daoine féinfhostaithe faoi líon na n-aonad cánach feirmeoireachta lánaimseartha / líon measta na n-aonad féinfhostaíochta a ndearnadh measúnú orthu chun críche na cánach. Ní áirítear leis na huimhreacha seo iad siúd nach gá dóibh tuairisceáin bhliantúla cánach a chomhdú agus a ndéantar athbheithniú tréimhsiúil ar a seasamh toisc a n-ioncaim a bheith ró-íseal chun dliteanas cánach a mhealladh ar bhonn aonair.

## 8.9 Anáidí Ceannaithe Talún

Cuireadh ar chumas iar-Choimisiún na Talún le hAchtanna Talún éagsúla siar go dtí an bhliain 1881 chun talamh a fháil ó thiarnaí talún agus é a leithdháileadh ina dhiaidh sin d'fheirmeoirí tionónta le gabháltas bheaga talmhaíochta sa tsúil le gabháltas mhéadaithe agus inmharthana a chruthú.

Ba é Coimisiún na Talún a chinntigh luach caipitiúil an talaimh agus an anáid cheannaigh thalaimh le híoc i ndáil le leithdháileadh molta. Chomh luath agus a bunaíodh an luach caipitiúil ab amhlaidh a d'aistrigh Coimisiún na Talún an talamh féin don fheirmeoir, arna íoc leis an tiarna talún, de ghnáth sna Bannaí Talaimh agus tháinig an bhlianacht cheannaigh thalaimh ar an saol. Rinne an feirmeoir íocaíochtaí débhlíantúla ina dhiaidh sin le Coimisiún na Talún i ndáil leis an mblianacht cheannaigh thalaimh.

Chuir Coimisiún na Talún foirmle chasta agus sách teicniúil i bhfeidhm, cosúil le morgáiste maoinithe, chun téarma agus próiseas aisíochta do bhlianacht cheannaigh thalaimh a chinntiú. Socraíodh ráta aisíochta bliantúil, ag brath ar

958482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	7511975483	7583760	564501657	6457631	575606134
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	642492835735486	74862382120	583	80384316	3796424928	576375486	100000000
475603124673665710	27041831826307163	472102376376205641	36063465230943257	53754601346718537	87176543635	8	576375486	100000000	100000000	100000000
32058685368756825	320958482475	1223623645824877812745	943598718957235879	73975119754837583	80384316	3796424928	576375486	100000000	100000000	100000000
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	3796424928	576375486	100000000	100000000	100000000	100000000
657645763120575606	13475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	576375486	100000000	100000000	100000000	100000000	100000000

luach na blianachta agus an téarma le haisíoc. Bhí na rátaí bliantúla aisíochta a chuir Coimisiún na Talún i bhfeidhm do bhlianachtaí ceannaigh thalaimh éagsúil i gcaitheamh na mblianta idir 2.5% agus 18.5%. Bhí an ráta aisíochta bunaithe ar chéatadán den luach caipitiúil den leithroinnt. Dá ísle an ráta aisíochta bliantúil is faide an tréimhse aisíochta; agus dá airde an ráta aisíochta bliantúil is giorra an tréimhse aisíochta.

Díscriobhadh gach blianacht arbh fhiú ní ba lú ná £20 iad sna blianta 1989 agus 1992, agus laghdaíodh blianachtaí gach blianachtóir a bhí os cionn 10% síos go 10%, agus athsceidealadh na tréimhsí aisíochta.

Díscriobhadh gach blianacht leis an Acht Talún 2005, lena n-áirítear riaráistí mar a raibh an bhlianacht ní ba lú ná €200 in aghaidh na bliana. Thug sé sin sochar do 4,500 blianachtóir ag costas measta de bheagnach €4 mhilliún. Tugadh isteach scéim cheannach thar barr amach ó 1 Eanáir 2006 ar feadh thréimhse shé mhí, ag lascaire de 25% do na blianachtaí úd ar mhó ná €200 in aghaidh na bliana iad, ar an gcuntar go bhfuil gach riaráiste íochta suas go dáta. Is é rún na Roinne nach gceadófar do riaráistí chun carnadh tar éis an dáta, agus áirítear leis an Acht Talún 2005 cumhachtaí úra cúitimh ó íocaíochtaí eile Rannacha le mainneactóirí.

Foráiltear san Acht do rochtain freisin ar na Cúirteanna d'orduithe astú agus gainisí. Ceadóidh sé seo do mhodh níos éifeachtúla ó thaobh costas de chun riaráistí a bhailiú. Tugadh isteach athchóirithe rialaitheacha éagsúla leis an Acht Talún 2005 freisin sa limistéar de thíolacadh talaimh thalmhaíochta ar chuir an Dlí-Chumann Corpraithe agus Dlíodóirí trí chéile fáilte mhór rompu, go háirithe aisghairm de thoilithe alt 12 agus 45 an Achta Talún 1965.

## 8.10 Comhoibriú Thuaidh-Theas

Leanadh de chothabháil leibhéil láidir de chomhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann ag leibhéal oifigiúil in éagmais Thionól Thuaisceart Éireann.

Táthar tar éis earnáil Talmhaíochta den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas a chur chun cinn;

- forbairt de Straitéis Sláinte Ainmhithe Uile-Oileáin. Tugadh an clár oibre ar aghaidh trí shraith de ghrúpaí oibre ar leibhéal oifigiúil a tháinig le chéile go rialta thar an dá bhliain seo caite. Dhírigh an saothar ar thrí phríomhthéama, mar atá:
  - rialálacha comónta nó coibhéseacha ag pointí iontrála don oileán;

- coinbhéirseacht de pholasaithe sláinte ainmhithe inmheánacha; agus
- an fhorbairt de chomhstraitéisí chun galar ainmhithe a rialáil.

Is é an cuspóir deiridh den straitéis sláinte agus leasa ainmhithe uile-oileánda ná polasaí a éascaíonn saorghluaiseacht d'ainmhithe ar an oileán, faoi réir rialacha an AE. Is iad na nithe is mó a baineadh amach go dtí seo ná forbairt de chur chuige comhordaithe comhlántach i dtreo na bpolasaithe allmhairithe agus na rialálacha tairsí ag na pointí iontrála don oileán, coinbhéirseacht na bpolasaithe i leith aitheantais ainmhithe agus na Scráibí agus neartú an chomhordaithe agus an chomhoibrithé idir an dá riarachán um éagsúlacht saincheistenna ar nós FMD, ESB agus na calaoise trasteorann;

- forbairt de Straitéis Uile-Oileánda um Shláinte agus Taighde Plandaí, lena n-áirítear comhoibriú idir an dá dhlínse i ndáil le cosaint do tháirgí plandaí. Rinneadh breis forbartha ar theagmhálacha in earnáil na Lotnaidicídí. Ullmhaíodh tuarascáil lena foilsíu chun freagairt don chéad chéim de thimthriall 4 bliana um shuirbhéanna úsáide do tháirgí cosanta plandaí, a stiúradh ar bhonn uile-oileánda. Bhain sí le húsáid sa bhliain 2003 ar bharráí féaraigh agus farae. Críochnaíodh an dara céim, a bhain le húsáid ar bharráí gránach, prátaí, biatais siúcra agus síol-íle. Tionscnaíodh saothar suirbhé le haghaidh tríú céim lena mbaineann úsáid ar bharráí féaraigh agus farae;
- idirchaidreamh ar shaincheistenna a thagann aníos ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, méadú an AE agus athbhreithniú lárthéarmach den Chomhbheartas Talmhaíochta. Is amhlaidh atá comhoibriú tar éis a bheith ann idir na gníomhaireachtaí íochta thuaidh agus theas um shaincheistenna comónta buairimh tar éis an tAthbhreithniú Lárthéarmach den Chomhbheartas Talmhaíochta mar a aontaíodh i gComhairle na nAirí Talmhaíochta i Meitheamh na bliana 2003;

Bíonn comhoibriú leanúnach ar bun idir oifigigh na Ranna sa dá dhlínse um ábhair bhuairimh chomónta lena n-áirítear na bearta lena nglacfar sa chás go dtarlódh fliú na n-éan ar an oileán.

2375624652164520318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
24278536542572043848227562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
057560613467185376871765436356813651724278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501  
587176543635681365172427853654357204384823756246527645702318578375673583459086358769122362364582487781274  
763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654357204384823756246527645702318  
4877812745943598718957235879739751197548375837605645016576457631205756061347560312467366571027041831826307  
545702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820958482475 12  
83182630716347210237637620564136063465230943257637546013467185376871765436356813651724278536543572043848

## 9.1 Achoimre

Tá cosaint chomhshaoil ina pholasaí nua talmhaíochta atá ag fáil níos tábhachtaí in aghaidh an lae, agus a chaithefear raon reachtaíochta Idirnáisiúnta a thógáil san áireamh, Treoracha AE agus reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an gcomhshaoil. Tá sonraí faoi chuid de na gníomhaíochtaí comhshaoil atá ar bun agus na scéimeanna chun feirmeoireacht cúntach don chomhshaoil a spreagadh leagtha amach thíos.

## 9.2 Treoir Níotráite

Tá an Treoir Níotráite ar cheann de na saincheisteanna reatha is mó maidir le talmhaíocht agus an comhshaoil. D'fhorbair an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia, i gcomhairle le Teagasc, Clár Gníomhaíochta chun an Treoir Níotráite a chur i bhfeidhm agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é tar éis próiseas comhairlithe fada. I mí na Nollag 2005, shínigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Rialacháin chun feidhm reachtúil a thabhairt do Chlár Gníomhaíochta na hÉireann (I.R. uimh. 788 de 2005).

Tháinig na Rialacháin Níotráite, atá le bheith tugtha isteach ar bhonn céimnithe thar cheithre bliana, i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2006 agus leagann siad síos caighdeán agus riachtanais maidir le:

- an t-am agus na himeachtaí chun leasacháin a chur amach;
- teorainneacha ar an méid leasacháin a cuirtear amach;
- riachtanais ar chumas árthaigh stórála d'aoileach ainmhithe;
- forálacha ginearálta faoi bhainistiú stórála; agus
- monatóireacht ar éifeachtacht a leithéid de ghníomhaíochtaí.

Cuireadh siar go sealadach Cuid 3 de na Rialacháin a thabhairt isteach, a dhéileálann le bainistíocht cothaitheachta chun comhairle eolaíochta ó Teagasc a mheas agus chun breis díospóireachta a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach. Thosaigh na díospóireachtaí seo i Márta 2006 agus is é a gcuspóir ná saincheisteanna atá fós amuigh a chur i gcrích. Déanfaidh an Roinn iarracht an t-ualach géilliúlachta atá ar fheirmeoirí a laghdú agus cabhrú le feirmeoirí a ndualgais faoi na Rialacháin a chomhlíonadh. Beidh an cúnadh seo i bhfoirm Lámhleabhar Feirmeora, cruinnithe eolais agus ráitis faoi níotráit orgánach a eisiúint bunaithe ar eolas i

mbunachar sonraí na Roinne.

Beidh an Roinn ag seachadadh scéimeanna tacaíochta feabhsaithe ar nós an Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme athbhreithnithe, a tugadh isteach i Márta 2006.

Beidh sé ina sprioc ríthábhachtach i 2006 idirbheartaíocht leis an gCoimisiún a chríochnú go rathúil ar mholtaí faoi mhaolú go dtí 250 kg níotráit orgánach / an heicteár / sa bhliain.

## 9.3 Straitéis Náisiúnta Faoin Athrú Aeráide

I 2000, d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis Náisiúnta faoin Athrú Aeráide (SNAA) chun an Dréachtchonaradh Kiótó (1997) a chur i bhfeidhm ina bhfuil spriocanna le ceangal dlí a chuireann iachall ar Éire teorainn a chur le haon ardú in astú gáis go dtí uasmhéid de 13% os cionn leibhéal 1990 faoin tréimhse 2008 go dtí 2012. An sprioc atá leagtha amach do thalmhaíocht ná astú ó ainmhithe a íslíú faoi 2.41 milliún tonna (Mt) coibhéis de CO<sub>2</sub>. Is iad na spriocanna is dúshlánaí do thalmhaíocht ná astú meathán (CH<sub>4</sub>) agus ocsaíd nítriúil (N<sub>2</sub>O) a laghdú.

De réir anailíse déanta ag FAPRI-Ireland faoi na roghanna díchúplála atá ar fáil faoi Chomhaontas Leasuithe Lucsburg tá sé réamh-mheasta go mbeadh sé de thoradh ar díchúpláil go mbainfeadh an earnáil talmhaíochta amach a sprioc de astú a laghdú.

Thosaigh trádáil ar astú iarmhairt cheaptha teasa in Éirinn, ar bhonn píolótach, ar 1 Eanáir 2005. Tá roinnt comhlachtaí móra bia agus dí rannpháirteach sa scéim ach tá talmhaíocht phríomhúil ina chuid den earnáil neamh-thrádála. Leagann an Plean Náisiúnta Leithroinnt (PNL) síos an méid den astú náisiúnta is féidir a leithroinnt leis an earnáil trádála. Tosóidh trádáil astú ar bhonn foirmiúil ar 1 Eanáir 2008. Tá PNL nua don tréimhse 1 Eanáir 2008 go dtí 2012 á ullmhú faoi láthair.

Tabhfar faoi athbhreithniú mór ar Straitéis Náisiúnta na hÉireann faoi Athrú Aeráide i 2006. D'fhéadfadh spriocanna laghdaithe do gach earnáil a bheith mar thoradh ar seo, talmhaíocht san áireamh.

## 9.4 Astuithe Amóinia

Leagann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Teorainneacha ar Astuithe Náisiúnta) 2004 (I.R. Uimh. 10 de 2004), a chuireann an Treoir AE 2001/81/AE a bhaineann le teorainneacha ar astuithe náisiúnta de thruailleáin atmaisféarach, amach teorainneacha do cheithre thruailleán

538482475	12236236	45824877812745943	598718957235879739	75119754837583760	5645016576457631	5756061341
435720438482375624	65276457023185783	75673583459086358	769353567837698379	6424928357354861	74862382120	
475603124673665710	270418318263071634	472102376376205641	36063465230943257	537546013467185376	87176543635	
320586853687568253	20958482475	12236236458248778127459	43598718957235879	73975119754837583	603643016	
535681365172427853	65435720438482375	62465276457023185	78375673583459086	58769353567837698	3796424928	
657645763120575606	513475603124673665	71027041831826307	63472102376376205	54136063465230943	5763754601	
59435987189572358	797397511975483758	37605645016576457	63120575606134756	331246736657102704	603643016	
57837567358345908	635876935356783769	83796424928357354	86787486238232058	68536875682582095	8482475122	
716347210237637620	564136063465230943	25763754601346718	53768717654363568	13651724278536543	7204384823	
223623645824877812	74594359871895723	587973975119754837	58376056450165764	57631205756061347	603643016	
237562465276457023	18578375673583459	08635876935356783	76983796424928357	5486787486238232	58685168	

– dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, cumaisc orgánacha soghalaithe, agus amóinia. Is í an talmhaíocht príomhfhoins na n-astuithe amóinia (thart ar 98%) in Éirinn. Is í an teorainn ar astuithe bliantúla amóinia, atá le baint amach faoi 2010, ná 116,000 tonna. Ba é an leibhéal d’astuithe amóinia i 2001 ná 123,000 tonna agus ba é an figiúir sealadach do 2003 ná 116,300 tonna. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar an Treoir um Theorainneacha ar Astuithe Náisiúnta i 2006.

## 9.5 Leasú CBT agus Tras-chomhlíonadh

Cuid thábhachtach de Chomhaontú Lucsamburg agus den díchúpláil d’focaíochtaí díreacha a tháinig ina dhiaidh ná an ceangal le tras-chomhlíonadh. Faoin Scéim Focaíochta Singil tá ar fheirmeoirí aitheantas a thabhairt do na Riachtanais Bhainistíochta Reachtúla (RBR) leagtha síos i reachtaíocht AE (Treoracha agus Rialacháin) faoin gcomhshaoil, faoin bpobal, faoi shláinte plandaí agus ainmhithe agus leasa ainmhithe. Tá riachtanas chomh maith chun talamh a choimeád i Stáid Mhaith Talmhaíochta agus Chomhshaoil (SMTC). Tugtar Tras-Chomhlíonadh ar seo agus tá dhá phríomheilimint san áireamh:

- riachtanas d’fheirmeoirí cloí le 18 riachtanas bainistíochta reachtúil (RBR) leagtha síos faoi reachtaíocht AE ar an gcomhshaoil, sábháilteacht bhia, sláinte agus leasa ainmhithe agus plandaí; agus
- riachtanas an fheirm a choimeád i staid mhaith talmhaíochta agus chomhshaoil (SMTC).

Tá na riachtanais um thras-chomhlíonadh á chéimniú amach thar thréimhse trí bliana. Tugadh isteach ocht RBR tras-chomhlíonta i 2005 chomh maith leis na riachtanais um Staid Mhaith Talmhaíochta agus Chomhshaoil d’Éirinn. Tabharfar isteach 8 RBR eile i 2006.

Roimh an gCáipéis Threorach do bhearta tras-chomhlíonta 2005 a chur i gcrích, d’iarr an Roinn dearcadh geallchoimeádaithe leasmhara a fháil, go mór mhór na comhlachtaí feirme. Ag leanúint ar an bpróiseas comhairleach seo foilsíodh leabhrán eolais d’fheirmeoirí in Aibreán 2005, a chlúdaigh na RBR a tháinig isteach i 2005. Seoladh cóip den leabhrán go dtí gach feirmeoir. I 2006 ullmhóidh an Roinn leabhrán eolais a chlúdóidh na RBR atá á thabhairt isteach ón 1 Eanáir 2006 agus 1 Eanáir 2007. Cuirfear na riachtanais tras-chomhlíonta maidir leis an Treoir Níotráite ó Feabhra 2006 tar éis do reachtaíocht náisiúnta a bheith tugtha isteach a rialaíonn Clár Gníomhaíochta Níotráite na hÉireann.

Bíonn gá cloí le Dea-Chleachtas Feirmeoireachta faoi réir scéimeann tacaíochta eile, lena n-áirítear Scéim Infheistíochta ar an bhFeirm, Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe, Cúnamh Suiteála, Liúntais Chúitimh do Cheantair Faoi Mhíbhuntáiste agus an Scéim Luathscoir (chomh fada agus a bhaineann sé le haistriú feirmeoireachta). Bíonn gá na rialacháin a chomhlíonadh maidir le leasa comhshaoil agus ainmhithe, clárú agus aitheantas ainmhithe, agus sláinte ainmhithe. Cuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ar íocaíochtaí díreacha fheirmeoirí má fhaightear nach bhfuil na caighdeáin riachtanacha á gcomhlíonadh acu.

## 9.6 Scéim Cosanta Chomhshaoil Tuaithe

I rith 2005, lean rannpháirtíocht i SCCT ag méadú go dtí buaicphointe de os cionn 48,000. Léiríonn sé seo méadú de 11% ar an bhfigiúr do 2004. Mhéadaigh an caiteachas iomlán ar SCCT faoi 35% go dtí €283 milliún i 2005. Táthar ag súil go méadóidh rannpháirtíocht a thuilleadh i 2006 le foráil méadaithe de €323 milliún leithroinnte do 2006.


Tá timpeall 37% d’fheirmeoirí i SCCT anois le 1.7 milliúin heicteár nó 40% den achar talmhaíochta faoi fheirmeoireacht go dtí caighdeán SCCT. Tá breis agus leath de rannpháirtithe SCCT lonnaithe i gcontaetha ar an gcósta thoir, le 24% i gContae na Gaillimhe agus i gContae Mhaigh Eo.

Tugadh SCCT 3 isteach ar 5ú Feabhra 2004, deich mbliana tar éis do SCCT 1 tosú. Táthar ag súil go leanfaidh an tríú leagan de SCCT ag seachadadh leasanna comhshaoil trí bhithéagsúlacht feabhsaithe agus bearta forlíontacha. Caithfidh daoine ar mhaith leo dul isteach i SCCT 3 cloí le 11 beart éigeantach. Mar sin féin, chun cur le bithéagsúlacht a thuilleadh ar leibhéal feirme, caithfear dhá bheart eile a roghnú as 16 rogha. Tá an 16 rogha seo fo-roinnte isteach i dá chatagóir eile, catagóir 1 agus catagóir 2 le gach iarrthóir ag roghnú dhá rogha ina gcaithfidh ar a laghad ceann acu a bheith ó chatagóir 1.

Is féidir le feirmeoirí roghnú as sé bearta forlíontacha dá mba mhian leo. Tá siad seo deartha chun aird a thabhairt ar an riachtanas atá ann le fadhbanna comhshaoil faoi leith a réiteach cosúil leis an gcosaint de ghnáthóga tábhachtacha agus feirmeoirí a spreagadh ag an am céanna chun freagairt ar éilimh mhargaidh shainiúla cosúil leis an táirgeadh de bhia orgánach. Na sé bearta forlíontacha ná: gnáthóga na dtraonach; úllóird traidisiúnta na hÉireann; caomhnú pór uathúil; criosaí bruachánach; Talamh Imshuite le Nádúr, Éiceachuraíocht Nádúrtha (LINNET) gnáthóga agus feirmeoireacht orgánach.


23756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486787486238232058685368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

**Figiúr 9.1 Miondealú ar Chatagóir 1 Roghanna Bithéagsúlachta Roghnaithe, 2005**



Foinse: RTB

**Figiúr 9.2 Miondealú ar Chatagóir 2 Roghanna Bithéagsúlachta Roghnaithe, 2005**




Foinse: RTB

Ghlac beagnach duine as gach triúr rannpháirtí a chuaigh i mbun bearta rannpháirtíochta forlíontach i rith 2005 páirt sa rogha feirmeoireachta orgánach le breis agus €5 milliún íochta amach i 2005 féin trí SCCT le tairgeoirí orgánacha.

Ceann de na coinníollacha sainorduithe de SCCT is ea plan bainistíochta cothaitheach a bheith forbartha ar an fheirm. Déanann sé seo áis chun an úsáid is fearr a bhaint as leasú orgánach agus ceimiceach tugann sé sin an toradh comhshaoil agus eacnamaíoch is fearr. Tarraingíonn Figiúr 9.4 suntas ar na difríochtaí in úsáid leasacháin idir feirmeacha dianasacha agus fairsinge SCCT agus neamh-SCCT.

**Figiúr 9.3 Miondealú ar SCCT 3 Beart Forlíontach, 2005**




Foinse: RTB

Athbhreithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

58482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501657645763135756061347500  
 4357204384823756246527645702318578375673583459086358769353567837698379642492835735486748623823201587  
 475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325753754601346718537687176543635825  
 32058685368756825320958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758350384301657  
 535681365172427853654357204384823756246527645702318578375673583459086758769353567837698379642492835  
 6576457631205756061347560312467366571027041831826307163472102376376205641360634652309435763754601347

**Figióir 9.4** Rátaí Úsáide Leasaithe do Fheirmeacha Fairsinge agus Dianasacha SCCT agus Neamh-SCCT, 2004



I dtéarmaí tionchar eacnamaíoch bhí meán corrlaigh comhlána agus ioncam teaghlaigh feirme (ITF) ar fheirmeacha SCCT níos airde ná ar fheirmeacha dianasacha neamh-SCCT, le costais dhíreacha níos ísle freagrach as an difríocht.

**Tábla 9.1** Táscairí Feidhmíochta Airgeadais d'Fheirmeacha SCCT agus Neamh-SCCT, 2004

	Íocaíocht san áireamh (€/ha)	Forleathan (€/ha)	Dianasach (€/ha)
Aschur comhlán	1,148	1,158	2,686
Costais dhíreacha	334	398	997
Corrlach comhlán	814	760	1,689
Forchostais	376	406	807
Ioncam Feirme Teaghlaigh (IFT)	439	354	882

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

Bhí IFT ar an meán 4% níos airde ag feirmeoirí rannpháirteach i SCCT ná ag a macasamhail neamh-SCCT. Mar sin féin tá éagsúlacht leanúnach trasna córais feirmeoireachta le IFT níos airde ag feirmeoirí stoc tirim agus caorach rannpháirteach i SCCT ná a gcomhghleacaithe neamh-SCCT. Bhí IFT 32% níos ísle ag feirmeoirí curaíochta SCCT ná mar bhí ag a gcomhghleacaithe neamh-SCCT.

**Tábla 9.2** Ioncam Feirme Teaghlaigh de réir Córais Fheirmeoireachta ar Fheirmeacha SCCT agus Neamh-SCCT, 2004

Córas Feirmeoireachta	SCCT €	Neamh-SCCT Uile €
Déiríocht	31,726	35,158
Déiríocht + eile	21,651	25,883
Tógáil eallaigh	12,545	4,759
Eallach eile	13,365	6,464
Caoirigh don chuid is mó	12,501	9,868
Curaíocht don chuid is mó	18,219	26,681
Na córais go léir	15,990	15,360

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2004, Teagasc 2005

I mí Dheireadh Fómhair 2005 sheol an tAire próiseas comhairleach do SCCT 4 ag tabhairt cuireadh do gach geallchoimeádaí agus páirtí leasmhar aighneacht scríofa a chur isteach faoi fhorbairtí scéime don todhcháil le cur isteach sa chéad Phlean Forbartha CBT don tréimhse 2007-2013.

I mí na Samhna 2005, tugadh idirbheartaíocht na Roinne leis an gCoimisiún Eorpach faoi íocaíochtaí coimín agus sprioc-thalamh chun chríche rathúil, sa tslí sin ag ligean d'fheirmeoirí sna ceantair seo a n-íocaíocht SCCT den ráta €242 in aghaidh an heicteáir a choimeád agus ag an am céanna ag uasmhéadú a dteidil faoin SÍS.

## 9.7 Feirmeoireacht Orgánach

I 2003 ar leibhéal AE-25 tá 149,000 gabháltas deimhnithe mar a bheith orgánach nó ag aistriú chun a bheith orgánach ag léiriú iomlán de 1.4% d'iomlán na ngabháltas feirmeoireachta.<sup>1</sup> Bhí timpeall 29,000 gabháltas orgánach san AE-15 i 1993; tá sé seo méadaithe anois go dtí 140,000 nó beagán os cionn 2% de gach gabháltas feirme, a léiríonn méadú faoi ceathair ar an tréimhse 1993-2003. Léiríonn sé seo 5.7 milliún heicteár nó 3.6% de Achar Iomlán Talún Fóna (AITF) an AE-25. Mar sin féin tá difríocht mór idir tíortha, le 9.7% agus 8.1% de thalamh feirme á oibriú go horgánach san Ostair agus san Iodáil, sin beagnach dhá oiread agus atá san RA agus sa Ghearmáin le 4.3% (féach ar Fhigióir 9.5).


Is é mean toirt gabháltas feirme orgánach san AE-25 ná 40 heicteár, mar sin féin tá difríocht mór idir tíortha leis an meán toirt i bhfeirmeacha san RA timpeall 173 heicteár i gcomparáid le 16 heicteár san Ostair. Tá líon na ngabháltas orgánach is mó laistigh den AE ag an Iodáil le 44,000 nó 30% den iomlán san AE-25, á leanúint ag an Ostair le 19,000 agus an Spáinn agus an Ghearmáin le 17,000 an ceann. Tá timpeall 61% de thalamh orgánach in úsáid do fhéar agus fhodar agus is é an úsáid is tábhachtaí laistigh den AE-15 é, go mór mhór in Éirinn ar 91% agus san RA ar 75%.

<sup>1</sup> Tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh ar Fheirmeoireacht Orgánach, Fíricí agus Figióirí, Samhain 2005.

3756246527645720418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 87486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

In Éirinn tháinig méadú de 18% ar an achar talún atá in úsáid do tháirgeadh orgánach ó 2002 agus tá sé anois ar 35,266 heicteár. I 2005 bhí 1,090 oibrí orgánach in Éirinn ina raibh 978 ag táirgeadh agus bhí 112 ag próiseáil táirge orgánach.

**Figiúr 9.5 Táirgeoirí Orgánacha san AE mar % de Líon Iomlán na dTáirgeoirí Talmhaíochta san AE, 2003**



Faigheann an earnáil orgánach tacaíocht suntasach airgeadais trí SCCT agus trí Scéim Cúnaimh Dheontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt. Ó thosaigh SCCT ar dtús i 1994, tá timpeall 31 milliún faighte ag táirgeoirí orgánacha atá rannpháirteach i SCCT le os cionn €5 milliún íoctha i 2005.

Mar spreagadh breise d'fheirmeoirí atá ag breathnú le dul isteach san earnáil orgánach, cheadaigh SCCT 3 don chéad uair cuid den ghabháltas a athrú. Tá tionscnaimh eile á mheas mar chuid den phróiseas comhairleach do SCCT 4.

Forálann Scéim Chúnamh Dheontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt faoin bPlean Forbartha Náisiúnta cúnaimh deontais d'oibríthe orgánacha le haghaidh infheistíochta i dtrealamh agus in áiseanna don táirgeadh, ullmhúcháin, ghrádú, phacáil agus stóráil de tháirgí orgánacha. Tacaíonn an Scéim seo le hinfeistíocht ar an bhfeirm agus lasmuigh de. Tacaíonn an scéim seo le hinfeistíocht ar an bhfeirm, is féidir cúnaimh deontais a thabhairt do 40% den chostas suas go dtí €50,000. D'infheistíocht lasmuigh den fheirm, is féidir an cúnaimh deontais a thabhairt do suas go dtí 40% den chostas go dtí uasmhéid deontais de €500,000. Bhí toradh de €0.5 milliún ar an scéim atá stiúrtha ag éileamh i 2005.

Foilsíodh Dréacht-Rialacháin na Comhairle i Nollaig 2005 agus tiocfaidh sé in áit na reachtaíochta atá ann faoi láthair faoi Eanáir 2009. Tá sé seo mar fhreagra díreach ar na gníomhaíochtaí rialacháin atá sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach do Bhia agus Fheirmeoireacht Orgánach, a seoladh i 2004 faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach. Is é cuspóir Dréacht-reachtaíochta na Comhairle ná simpliú agus géilliúlacht iomlán a chinntiú, agus prionsabail a bhunú chun comhréiteach caighdeán a spreagadh. Tá obair ag dul ar aghaidh chomh maith ar fheachtas ar fud an AE chun eolas a chur amach faoi bhia agus fheirmeoireacht orgánach.

### 9.8 Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme

I Márta 2006 mhol an AE go foirmiúil an Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme a thug an Roinn Talmhaíochta agus Bia isteach chun cabhrú le feirmeoirí chun na riachtanais breise sa Treoir Níotráit chomhlíonadh. Is iad na príomheilimintí den Scéim nua ná:

- ráta caighdeánach deontais de 60%, a thabhairt isteach le 70% ar fáil sna contaetha i gCrios C do thithíocht ainmhithe agus stóráil sciodair, in ionad an ráta deontais de 40% roimhe seo;
- méadú san uasmhéid infheistíochta i dteideal ó €75,000 go dtí €120,000 don ghabháltas;
- leathnú na teorann ar an ioncam uasta ó 450 go dtí 650 aonad ioncaim gan aon teorainn ar ioncam á chur i bhfeidhm i gcás feirmeoirí muice agus éanlaithe;
- aon choinníoll ioncaim íosta ó fheirmeoireacht a thógáil amach as an scéim le go bhféadfadh gach feirmeoir beag páirt a ghlacadh sa scéim; agus
- an scéim a leathnú chun capaill, fianna, gabhair, muca, éanlaithe, agus muirín beacáin.

Tháinig caiteachas faoin scéim i 2005 go dtí €19.1 milliún, a thugann caiteachas iomlán faoin scéim ó tugadh isteach é i 2001 go dtí €65.9 milliún. Tá €43 milliún curtha ar fáil don Scéim athbhreithnithe sna Meastacháin don Roinn Talmhaíochta agus Bia i 2006.

### 9.9 Faoiseamh Cánach Do Infheistíocht In Áiseanna Rialaithe Truailithe

Ar mhaithe le cabhrú le feirmeoirí cloí leis an Treoir Níotráite d'fhógair an tAire Airgeadais laghdú sa tréimhse díscríofa ó 7 go dtí 3 bliana don ráta luathaithe liúntais caipitiúil atá ar fáil d'infheistíocht riachtanach chun caiteachais a tháinig as áiseanna rialaithe truailithe i rith na tréimhse ceithre bliana ag tosú ar 1 Eanáir 2005. Cuirfear an liúntas caipitiúil ar fáil ag 33.3% in aghaidh na bliana thar thréimhse díscríofa trí bliana leis an rogha chun leas a bhaint as socrú díscríofa

958482475	122362364	458248778	127459435	987189572	358797397	751197548	375837605	645016576	645763117	575606134
435720438	482375624	652764570	231857837	567358345	908635876	935356783	769837964	249283573	548617486	238212053
475603124	673665710	270418318	263071634	721023763	762056413	606346523	094325753	754601346	718537871	765436352
320586853	687568253	209584824	75 122362	364582487	781274594	359871895	723587973	975119754	837583760	503643816
535681365	172427853	654357204	384823756	246527645	702318578	375673583	459086158	769353567	837698379	642492835
657645763	120575606	134756031	246736657	710270418	318263074	634721023	763762056	413606346	523094325	754601346

níos solúbtha maidir leis an gcaiteachas cáilíochta de €31,750 nó 50% den chaiteachas cáilíochta in aon bhliain amháin. Mhéadaigh Buiséad 2006 an uasmhéid seo “liúntais comhlúthach” go dtí €50,000 do chaiteachas cáilíochta.

Tá an faoiseamh ar fáil ag feirmeoirí a théann faoin gcaiteachas caipitiúil riachtanach agus a ghlacann leis an bplean bainistíochta cothaitheach faoin Roinn Talmhaíochta agus Bia.

## 9.10 Bithbhreosla

Faightear bithbhreosla – pé acu i bhfoirm leachtach, crua nó gáis – ó bhithmhais chun bith-fhuinneamh a tháirgeadh. Tá Bithmhais déanta suas de gach saghas ábhar orgánach m.sh. ábhar plandaí agus ábhar ainmhithe. Tá astuithe i bhfad níos ísle ó bhreosla iompair athnuachana CO2 ná a gcomhionann de bhreosla iontaise agus de thoradh ar sin tá sé i bhfad níos neamhdhíobhálach don chomhshaoil leis na bithbhreoslaí is comónta le fáil i dtrí fhoirm:

- táirgtear olla phlanda fíor ghlan ó shíl olla agus is féidir é a úsáid in innill díosail athraithe;
- táirgtear bith-dhíosal ó olla fíor ghlan ó olla planda agus ó olláí eile geir agus is féidir é a úsáid gan athrú;
- is féidir bith-eatánól a tháirgeadh ó stáirse nó bharraí ginte siúcra agus ó ghrán. Tá teicneolaíocht á fhorbairt chomh maith chun bith-eatánól a tháirgeadh ó ábhair cheallalóis ar nós tuí agus adhmaid.

De réir na Treorach Bith-bhreosla 2003/30/EC ón AE caithfidh gach Ballstát, Éire san áireamh, a chinntiú go bhfuil íosmhéid de bhith-bhreosla agus breosla athnuachana eile curtha ar a margaí agus go dtaispeántar go bhfuiltear ag cloí le spriocanna dul i bhfeidhm ar an margadh 2% faoi 2005 agus 5.75% faoi 2010. I 2004 bhí sé measta go raibh ráta bith-bhreosla imithe i bhfeidhm ar an margadh timpeall 0.0003% le sprioc de 0.06% faoi Nollaig 2005.

Rinne suirbhé le déanaí ag an Irish Bioenergy Association agus Sustainable Energy Ireland i 2005 meastachán go raibh 2,025 duine fostaithe sa tionscail bith-fhuinnimh, le 325 fostaithe go díreach sa tionscail agus 1,700 ceangailte go hindíreach leis an tionscal. In iarracht d’fhonn spreagadh breise a thabhairt chun bith-bhreosla a tháirgeadh, rinneadh idirbheartaíocht scéim faoisimh Cánach Olla Mianrach (COM) a thabhairt isteach i 2003 agus seoladh é i 2005. Thug sé seo cead 8 milliún litear de bith-bhreosla a tháirgeadh saor ó dhleacht. I 2005 scrúdaigh DAF ag obair le Teagasc agus COFORD cumas bharraí fuinnimh, Bithmhais-adhmaid agus fotháirgí feirmeoireachta agus próiseáil bhia a úsáid chun bith-bhreosla a tháirgeadh. Go ginearálta, caithfidh táirgeadh barraí fuinnimh a bheith bunaithe ar éileamh agus ní bheidh táirge ag feirmeoirí marthanach go fadtéarmach ach amháin

má bhíonn an toradh níos fearr ná é seo atá le fáil ó fhiontair barraí traidisiúnta. Níl táirge bith bhreosla leachta ó bharraí fuinnimh, eacnamaíoch sa leibhéal praghas atá le fáil faoi láthair. Thug Buiséad 2006 isteach roinnt bearta chun tógáil suas bith bhreosla a mhéadú:

- leathnaíodh an COM (Cáin Olla Mianrach) chun cead a thabhairt timpeall 163 milliún litear de bith bhreosla a tháirgeadh saor ó dhleacht chánach;
- laghdú 50% ar Cháin Chláraithe Feithicle do fheithiclí solúbtha bhreosla, a bheadh ábalta oibriú ar bith-bhreosla de ghrád ard, ar feadh dhá bhliain;
- Deontais Fuinnimh athnuachana de €65 milliún do scéimeanna deontais bainteach le bith-bhreosla, téitheoir tráchtála Bithmhais agus deontais fuinnimh athnuachana baile.

Tugann scéim barraí fuinnimh a tugadh isteach i Márta 2004 cúnamh de €45 in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana do cheantair ina bhfuil barraí fuinnimh curtha. Bhí iomlán de 1,676 heicteár i dteideal i 2005 san áit go raibh Conradh idir an feirmeoir agus an próiseálaí, ach amháin sa chás go raibh an próiseáil tógtha ar láimh ag an bhfeirmeoir ar a fheirm.

## 9.11 Bithéagsúlacht

I 2004, bunaíodh aonad Bithéagsúlachta laistigh den Roinn Comhshaoil i gCaisleán Bhaile Sheonach mar riachtanas den Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta, a d’fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2002. I rith 2005, rinne an tAonad Bithéagsúlachta ranníocaíocht le hathbheithniú meántéarmach tógtha ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus rinneadar ionadú ar an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag fóram bithéagsúlacht ar nós an Ghrúpa Stiúrtha Idir-rannach faoi fheidhmiú an Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta agus ar an Stáitse Náisiúnta do Thaighde Bithéagsúlachta. Rinneadar ranníocaíocht leis an Tríú Tuarascáil Náisiúnta de chuid na Náisiún Aontaithe faoin gComhdháil ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

I rith 2006, leanfaidh an t-aonad ag obair lena chinntiú go dtógfáir ar bord riachtanais agus breithnithe nuair a bheithfear ag foirmliú polasaí agus clár talmhaíochta don Phlean Forbartha Tuaithe atá ag teacht isteach i 2007. Oibríonn an t-aonad go dlúth leis an DEHLG ar eisithe éagsúla Bithéagsúlachta, san áireamh, Gealltanais Gníomhaíochta Bithéagsúlachta chun Ranna Rialtais a spreagadh chun feabhsaithe comhshaoil a thógáil ar lámh, feabhsú bithéagsúlachta san áireamh. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag dul i mbun comhfhiontar le Network for Action on Biodiversity chun cur le luach bithéagsúlachta a n-oifigiú agus a maoin ag Caisleán Bhaile Sheonach.

# Carbidil 10 Foraoiseacht

## 10.1 Forbheathnú

Léiríonn an chaibidil seo an ranníocaíocht a dhéanann an earnáil fhoraoiseachta le gealleagar na hÉireann, a leasanna neamh-adhmaid san áireamh. D'fhás clúdach foraoise in Éirinn ó 480,000 heicteár i 1990 go thart ar 710,000 heicteár nó 10% den achar talún i 2005. Tá ceann de na clúdaigh fhoraoise is ísle san Eoraip ag Éire (féach ar Fhigiúr 10.1).

Laistigh d'Éirinn tá tábhacht na foraoise éagsúil idir na contaetha, leis an gcéatadán de chlúdach foraoise is airde sa tír i gCill Mhantáin ar 21%, le Liatroim agus An Clár ina dhiaidh ar 16% agus 15% faoi seach (féach ar Fhigiúr 10.2).


Tá maoiniú poiblí de níos mó ná €888 milliún caite ar thacú leis an plean straitéiseach reatha ó 1996 i leith, leis an gcuspóir de ranníocaíocht na hearnála foraoiseachta le folláine eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na tíre seo a thabhairt go dtí an leibhéal is airde is féidir.

## 10.2 Ranníocaíocht na Foraoiseachta don Gheilleagar


Measann an CSO go raibh 2,100 duine fostaithe i bhforaoiseacht i 2004 leis an bpróiseáil d'adhmaid freagrach as 6,363 duine breise ag tabhairt fostaíocht iomlán go 8,463, laghdú 6% ó 2003.

Athbheithniú agus Forbheathnú Bliantúil 2005/2006

Figiúr 10.1 Achar Coillearnaí mar Chéatadán den Achar Talún Iomlán i mBallstáit an AE, 2000



Figiúr 10.2 Céatadán de Chlúdach Foraoise i nGach Contae, 2005



558482475	12236236	458248778	12745943	598718957	23587973	975119754	837583760	564501657	6457631	5756061	347100
435720438	482375624	652764570	23185783	756735834	59086358	769353567	837698379	642492835	7354861	74862382	120158
475603124	673665710	270418318	263071634	472102376	376205641	360634652	30943257	537546013	467185376	871765436	3562
320586853	68756825	320958482	475 12236	236458248	77812745	943598718	957235879	739751197	54837583	6038430	16
535681365	172427853	654357204	38482375	624652764	57023185	783756735	83459086	587693535	67837698	379642492	83
657645763	120575606	134756031	24673665	710270418	31826307	634721023	76376205	541360634	65230943	576375460	1347
594359871	189572358	797397511	197548375	837605645	016576457	631205756	06134756	33124673	665710270	6231827	56
578375673	358345908	635876935	356783769	837964249	28357354	867874862	38232058	68536875	682582095	8482475	12236
716347210	237637620	564136063	465230943	325763754	601346718	537687176	54363568	136517242	78536543	720438482	3756
223623645	824877812	745943598	71895723	587973975	119754837	583760564	50165764	576312057	56061347	50312467	3665
237562465	276457023	185783756	73583459	086358769	35356783	769837964	24928357	154867874	86238232	58685368	16

Tábla 10.1 Fostaíocht i bhForaoiseacht agus Próiseáil Adhmaid, 2002-2004

	2003	2004
Foraoiseacht	2,500	2,100
Próiseáil adhmaid	6,526	6,363
Foraoiseacht agus próiseáil adhmaid iomlán	9,026	8,463

Foinse: CSO, Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghligh agus ÁTT 2004

Dar le hanailís déanta ag Peter Bacon and Associates<sup>1</sup> go dtacaíonn gach 5 post cruthaithe i bhforaoiseacht le 3 post breise in áiteanna eile sa gheilleagar. Léiríonn na comharthaí reatha go dtacaíonn foraoiseacht le thart ar 16,000 post i ngeilleagar na hÉireann. I 2004 tháinig méadú 22% ar bhreisluach comhlán phróiseáil adhmaid go €348 milliún (féach ar Thábla 10.2) le €54 milliún sa bhreis á íoc in íocaíochtaí préimhe coillteoireachta.

D’fhan an trádáil ghlan d’adhmaid diúltach i 2005 agus mhéadaigh an t-easnamh faoi 10% le bliain anuas. Chomh maith le ranníocaíocht na hearnála foraoise leis an OTI agus le fostaíocht, cuireann an earnáil leasanna suntasacha neamh-adhmaid ar fáil freisin, mar shampla úsáid fóillíochta agus áineasa, leithscaradh carbóin, bithéagsúlacht agus caomhnú. Tá luach de €88 milliún in aghaidh na bliana curtha ar na leasanna neamh-adhmaid seo (Bacon, 2004).

Tábla 10.2 Scála agus Luach na Próiseála Adhmaid, 2004

Cóid NACE	Sonraí	Líon na bhFiontar	Fostaíocht	Tuarastal (€m)	Láimhdeachas (€m)	BLC (€m)
201	Muilte Sábhadóireachta	38	1,311	36	370	114
202	Athchraiceann 7rl a dhéanamh	11	701	27	212	65
203	Siúinéireacht tógálaithe 7rl a dhéanamh	169	3,242	75	374	127
204	Soithí adhmaid	29	396	8	46	13
205	Táirgí adhmaid agus eile a dhéanamh	49	713	15	83	29
<b>Iomlán</b>		<b>296</b>	<b>6,363</b>	<b>161</b>	<b>1,085</b>	<b>348</b>

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch 2004, Meastacháin Luatha

Tábla 10.3 Allmhairí agus Onnmhairí Adhmaid, 2004-2005

	2004		2005*	
	€m	000 tonna	€m	000 tonna
Allmhairí Adhmaid	601.9	1,044.4	658.2	1,203.2
Onnmhairí Adhmaid	240.1	848.3	260.0	875.3
Trádáil Ghlan	-361.8	-196.1	-398.2	-327.9

Foinse: CSO Staitisticí Trádála, \*Sealadach

### 10.3 Spriocanna Coillteoireachta agus Tacaíochtaí Airgeadais

Tá an earnáil fhoraoiseachta tacaíthe trína plean straitéiseach reatha “Growing for the Future: A Strategic Plan for the Development of the Forestry Sector in Ireland” a foilsíodh i 1996. Is í príomhaidhm an phlean seo ná foraoiseacht a fhorbairt go scála agus i slí a uasmhéadaíonn a ranníocaíocht le folláine náisiúnta eacnamaíoch agus shóisialta ar bhonn inmharthana agus atá comhoiriúnach le cosaint an chomhshaoil. De réir an phlean i dtreo is go mbeadh foraoiseacht in ann cur le forbairt náisiúnta ar bhonn inmharthana caithfear mais chriticiúil d’adhmaid a tháirgeadh de 10 milliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana ar a

<sup>1</sup> Peter Bacon and Associates ina theannta le Deloitte (2004), *A Review and Appraisal of Ireland’s Forestry Development Strategy*.

237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796429283573548678748623823205865368756825820  
 3665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

laghad agus 12-15 milliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana de rogha. Chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ceapadh roinnt spriocanna chun achar foraoise torthúil de 1.2 milliún heicteár a bheith ann faoi 2030. Is iad na príomhspricanna ná:

- athchoillteoireacht chun an eastát táirgiúil a chothabháil tar éis leagan go glan.
- coibhneas idir coillteoireacht phoiblí agus phríobháideach de 30:70 le béim ar rannpháirtíocht fheirmeora;
- rang meán toraidh náisiúnta de 18;
- coillteoireacht bhliantúil de 25,000 heicteár in aghaidh na bliana suas le 2000 agus 20,000 ha in aghaidh na bliana sa tréimhse 2001-30;
- inchomparáideacht feabhsaithe idir tacaíthe foraoise agus tacaíthe feirme eile, SCCT ach go háirithe.


In iarracht chun bithéagsúlacht a spreagadh cuireadh sprioc leathanduilleach de 20% san áireamh chomh maith. D'ardaíodh é seo ina dhiaidh sin go 30% de phlandáil nua faoi 2006. Tá an dul chun cinn maidir le roinnt de na spriocanna seo leagtha amach thíos. Ní raibh ach 10,096 heicteár mar iomlán na coillteoireachta bliantúil i 2005 d'ainneoin go raibh maoiniú poiblí breise ar fáil. Tá dul chun cinn maith déanta ar roinnt de na cuspóirí eile áfach, leis an sprioc de 30% leathanduilleach bainte amach agus níos mó plandáil phríobháideach ná plandáil phoiblí ar siúl. Tá iomlán de 133,166 heicteár curtha sa tréimhse 1996-2005, le 91% den phlandáil déanta ag an earnáil phríobháideach (féach ar Thábla 10.5).

Tábla 10.4 Coillteoireacht (ha) Bhliantúil Phoiblí agus Phríobháideach agus % Leathanduilleach i mblianta roghnaithe ó 1996-2005

Bliain	Iomlán (ha)	Poiblí (ha)	Príobháideach (ha)	Cóimheas Poiblí: Príobháideach	% Leathanduilleach
1996	20,982	4,426	16,556	21:79	15.0%*
2000	15,696	1,465	14,231	9:91	12.9%
2004	9,739	122	9,617	1:99	28.8%
2005	10,096	64	10,032	1:99	29.7%

Foinse: RTB, Seirbhís Fhoraoise  
 \* Meastachán atá san fhigiúr seo.

Figiúr 10.3 Coillteoireacht Phoiblí, Príobháideach agus Iomlán in Éirinn, 1920-2005



Foinse: RTB, Seirbhís Fhoraoise

Tá laghdú tagtha ar an gcéatadán de thalamh foraoise i seilbh an stáit faoi choimirce Choillte Teoranta ó 65% i 1996 go 56% i 2005 toisc go bhfuil an chuid is mó den phlandáil nua á dhéanamh anois ag an earnáil phríobháideach. Tá méadú suntasach de 28% i bplandáil leathanduilleach ó 1996 a léiríonn an struchtúr tacaíochta athbhreithnithe do phlandáil dá leithéid.

Tá maoiniú poiblí suntasach laistiar de straitéis fhoraoise na hÉireann le beagnach €111 milliún á chaitheamh ar scéimeanna foraoise i 2005. (féach ar Thábla 10.6) Déantar miondéalú ar seo mar €27 milliún ar dheontais choillteoireachta den chéad tráthchuid, €12 milliún ar dheontais choillteoireacht den dara tráthchuid, €58 milliún ar íocaíochtaí préimhe coillteoireachta agus €14 milliún ar thacaíochtaí eile do thionscadail fhorbartha choillearnaí agus fhoraoiseachta. Tá sé seo léirithe trí mhéadú 9% ar leibhéal chaiteachais na bliana 2004. Tá iomlán de €129.3 milliún i maoiniú caipitiúil leithroinnte do chlár fhoraoiseachta i 2006.

Bhí an caiteachas iomlán ar phrímheanna foraoise agus dheontais choillteoireachta don tréimhse 1996-2005 mar beagnach €888 milliún le caiteachas iomlán ag méadú bliain ar bhliain agus é beagnach dúbailte thar an tréimhse 1996-2005.

## 10.4 Athbhreithniú agus Forbairtí san Earnáil Fhoraoiseachta

### Leasanna Adhmaid agus Neamh-Adhmaid

Go luath i 2004 d'údarigh an tAire Talmhaíochta agus Bia athbhreithniú agus luacháil neamhspleách den straitéis fhoraoiseachta 1996. Thug Peter Bacon and Associates faoin staidéar agus foilsíodh é i Meán Fómhair 2004. Rinne

58482475 1223623645824877812745943598718957235879739751197548375837605645016576457631157560613471000  
 43572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983756424928357354861748623823201500  
 475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325753754601346718537187176543635000  
 32058685368756825320958482475 1223623645824877812745943598718957235879739751197548375837605645016576457631157560613471000  
 5356813651724278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354861748623823201500  
 657645763120575606134710270418318263071634721023763762056413606346523094325753754601346718537187176543635000

Tábla 10.5 Úinéireacht Fhoraoise in Éirinn agus Meascán de Speiceas (ha), 1996 agus 2005

	1996			2005		
	lomlán	Poiblí	Príobháideach	lomlán	Poiblí	Príobháideach
<b>lomlán</b>	596,088	386,646	209,441	709,263	397,675	311,588
Buaircíneach don chuid is mó	456,892	361,546	95,345	549,063	371,215	177,848
Leathanduilleach don chuid is mó	70,846	8,200	65,646	90,850	9,060	81,790
Foraois Mheasctha	28,350	10,800	17,550	28,350	10,800	17,550
Talamh Coillearnaí Eile	40,000	6,100	33,900	41,000	6,600	34,400

Foinse: RTB Seirbhís Fhoraoise

Tábla 10.6 Caiteachas Bliantúil ar Phrémheanna agus Deontais Choillteoireachta i mblianta roghnaithe ó 1996-2005

Bliain	Caiteachas lomlán (€m)	Clár Coillteoireachta lomlán (€m)	1ú Tráthchuid (€m)	2ú Tráthchuid (€m)	Prémheanna Coillteoireachta (€m)	Scéim Tacaíochta Foraoise Struchtúrach (€m)
1996	61.3	48.7	n.a	n.a	n.a	12.6
2000	98.4	74.3	33.7	10.9	29.7	24.2
2004	102.0	89.9	25.2	10.7	54.1	12.0
2005	110.8	97.0	26.9	12.0	58.1	13.8

Foinse: RTB Seirbhís Fhoraoise

tuarascáil na gcomhairleoirí dar teideal “A Review and Appraisal of Ireland’s Forestry Development Strategy” réamh-mheastachán do tháirgeadh adhmaid don todhchaí agus luaigh sé arís an gá leis an sprioc choillteoireachta reatha de 20,000 heicteár in aghaidh na bliana a choinneáil. Tá sé seo bunaithe ar an ngá le mais adhmaid chriticiúil chun tionscal próiseála iomaíoch a chothabháil sa todhchaí. Dúirt an tuarascáil go mbeadh an glanluach reatha (GLR) de chlár coillteoireachta do 13,000 heicteár in aghaidh na bliana a mhaoiniú go dtí 2035, le híslíú go nialas ó 2040 agus gan aon athrú ar mheicníocht tacaíochta, sa réigiún de €2.52 billiún. Nuair a ardaíodh na rátaí plandála foraoise go 20,000 heicteár in aghaidh na bliana suas le 2035 áfach, d’ardaigh an GLR de riachtanais mhaoinithe go €3.5 billiún. Rinne an tuarascáil na leasanna neamh-adhmaid a scrúdú freisin, sábháil féideartha don stát ó laghdúithe in astuithe gáis cheaptha teasa ach go háirithe.

In iarracht chun feabhas a chur ar na leasanna féideartha neamh-adhmaid a sholáthraíonn an earnáil fhoraoiseachta, choimisiúnaigh Coillte, i gcomhar le Comhairle Spóirt na hÉireann, na comhairleoirí eacnamaíochta Fitzpatrick Associates, chun tuarascáil a chur ar fáil<sup>3</sup> a aithneodh agus

a chainníochtódh na leasanna socheacnamaíochta d’áineas coillearnaí agus foraoise in Éirinn. Chuir sé luach eacnamaíoch de thart ar €503 milliún ar áineas foraoise in Éirinn. Tá sé seo roinnte idir chuariteoirí intíre na foraoise (€268 milliún) agus turasóirí a thagann thar sáile ar thrusanna siúil agus rothaíochta ag €138 million le luach neamh-mhargaidh an áineasa foraoise luacháilte ag €97 milliún<sup>4</sup>. Maidir le leithscaradh carbóin meastar go bhfuil sé de chumas ag foraoisí plándaithe ó 1990 i leith thart ar €23-30 milliún a shábháil d’Éirinn thar an tréimhse geallta 2008-2012.

### Scéim Íocaíochta Singil

Ó foilsíodh tuarascáil Bacon, tharla roinnt eachtraí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an earnáil fhoraoiseachta. Mar shampla tugadh isteach an Scéim Íocaíochta Singil (SIS) agus aontaíodh ar Rialachán Forbartha Tuaithe nua, a bhunaíonn an bonn tacaíochta don earnáil fhoraoiseachta don tréimhse 2007-2013. Maidir leis an SIS aontaíodh ar mhaolú a ligeann do choillteoirí feirme a dteidil SIS iomlána a chomhtháthú thar íosmhéid de 50% den mheán achar dearbhairthe le linn na tréimhse tagartha. Bainfidh sé seo le feirmeoirí a rinne plandáil le linn na tréimhse tagartha nó ina dhiaidh sin

3 Fitzpatrick Associates Economic Consultants, Meán Fómhair 2005

4 Léiríonn sé seo luach airgeadúil an leasa faibhrithe d’úsáideoirí na foraoise, ar leith ó leasanna a gcuid chaiteachais.

23756246527645720418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543635681365172427853654  
 756825820958482475 12236236458248778127459435987189572358797397511975483758376056450165764576312057560613  
 24278536543572043848237562465276457023185783756735834590863587693535678376983796424928357354867874862382  
 057560613475603124673665710270418318263071634721023763762056413606346523094325763754601346718537687176543  
 37486238232058685368756825820958482475 122362364582487781274594359871895723587973975119754837583760564501

chomh fada agus a leanann siad ag feirmeoireacht ar 50% ar a laghad den mheán achar dearbhaithe le linn na tréimhse tagartha.

### Rialachán Forbartha Tuaithe Nua

I Meitheamh 2005, aontaíodh ar Rialachán Forbartha Tuaithe nua ag an gComhairle Talmhaíochta. Beidh sé seo mar bhunús do thacaíochtaí don earnáil fhoraoiseachta don tréimhse 2007-2013. Mhol an chéad dréacht laghdú i gcúnamh do chostais choillteoireachta ó 100% go dtí 40% le huasíocaíocht phréimhe de €500 in aghaidh an heicteáir (€150/ha do neamh-fheirmeoirí), agus laghdú sa tréimhse íocaíochta préimhe ó 20 go 10 bliain. Bheadh impleachtaí suntasacha ag laghdú dá leithéid do phlandáil choillteoireachta nua in Éirinn. I ndiaidh idirbheartaíochta fada agus dian socraíodh ar thoradh i bhfad níos fearr:

- deontais bhunaithe socraithe ag 80% i gCeantair Mífhabhracha agus 70% i ngach ceantar eile;
- tréimhse íocaíochta préimhe socraithe ag 15 bliain;
- ráta préimhe uasta socraithe ag €700 in aghaidh an heicteáir.

Tá sé de rogha ag Ballstáit deontais bhunaithe sa bhreis a thabhairt más mian leo. Mar thoradh na forbairtí thuas, tabharfaidh grúpa stiúrtha ardleibhéil roghanna polasaí chun an earnáil fhoraoiseachta a fhorbairt sa toadhcháí faoi bhráid an Aire Talmhaíochta agus Bia i 2006.

### Athbhreithniú ar an bhFaoiseamh Cánach do Bhrabús nó Ghnóthachain ó Choillearnacha faoi Bhainistiú Tráchtála

Tugadh faoi athbhreithniú inmheánach ar scéimeanna cánacha áirithe le linn 2005, i ndiaidh fógra ag an Aire Airgeadais i mBuiséad 2005. Rinneadh scrúdú ar an scéim faoisimh cánach do bhrabús agus ghnóthachain ó choillearnacha faoi bhainistiú tráchtála<sup>6</sup> leis an gcomhaidhm de chuspóir na scéime reatha a bhunú agus d'fháil amach cibé an bhfuil costas nó sochar glan ag an ngeilleagar mar thoradh ar fheidhmiú na scéime. Ba iad príomhthorthaí an athbhreithnithe ná go raibh an aidhm

nó cuspóir ar leith den fhaoiseamh a bhronnadh ná tacú le polasaí foraoiseachta an rialtais go ginearálta agus gur féidir a thaispeáint go raibh costas glan ar an sochaí ón bhfaoiseamh a fheidhmiú thar an tréimhse i gceist.

Cé go raibh costas iomlán an fhaoisimh ríofa mar €5 milliún in aghaidh na bliana thar an tréimhse chúig bliana 2000–2004, meastar go ginfidh an faoiseamh leasanna eacnamaíochta dearfa sa toadhcháí agus mar sin gur chóir é a choinneáil san fhormáid reatha. Cúis amháin le seo ná go mbraitheann Coillte agus rialtas na hÉireann ar an earnáil phríobháideach chun spriocanna plandála don toadhcháí a bhaint amach agus d'infheistíocht fhoraoiseachta.

### 10.5 Fardal Foraoise Náisiúnta

In iarracht chun planáil straitéiseach agus déanamh polasaí a fheabhsú a thuilleadh laistigh den tSeirbhís Fhoraoise sa Roinn Talmhaíochta agus Bia, tá roinnt tionscadail i bhfeidhm faoi láthair:

- tá suirbhé staitistiúil tosaithe ar fhoraoisí faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon dar teideal an Fardal Foraoise Náisiúnta (FFN). Cuirfidh sé seo ar chumas Éireann éilimh náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh do shonraí ar chomhdhéanamh Fhoraoisí na hÉireann. Tá na héilimh seo ag dul i méid le blianta beaga anuas leis an teacht de Bhainistiúcht Fhoraoise Inchothaithe, an Prótacal Kyoto agus an Caihdeán Náisiúnta Foraoise. Baileoidh an fardal eolas ar speiceas crainn, déanfaidh sé meastóireacht ar líon na stoc, aithneoidh sé an láithreach nó neamhláithreach de lotnaidí agus ghalair, déanfaidh sé scrúdú ar bhithéagsúlacht agus déanfaidh sé struchtúir na hithreach a mheas. Tá iomlán de 1,800 suíomh samplach roghnaithe agus déanfar scrúdú orthu agus déanfaidh na foirne allamuigh taifeadadh ar na sonraí. Ag deireadh 2005 rinneadh scrúdú agus taifeadadh ar 1,000 de na suíomh seo. Cuirfear críoch leis an obair allamuigh agus an taifeadadh le linn an tsamhraidh 2006 ar na suíomh shamplacha agus déanfar na sonraí bailithe ó na suíomh go léir a phróiseáil;

Tábla 10.7 Costas/Sochar Glan de Fhaoiseamh Coillearnaí, 2000-2004

	2000 €'000	2001 €'000	2002 €'000	2003 €'000	2004 €'000	Iomlán €'000	Meán €'000
Cáin Iomlán Tharscaoilte	8,544	7,871	8,125	9,789	9,187	43,516	8,703
Sochar Iomlán Lúide Marbhualach	2,686	2,784	3,410	3,618	6,096	18,594	3,719
Costas/Sochar Glan	-5,858	-5,087	-4,715	-6,171	-3,091	-24,922	-4,984

Foinse: An Roinn Airgeadais, *Budget 2006 Review of Certain Schemes*

6 An Roinn Airgeadais, Feabhra 2006.

958482475	12236236	458248778	12745943	598718957	235879739	751197548	37583760	56450165	76457631	5756061	347300
435720438	482375624	65276457	023185783	75673583	459086358	76935356	783769837	56424928	35735486	7486238	22058
47560312	46736657	10270418	31826307	16347210	23763762	05641360	63465230	943257	5375460	134671	85376
32058685	36875682	53209584	82475	122362	3645824	877812	745943	5987189	5723587	973975	119754
53568136	5172427	85365435	720438	482375	624652	764570	231857	837567	358345	90863	587693
6576457	6312057	5606134	756031	246736	657102	704183	182630	716347	210237	637620	541360

- tá iocaíocht bunaithe ar léarscáil á fhorbairt ag an Seirbhís Fhoraoise chomh maith le córas eolais darbh ainm Integrated Forest Information System (IFORIS). éascóidh IFORIS iocaíocht níos tapúla de dheontais agus phréimheanna agus faoi dheireadh stóráil sé réimse mhór de shonraí maidir leis an foraoisí;
- i gcónasc le seo, tá athbhreithniú á dhéanamh ar timpeall 30,000 comhad d'fhonn eolas breise de chineál-fardail a fháil maidir le foraoiseacht atá fortaithe ag deontas.

## 10.6 Bithmhais agus Fuinneamh Athnuachana

